Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 9 Aibreán 2019
(OR. en)

8052/19

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2018/0210(COD)**

**CODEC 830**
**PECHE 154**
**CADREFIN 201**
**PE 144**

**NÓTA FAISNÉISE**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 508/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle<br>- Toradh an chéad léamh ag Parlaimint na hEorpa<br>(An Bhruiséil,an 3 go dtí an 4 Aibreán 2019) |

## I. RÉAMHRÁ

Thíolaic an rapóirtéir, Gabriel MATO (PPE, ES), tuarascáil ar an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 508/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle. Bhí 275 leasú ar an togra sa tuarascáil. Ina theannta sin, chuir na grúpaí polaitiúla seo a leanas leasuithe síos (leasuithe 276-324): S&D, GUE/NGL, Verts/ALE agus ALDE. Tarraingíodh siar leasuithe 294-299 agus leasú 319.

## II. VÓTÁIL

Caitheadh vóta ag an seisiún iomlánach ar an 4 Aibreán 2019 agus glacadh leasuithe 1, 2, 4-8, 10-31, 33-83, 85, 87-94, 96-112, 114-134, 136, 137, 139-141, 143-155, 157-218, 220, 222-275, 276, 277, 279, leasú 280 an chéad chuid, agus leasuithe 281, 283, 287, 291, 300, 301, 306-308, 311, 312, 317, 321, agus 323.

Is é atá sa togra ón gCoimisiún mar a leasaíodh é an seasamh ón bParlaimint ar an gcéad léamh atá le fáil ina rún reachtach mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis seo[1].

---

[1] Rinneadh an leagan sin den seasamh ón bParlaimint atá le fáil sa rún reachtach a mharcáil chun na hathruithe a tháinig de bharr na leasuithe a rinneadh ar an togra ón gCoimisiún a léiriú. Is le ***cló trom agus cló iodálach*** a léirítear aon ní a cuireadh leis an téacs ón gCoimisiún. Léirítear téacs a scriosadh leis an tsiombail " ▌ ".

## An Ciste Eorpach Muirí agus Iascaigh ***I

**Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 4 Aibreán 2019 ar an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 508/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (COM(2018)0390 – C8-0270/2018 – 2018/0210(COD))**

**(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)**

*Tá Parlaimint na hEorpa*,

– ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2018)0390),

– ag féachaint d'Airteagal 294(2) agus d'Airteagal 42, Airteagal 43(2), Airteagal 91(1), Airteagal 100(2), Airteagal 173(3), Airteagal 175, Airteagal 188, Airteagal 192(1), Airteagal 194(2), Airteagal 195(2) agus Airteagal 349 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a thíolaic an Coimisiún an togra do Pharlaimint na hEorpa (C8-0270/2018),

– ag féachaint d'Airteagal 294(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

– ag féachaint do thuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa an 12 Nollaig 2018[2],

– ag féachaint do thuairim ó Choiste na Réigiún an 16 Bealtaine 2018[3],

– ag féachaint do Riail 59 dá Rialacha Nós Imeachta,

– ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Iascach agus na tuairimí ón gCoiste um Buiséid, ón gCoiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia agus ón gCoiste um Fhorbairt Réigiúnach (A8-0176/2019),

1. ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh faoi mar a leagtar amach anseo ina dhiaidh seo;

2. á iarraidh ar an gCoimisiún an t-ábhar a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa arís má dhéanann sé téacs eile a chur in ionad a thogra, má dhéanann sé a thogra a leasú go substaintiúil nó má tá sé ar intinn aige a thogra a leasú go substaintiúil;

3. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

---

2 IO C 110, 22.3.2019, lch. 104.
3 IO C 361, 5.10.2018, lch. 9.

**Leasú 1**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Teideal**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Togra le haghaidh | Togra le haghaidh |
| RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE | RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE |
| maidir leis an Ciste Eorpach Muirí ***agus*** Iascaigh lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 508/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle | maidir leis an Ciste Eorpach Muirí***,*** Iascaigh ***agus Dobharshaothraithe*** lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 508/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle |
| | *(Tá feidhm ag an leasú seo ar fud an téacs agus tá feidhm aige freisin in athrú an ghiorrúcháin ó CEMI go CEMID. Má ghlactar leis is gá athruithe comhfhreagracha a dhéanamh tríd síos.)* |

**Leasú 276**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (1) Is gá Ciste Eorpach Muirí agus Iascaigh (CEMI) a bhunú don tréimhse 2021-2027. Ba cheart é a bheith mar aidhm leis an gciste sin cistiú ó bhuiséad an Aontais a dhíriú ar thacaíocht a thabhairt don Comhbheartas Iascaigh (CBI), do bheartas muirí an Aontais agus do ghealltanais idirnáisiúnta an Aontais i dtaca le rialachas aigéan. Is áis thábhachtach é an cistiú sin le haghaidh iascaigh inbhuanaithe ***agus*** chaomhnú acmhainní bitheolaíocha na mara, le haghaidh na slándála bia trí bhíthin earraí bia mara a sholáthar, le haghaidh fás geilleagair ghoirm inbhuanaithe agus le haghaidh farraigí agus | (1) Is gá Ciste Eorpach Muirí agus Iascaigh (CEMI) a bhunú don tréimhse 2021-2027. Ba cheart é a bheith mar aidhm leis an gciste sin cistiú ó bhuiséad an Aontais a dhíriú ar thacaíocht a thabhairt do ***chur chun feidhme an*** Chomhbheartais Iascaigh (CBI), ***agus na Treorach Réime um Straitéis Mhuirí***, do bheartas muirí an Aontais agus do ghealltanais idirnáisiúnta an Aontais i ngort an rialachais aigéan. Is áis thábhachtach é an cistiú sin le haghaidh iascaigh inbhuanaithe***, lena n-áirítear*** caomhnú acmhainní bitheolaíocha na mara ***agus gnáthóga, le haghaidh dobharshaothrú inbhuanaithe***, le |

| | |
|---|---|
| aigéin atá sláintiúil, sábháilte, slán, glan agus a ndéantar bainistiú inbhuanaithe orthu. | haghaidh na slándála bia trí bhíthin earraí bia mara a sholáthar**,** le haghaidh fás geilleagair ghoirm inbhuanaithe***, le haghaidh rathúnas agus comhtháthú eacnamaíoch agus sóisialta i bpobail iascaireachta agus dobharshaothraithe*** agus le haghaidh farraigí agus aigéin atá sláintiúil, sábháilte, slán, glan a ndéantar bainistiú inbhuanaithe orthu. ***Ba cheart go mbeadh tacaíocht faoi CEMI ina rannchuidiú le freastal ar riachtanais tairgeoirí agus tomhaltóirí araon.*** |

**Leasú 4**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(1a) ag leagan béime ar a seasamh gur cheart méadú suntasach a dhéanamh, ar bhonn Chomhaontú Pháras, ar an gcaiteachas cothrománach a bhaineann leis an aeráid i gcomparáid leis an gcaiteachas faoin gCreat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI) reatha agus gur cheart 30 % a bhaint amach a luaithe is féidir agus faoi 2027 ar a dhéanaí.*** |

**Leasú 5**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 1 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(1b) An 14 Márta 2018 agus an 30 Bealtaine 2018, chuir Parlaimint na hEorpa béim ina rúin maidir le CAI 2021-2027 ar an tábhacht atá le prionsabail*** |

| | |
|---|---|
| | ***chothrománacha ar cheart iad a bheith mar bhonn taca do CAI 2021-2027 agus do beartais ghaolmhara uile an Aontais. Sa chomhthéacs sin, d'athdhearbhaigh Parlaimint na hEorpa a seasamh nach mór don Aontas a ghealltanas a chomhlíonadh maidir le bheith ina cheann feadhna i gcur chun feidhme Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SPInna) na Náisiún Aontaithe agus chuir sí in iúl gur údar imní di an easpa tiomantas soiléir agus follasach chuige sin i dtograí an chreata airgeadais ilbhliantúil; d'iarr Parlaimint na hEorpa, dá bhrí sin, go ndéanfaí na SPInna a phríomhshruthú i mbeartais uile an Aontais agus i dtionscnaimh uile an chéad CAI eile. De bhreis air sin, d'athdhearbhaigh sí nach féidir Aontas níos láidre agus níos uaillmhianaí a bhaint amach mura dtugtar acmhainní airgeadais breise dó; D'iarr Parlaimint na hEorpa, dá bhrí sin, go dtabharfaí tacaíocht leanúnach do bhearta atá ann cheana, go háirithe na bearta seanbhunaithe a chumhdaítear sna Conarthaí, eadhon an comhbheartas talmhaíochta agus CBI, agus an beartas comhtháthaithe, mar go gcuireann siad buntáistí follasacha ar fáil do shaoránaigh an Aontais.*** |

**Leasú 6**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 1 c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(1c) Ina rún an 14 Márta 2018, leag Parlaimint na hEorpa béim ar an tábhacht shocheacnamaíoch agus éiceolaíoch atá le hearnáil na hiascaireachta, an timpeallacht mhuirí agus an 'geilleagar gorm' agus a rannchuidiú le neamhspleáchas bia inbhuanaithe an Aontais maidir le hinbhuanaitheacht iascaigh agus*** |

***dhobharshaothrú na hEorpa a áirithiú agus an tionchar ar an gcomhshaol a mhaolú. Sa bhreis air sin, d'iarr Parlaimint na hEorpa go ndéanfaí na méideanna sonracha a leithdháiltear ar iascaigh faoi CAI reatha a choinneáil agus, sa mhéid go ndéanfaí spriocanna nua maidir le hidirghabháil sa gheilleagar gorm a phleanáil, d'iarr sí go mbeadh méadú ar na leithreasaí airgeadais a bheadh ann do ghnóthaí muirí.***

**Leasú 7**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 1 d (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(1d) Thairis sin, ina rúin an 14 Bealtaine 2018 agus an 30 Bealtaine 2018 maidir le CAI 2021-2027, chuir Parlaimint na hEorpa i bhfáth go bhfuil sé ríthábhachtach an t-idirdhealú a chomhrac chun gealltanais an Aontais i dtreo Eoraip uilechuimsitheach a chomhlíonadh, agus dá bhrí sin, gur cheart gealltanais i dtaca le príomhshruthú inscne agus comhionannas inscne a áireamh i mbeartais agus tionscnaimh uile an Aontais faoi chuimsiú an chéad CAI eile.*** |

**Leasú 8**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 1 e (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(1e) Ba cheart go dtabharfaidh CEMI tús áite don tacaíocht d'iascaigh ar mhionscála chun dul i ngleic le saincheisteanna sonracha sa roinn sin agus tacú le bhainistíocht áitiúil,*** |

***inbhuanaithe ar na hiascaigh lena mbaineann agus ar fhorbairt pobal cósta.***

**Leasú 277**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (2) Mar ghníomhaí domhanda aigéan agus an cúigiú táirgeoir bia mara is mó ar domhan, tá freagracht mhór ar an Aontas na haigéin agus na hacmhainní atá iontu a chosaint, a chaomhnú agus a úsáid go hinbhuanaithe. Go deimhin tá sé ríthábhachtach na farraigí agus na haigéin a chaomhnú do dhaonra an domhain atá ag fás go mear. Is chun leas socheacnamaíoch an Aontais é freisin: cuirfidh geilleagar gorm inbhuanaithe borradh faoi infheistíochtaí, faoin bhfostaíocht agus faoin bhfás, cothóidh sé taighde agus nuálaíocht agus cuirfidh sé le cinnteacht an tsoláthair fuinnimh trí fhuinneamh an aigéin. Ina theannta sin, tá farraigí agus aigéin shábháilte dhaingne riachtanach maidir le rialú éifeachtach a dhéanamh ag teorainneacha agus maidir leis an gcomhrac domhanda in aghaidh na coireachta muirí, agus mar sin, tugtar aghaidh ar cheisteanna a bhaineann le slándáil saoránach. | (2) Mar ghníomhaí domhanda aigéan ***a bhfuil an limistéar muirí is mó ar domhan aige nuair a chuirtear na réigiúin is forimeallaí agus na tíortha agus críocha thar lear san áireamh, feasta***, is é an tAontas an cúigiú táirgeoir bia mara is mó ar domhan ***agus*** tá freagracht mhór ***air*** na haigéin agus na hacmhainní atá iontu a chosaint, a chaomhnú agus a úsáid go hinbhuanaithe. Go deimhin tá sé ríthábhachtach na farraigí agus na haigéin a chaomhnú do dhaonra an domhain atá ag fás go mear. Is chun leas socheacnamaíoch an Aontais é freisin: cuirfidh geilleagar gorm inbhuanaithe ***a fhorbróidh laistigh de theorainneacha éiceolaíocha*** borradh faoi infheistíochtaí, faoin bhfostaíocht agus faoin bhfás, cothóidh sé taighde agus nuálaíocht agus cuirfidh sé leis an tslándáil fuinnimh trí fhuinneamh an aigéin. Ina theannta sin, tá farraigí agus aigéin shábháilte agus dhaingne bunriachtanach maidir le rialú éifeachtach a dhéanamh ag teorainneacha agus maidir leis an gcomhrac domhanda in aghaidh na coireachta muirí, agus tugtar aghaidh, ar an gcaoi sin, ar údair imní na saoránach i dtaobh na slándála. |

**Leasú 10**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(2a) Le hiascaigh inbhuanaithe agus dobharshaothrú uisce sáile agus fionnuisce, rannchuidítear go mór le slándáil bia an Aontais, cothabháil agus cruthú post iargúlta agus caomhnú na timpeallachta nádúrtha agus, go háirithe, an bhithéagsúlacht. Ba cheart gurb iad tacaíocht agus forbairt na n-earnálacha iascaigh agus dobharshaothraithe príomhchúram an chéad bheartas iascaigh eile de chuid an Aontais.*** |

**Leasú 11**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (5) Faoi bhainistíocht dhíreach, ba cheart do CEMI sineirgí agus comhlántachtaí a fhorbairt le cistí agus le cláir ábhartha eile de chuid an Aontais. Ba cheart dó maoiniú a cheadú freisin i bhfoirm ionstraimí airgeadais mar chuid d'oibríochtaí measctha arna gcur chun feidhme i gcomhréir le Rialachán (AE) xx/xx ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [an Rialachán maidir le InvestEU][5]. | (5) Faoi bhainistíocht dhíreach, ba cheart do CEMI sineirgí agus comhlántachtaí a fhorbairt le cistí agus le cláir ábhartha eile de chuid an Aontais ***mar aon le sineirgí idir na Ballstáit agus na réigiúin***. Ba cheart dó maoiniú a cheadú freisin i bhfoirm ionstraimí airgeadais mar chuid d'oibríochtaí measctha arna gcur chun feidhme i gcomhréir le Rialachán (AE) xx/xx ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [an Rialachán maidir le InvestEU][5]. |
| [5] IO L […], […], lch. […]. | [5] IO L […], […], lch. […]. |

**Leasú 12**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 6**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (6) Ba cheart tacaíocht faoi CEMI a úsáid chun aghaidh a thabhairt, ar bhealach comhréireach, ar theipeanna margaidh nó ar chásanna infheistíochta fo-optamacha ***agus níor cheart, de dheasca na tacaíochta sin, maoiniú príobháideach a dhúbailt ná a phlódú ná níor cheart an iomaíocht a shaobhadh sa mhargadh inmheánach. Ba cheart*** breisluach Eorpach ***soiléir a bheith ag baint leis an tacaíocht.*** | (6) Ba cheart tacaíocht faoi CEMI a úsáid chun aghaidh a thabhairt, ar bhealach comhréireach, ar theipeanna margaidh nó ar chásanna infheistíochta fo-optamacha, ***lena rannchuideofar le hioncaim mhéadaithe ón iascaireacht, cur chun cinn poist le cearta san earnáil, praghsanna córa ráthaithe do tháirgeoirí,*** breisluach ***fheabhsaithe ón iascaireacht, agus tacaíocht do ghníomhaíochtaí gaolmhara a fhorbairt, go réamhtheachtach agus go hiartheachtach ón iascaireacht***. |

**Leasú 13**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 7**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (7) Ba cheart na cineálacha maoinithe agus na modhanna cur chun feidhme faoin Rialachán seo a roghnú ar bhonn an chumais atá iontu na tosaíochtaí a leagtar amach i gcomhair na ngníomhaíochtaí a ghnóthú agus torthaí a bhaint amach, ag cur san áireamh chostais na rialuithe, an ualaigh riaracháin agus an riosca neamhchomhlíonta ***a bhfuiltear ag súil leis***. Ba cheart úsáid cnapshuimeanna, rátaí comhréidhe agus costas aonaid a chur san áireamh leis sin, chomh maith le maoiniú nach bhfuil baint aige le costais dá dtagraítear in Airteagal 125(1) de Rialachán (AE) [an Rialachán maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais]. | (7) Ba cheart na cineálacha maoinithe agus na modhanna cur chun feidhme faoin Rialachán seo a roghnú ar bhonn an chumais atá iontu na tosaíochtaí a leagtar amach i gcomhair na ngníomhaíochtaí a ghnóthú agus torthaí a bhaint amach, ag cur san áireamh chostais na rialuithe, an ualaigh riaracháin agus an riosca neamhchomhlíonta. Ba cheart úsáid cnapshuimeanna, rátaí comhréidhe agus costas aonaid a chur san áireamh leis sin, chomh maith le maoiniú nach bhfuil baint aige le costais dá dtagraítear in Airteagal 125(1) de Rialachán (AE) [an Rialachán maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais]. |

**Leasú 14**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 8**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| (8) Foráiltear sa ***chreat airgeadais ilbhliantúil*** a leagtar amach i Rialachán (AE) xx/xx[6] nach mór do bhuiséad an Aontais leanúint de thacaíocht a chur ar fáil do bheartais mhuirí agus do bheartais iascaigh. Ba cheart ***gurbh ionann méideanna*** buiséid CEMI, ***ag praghsanna reatha, agus EUR 6 140 000 000.*** Ba cheart acmhainní ***CEMI*** a roinnt idir bainistíocht chomhroinnte, dhíreach agus indíreach. Ba cheart ***EUR 5 311 000 000*** a leithdháileadh ar thacaíocht faoin mbainistíocht chomhroinnte agus ***EUR 829 000 000*** ar thacaíocht faoin mbainistíocht dhíreach agus indíreach. D'fhonn cobhsaíocht a áirithiú, go háirithe i ndáil le cuspóirí CBI a bhaint amach, ba cheart an sainiú ar leithdháiltí náisiúnta faoin mbainistíocht chomhroinnte don tréimhse phleanála 2021-2027 a bhunú ar scaireanna CEMI 2014-2020. Ba cheart méideanna ar leith a choimeád do na réigiúin is forimeallaí, i gcomhair rialú agus forfheidhmiú, chun sonraí a bhailiú agus a phróiseáil le haghaidh bainistíocht iascaigh agus chun críocha eolaíocha, agus ba cheart uasteorainn a chur leis na méideanna le haghaidh scor buan agus scor ***sealadach*** de ghníomhaíochtaí iascaireachta. | (8) Foráiltear ***i CAI*** a leagtar amach i Rialachán (AE) xx/xx[6] nach mór do bhuiséad an Aontais leanúint de thacaíocht a thabhairt do bheartais mhuirí agus do bheartais iascaigh. Ba cheart ***méadú 10 % ar a laghad a bheith ar*** bhuiséad CEMI ***i dtaca le CAI 2014-2020 CEMI.*** Ba cheart ***a*** acmhainní a roinnt idir bainistíocht chomhroinnte, dhíreach agus indíreach. Ba cheart ***87 %*** a leithdháileadh ar thacaíocht faoin mbainistíocht chomhroinnte agus ***13 %*** ar thacaíocht faoin mbainistíocht dhíreach agus indíreach. D'fhonn cobhsaíocht a áirithiú, go háirithe i ndáil le cuspóirí CBI a bhaint amach, ba cheart an sainiú ar leithdháiltí náisiúnta faoin mbainistíocht chomhroinnte don tréimhse phleanála 2021-2027 a bhunú ar scaireanna CEMI 2014-2020. Ba cheart méideanna ar leith a choimeád do na réigiúin is forimeallaí, i gcomhair rialaithe agus forfheidhmithe, chun sonraí a bhailiú agus a phróiseáil le haghaidh bainistíocht iascaigh agus chun críocha eolaíocha, ***cosaint agus athbhunú bhithéagsúlacht agus éiceachórais na mara agus an chósta agus eolas muirí,*** agus ba cheart uasteorainn a chur leis na méideanna le haghaidh scor buan agus scor sealadach de ghníomhaíochtaí iascaireachta ***agus le haghaidh infheistíochtaí i soithigh***. |
| [6] IO L […], […], lch. […]. | [6] IO L […], […], lch. […]. |

**Leasú 15**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 8 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(8a) Maidir le tábhacht na hearnála dobharshaothraithe, ba cheart leibhéal chistí an Aontais don earnáil agus, go háirithe, do dhobharshaothraithe fionnuisce a choinneáil ar an leibhéal atá socraithe don tréimhse bhuiséadach reatha.*** |

**Leasú 16**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 9**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (9) Tá breis agus 5 milliún duine fostaithe in earnáil mhuirí na hEorpa agus gineann sin beagnach EUR 500 billiún in aghaidh na bliana, agus tá poitéinseal san earnáil chéanna i bhfad níos mó post a chruthú. Meastar gurb é EUR 1.3 trilliún an luach ar aschur an gheilleagair dhomhanda aigéan, agus d'fhéadfadh sé sin a bheith breis agus a dhá oiread ní ba mhó faoi 2030. An gá spriocanna $CO_2$ a bhaint amach, éifeachtúlacht acmhainní a mhéadú agus lorg ***an*** gheilleagair ghoirm ar an gcomhshaol a laghdú, is mór an spreagadh a bhí sa ghá sin don nuálaíocht in earnálacha eile amhail an trealamh muirí, an tógáil long, an bhreathnóireacht aigéan, an dreidireacht, an chosaint chósta agus an tógáil mhuirí. Rinne cistí struchtúracha an Aontais, go háirithe Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE) agus CEMI, infheistíocht sa gheilleagar muirí. ***Ní mór*** uirlisí nua infheistíochta, amhail InvestEU, a úsáid chun poitéinseal fáis na hearnála a shásamh. | (9) Tá breis agus 5 milliún duine fostaithe in earnáil mhuirí na hEorpa agus gineann sin beagnach EUR 500 billiún in aghaidh na bliana, agus tá poitéinseal san earnáil chéanna i bhfad níos mó post a chruthú. Meastar gurb é EUR 1.3 trilliún an luach ar aschur an gheilleagair dhomhanda aigéan, agus d'fhéadfadh sé sin a bheith breis agus a dhá oiread ní ba mhó faoi 2030. Mar gheall ar an ngá atá le spriocanna Chomhaontú ***Pháras*** maidir le hastaíochtaí CO2, a bhaint amach, ***ba cheart 30 % ar a laghad de bhuiséad an Aontais a úsáid le haghaidh gníomhaíochtaí a bhaineann leis an aeráid. Is gá freisin*** éifeachtúlacht acmhainní a mhéadú agus lorg an gheilleagair ghoirm ar an gcomhshaol a laghdú***, ar geilleagar gorm é a fhorbróidh laistigh de theorainneacha éiceolaíocha agus a bhí*** ina spreagadh ***agus a chaithfidh a bheith ina spreagadh i gcónaí*** don nuálaíocht in earnálacha eile amhail trealamh muirí, tógáil long, breathnóireacht aigéan, dreidireacht, cosaint cóstaí agus tógáil ar muir. Rinne cistí struchtúracha an Aontais, go háirithe Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE) agus CEMI, infheistíocht sa gheilleagar muirí. ***D'fhéadfaí*** uirlisí nua infheistíochta, amhail InvestEU, a úsáid |

chun acmhainneacht fáis na hearnála a shásamh.

**Leasú 17**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 9 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(9a) Ba cheart go mbeadh an chomhairle eolaíoch is fearr atá ar fáil ina taca ag infheistíocht sa gheilleagar gorm ionas go seachnófar éifeachtaí díobhálacha ar an timpeallacht a d'fhéadfadh an inbhuanaitheacht fhadtéarmach a chur i mbaol. Más rud é nach bhfuil ann d'fhaisnéis nó saineolas oiriúnach chun meastóireacht a dhéanamh ar thionchar infheistíochtaí ar an gcomhshaol, tá sé inmholta go nglacfadh na hearnálacha poiblí agus príobháideacha araon cur chuige réamhchúraim, de bharr go bhféadfadh gníomhaíochtaí arna nglacadh a bheith díobhálach.*** |

**Leasú 18**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 10**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (10) Ba cheart CEMI a bhunú ar na ***ceithre*** thosaíocht: iascaigh inbhuanaithe a chothú ***agus*** acmhainní bitheolaíocha na mara a chaomhnú; cuidiú le slándáil an tsoláthair bia san Aontas trí dhobharshaothrú agus margaí atá iomaíoch ***agus*** inbhuanaithe; an fhorbairt ar gheilleagar gorm inbhuanaithe a chumasú agus pobail chósta ***a bhfuil rath orthu*** a chothú; an rialachas idirnáisiúnta aigéan a threisiú agus farraigí agus aigéin | (10) Ba cheart CEMI a bhunú ar na ***cúig*** thosaíocht seo: iascaigh inbhuanaithe a chothú***, lena n-áirítear*** acmhainní bitheolaíocha na mara a chaomhnú***; dobharshaothrú inbhuanaithe a chur chun cinn***; rannchuidiú le slándáil an tsoláthair bia san Aontas trí ***iascaigh agus margaí*** dobharshaothraithe ***agus earnálacha próiseála*** atá iomaíoch agus inbhuanaithe; an fhorbairt ar gheilleagar gorm inbhuanaithe a chumasú***, agus*** |

shábháilte, shlána, ghlana, a bhainistítear go hinbhuanaithe a chumasú. ***Ba cheart coinneáil leis na tosaíochtaí sin tríd an mbainistíocht chomhroinnte, dhíreach agus indíreach.***

***acmhainn iompair éiceolaíoch á cur san áireamh,*** agus ***rath agus caomhnú agus comhtháthú sóisialta i bpobail*** cósta ***agus intíre*** a chothú; an rialachas idirnáisiúnta aigéan a threisiú agus farraigí agus aigéin shábháilte, shlána, ghlana, a bhainistítear go hinbhuanaithe a chumasú.

**Leasú 19**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 10 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(10a) D'fheadfaí tosaíochtaí a shonrú le cuspóirí sonracha an Aontais chun tuilleadh soiléireachta a thabhairt ar an úsáid is féidir a bhaint as an gciste agus chun éifeachtúlacht an chiste a mhéadú.*** |

**Leasú 20**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 11**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (11) Ba cheart CEMI tar éis 2020 a beith bunaithe ar leagan amach simplithe gan bearta agus rialacha mionsonraithe incháilitheachta a réamhshainiú ar bhealach atá saintreorach ar leibhéal an Aontais. Ina ionad sin, ba cheart tuairisc a thabhairt ar réimsí leathana tacaíochta faoi gach tosaíocht. Mar sin, ba cheart do na Ballstáit clár a leagan amach ina léirítear an bealach is oiriúnaí dóibh chun na tosaíochtaí a bhaint amach. D'fhéadfaí tacaíocht a thabhairt do réimse beart a aithníonn na Ballstáit sna cláir sin faoi na rialacha a leagtar amach sa Rialachán seo agus i Rialachán (AE) Uimh. [Rialachán lena leagtar síos na Forálacha Coiteanna], | (11) Ba cheart CEMI tar éis 2020 a bheith bunaithe ar leagan amach simplithe gan bearta agus rialacha mionsonraithe incháilitheachta a réamhshainiú ar bhealach atá saintreorach ar leibhéal an Aontais. Ina ionad sin, ba cheart tuairisc a thabhairt ar réimsí leathana tacaíochta faoi gach tosaíocht. Mar sin, ba cheart do na Ballstáit clár a leagan amach ina léirítear an bealach is oiriúnaí dóibh chun na tosaíochtaí a bhaint amach. D'fhéadfaí tacaíocht a thabhairt do réimse beart a aithníonn na Ballstáit sna cláir sin faoi na rialacha a leagtar amach sa Rialachán seo agus i Rialachán (AE) Uimh. [Rialachán lena leagtar síos na Forálacha Coiteanna], |

| | |
|---|---|
| ar choinníoll go gcumhdaítear leo na ***réimsí tacaíochta*** a aithnítear sa Rialachán seo. Mar sin féin, ní mór liosta d'oibríochtaí neamh-incháilithe a dhéanamh chun tionchair dhíobhálacha ar an gcaomhnú iascaigh a sheachaint, mar shampla, toirmeasc ginearálta ***a chur ar*** infheistíochtaí chun an acmhainn iascaireachta a fheabhsú. Chomh maith leis sin, ba cheart infheistíochtaí agus cúiteamh a íoc leis an gcabhlach ar choinníoll go dtagann siad le cuspóirí caomhnaithe CBI. | ar choinníoll go gcumhdaítear ***iad faoi na tosaíochtaí*** a aithnítear sa Rialachán seo. Mar sin féin, ní mór liosta d'oibríochtaí neamh-incháilithe a dhéanamh chun tionchair dhíobhálacha ar an gcaomhnú iascaigh a sheachaint, mar shampla, toirmeasc ginearálta a chur ***ar*** infheistíochtaí chun an acmhainn iascaireachta a fheabhsú ***le maolaithe áirithe a bhfuil údar cuí leo***. Chomh maith leis sin, ba cheart infheistíochtaí agus cúiteamh a íoc leis an gcabhlach ar choinníoll go dtagann siad le cuspóirí caomhnaithe CBI. |

**Leasú 21**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 12**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (12) D'aithin Clár Oibre don Fhorbairt Inbhuanaithe 2030 de chuid na Náisiún Aontaithe caomhnú na n-aigéan agus úsáid inbhuanaithe na n-aigéan mar cheann den 17 sprioc forbartha inbhuanaithe (SDG 14). Tá an tAontas tiomanta go hiomlán don sprioc sin agus dá cur chun feidhme. Sa chomhthéacs sin, geallann sé geilleagar gorm inbhuanaithe a chur chun cinn a thagann leis an bpleanáil spásúil mhuirí, acmhainní bitheolaíocha a chaomhnú agus stádas maith comhshaoil a bhaint amach, toirmeasc a chur ar chineálacha áirithe fóirdheontas d'iascaigh a chuireann leis an ró-acmhainneacht agus leis an ró-iascaireacht, deireadh a chur le fóirdheontais iascaigh a chuireann leis an iascaireacht neamhdhleathach, neamhthuairiscthe agus neamhrialáilte agus gan fóirdheontais nua den chineál sin a thabhairt isteach. Ba cheart an toradh sin a bheith ar idirbheartaíocht na hEagraíochta Domhanda Trádála i dtaobh fóirdheontais iascaigh. Chomh maith leis sin, mar chuid d'idirbheartaíocht na hEagraíochta Domhanda Trádála ag an gCruinniú | (12) D'aithin Clár Oibre don Fhorbairt Inbhuanaithe 2030 de chuid na Náisiún Aontaithe caomhnú na n-aigéan agus úsáid inbhuanaithe na n-aigéan mar cheann den 17 sprioc forbartha inbhuanaithe (SDG 14). Tá an tAontas tiomanta go hiomlán don sprioc sin agus dá cur chun feidhme. Sa chomhthéacs sin, tá sé tiomanta geilleagar gorm inbhuanaithe a chur chun cinn ***a fhorbróidh laistigh de theorainneacha éiceolaíocha*** a bheidh ag teacht le ***cur chuige bunaithe ar éiceachóras i leith*** pleanáil spásúil mhuirí, ***go háirithe íogaireacht speiceas agus gnáthóga i leith gníomhaíochtaí daonna ar muir***, acmhainní bitheolaíocha a chaomhnú agus stádas maith comhshaoil a bhaint amach, toirmeasc a chur ar chineálacha áirithe fóirdheontas d'iascaigh a chuireann leis an ró-acmhainneacht agus leis an ró-iascaireacht, deireadh a chur le fóirdheontais a chuireann leis an iascaireacht neamhdhleathach, neamhthuairiscthe agus neamhrialáilte ***(NNN)*** agus gan fóirdheontais den chineál sin a thabhairt isteach. Ba cheart an toradh |

| | |
|---|---|
| Mullaigh Domhanda maidir le Forbairt Inbhuanaithe 2002 agus ag Comhdháil na Náisiún Aontaithe maidir le Forbairt Inbhuanaithe 2012 (Rio +20), gheall an tAontas go gcuirfear deireadh le fóirdheontais a chuireann leis an ró-acmhainneacht ***iascaigh*** agus leis an ró-iascaireacht. | sin a bheith ar idirbheartaíocht na hEagraíochta Domhanda Trádála i dtaobh fóirdheontais iascaigh. Chomh maith leis sin, mar chuid d'idirbheartaíocht na hEagraíochta Domhanda Trádála ag an gCruinniú Mullaigh Domhanda maidir le Forbairt Inbhuanaithe 2002 agus ag Comhdháil na Náisiún Aontaithe maidir le Forbairt Inbhuanaithe 2012 (Rio +20), gheall an tAontas go gcuirfear deireadh le fóirdheontais a chuireann leis an ró-acmhainneacht ***cabhlaigh*** agus leis an ró-iascaireacht. ***Rannchuidítear go mór le Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe a bhaint amach trí iascaigh inbhuanaithe agus earnálacha inbhuanaithe dobharshaothraithe uisce sáile agus fionnuisce an Aontais.*** |

**Leasú 22**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 12 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(12a) Chomh maith leis sin, ba cheart do CEMI rannchuidiú le baint amach Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SPInna) eile na Náisiún Aontaithe. Go háirithe, leis an Rialachán seo, áirítear na cuspóirí seo a leanas:*** |
| | ***- SFI 1 – Deireadh leis an mBochtaineacht: le CEMI, rannchuideofar le dálaí maireachtála na bpobal cósta is leochailí a fheabhsú, go háirithe iad siúd atá spleách ar acmhainn iascaireachta atá faoi bhagairt ag an ró-iascaireacht, ag an athrú domhanda agus ag fadhbanna comhshaoil.*** |
| | ***- SFI 3 – Sláinte Mhaith agus agus Saol Folláin: le CEMI, rannchuideofar leis an gcomhrac i gcoinne thruailliú an uisce chósta, ar truailliú é atá ina údar le galair cheantracha, agus rannchuideofar le dea-cháilíocht bia ó iascaigh agus dobharshaothraithe a áirithiú.*** |

***- SFI 7 – Fuinneamh Glan: le CEMI, cuirfear chun cinn forbairt fuinnimh inathnuaite mhuirí tríd an ngeilleagar gorm a mhaoiniú agus áiritheofar leis go mbeidh an fhorbairt sin oiriúnach le haghaidh chosaint na muirthimpeallachta agus caomhnú acmhainní iascaigh.***

***- SFI 8– Obair Chuibhiúil agus Fás Eacnamaíoch: le CEMI, rannchuideofar le forbairt an gheilleagair ghoirm i gcomhar le CSE, mar ghné den fhás eacnamaíoch. Áiritheofar leis freisin go mbeidh an fás eacnamaíoch sin ina fhoinse mhaith fostaíochta do phobail chósta. Sa bhreis air sin, le CEMI, rannchuideofar chun dálaí oibre iascairí a fheabhsú.***

***- SFI 12 - An Tomhaltas agus an Táirgíocht Fhreagrach: le CEMI, rannchuideofar le dul i dtreo úsáid fhreagrach acmhainní nádúrtha agus le srian a chur le cur amú acmhainní nádúrtha agus fuinnimh.***

***- SFI 13 – Gníomhú ar son na hAeráide. le CEMI, cuirfear treoir ar fáil maidir lena bhuiséad chun dul i ngleic leis an athrú aeráide.***

**Leasú 23**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 13**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (13) Mar léiriú ar a thábhachtaí atá sé dul i ngleic leis an athrú aeráide i gcomhréir le gealltanais an Aontais Comhaontú Pháras agus Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe a chur chun feidhme, ba cheart don Rialachán seo cuidiú chun an ghníomhaíocht ar son na haeráide a phríomhshruthú agus chun sprioc fhoriomlán ***25 %*** de chaiteachais bhuiséadacha an Aontais a bhaint amach maidir leis an tacaíocht do chuspóirí aeráide. Le gníomhaíochtaí faoin gClár | (13) Mar léiriú ar a thábhachtaí atá sé dul i ngleic leis an athrú aeráide i gcomhréir le gealltanais an Aontais Comhaontú Pháras agus Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe a chur chun feidhme, ba cheart don Rialachán seo cuidiú chun an ghníomhaíocht ar son na haeráide a phríomhshruthú agus chun sprioc fhoriomlán ***30 %*** de chaiteachais bhuiséadacha an Aontais a bhaint amach maidir leis an tacaíocht do chuspóirí aeráide. Le gníomhaíochtaí faoin gClár |

| | |
|---|---|
| seo, meastar go ***gcaithfear le 30 % d'imchlúdach airgeadais foriomlán*** an Chláir ar chuspóirí aeráide. Sainaithneofar gníomhuithe ábhartha le linn ullmhú agus chur chun feidhme CEMI agus déanfar athmheasúnú ar na gníomhuithe sin mar chuid de na meastóireachtaí agus na próisis athbhreithnithe ábhartha. | seo, meastar ***go gcumasófar*** CEMI ***rannchuidiú le baint amach na*** gcuspóirí aeráide***, ach gan dochar do chistiú CBI, a bhfuil gá athmheasúnú dearfach a dhéanamh ar an gcistiú ina leith***. Sainaithneofar gníomhaíochtaí ábhartha***, lena n-áirítear tionscadail atá dírithe ar cheapacha féir mara agus bogach cósta, ar umair mhóra charbóin iad, a chosaint agus a athbhunú,*** le linn ullmhú agus chur chun feidhme CEMI agus déanfar athmheasúnú ar na gníomhaíochtaí sin mar chuid de na meastóireachtaí agus na próisis athbhreithnithe ábhartha. |

Leasú 24

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 14**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (14) Ba cheart do CEMI tacú le cuspóirí comhshaoil an Aontais a bhaint amach. Ba cheart cuntas a choimeád ar an ionchur ach marcóirí comhshaoil an Aontais a chur i bhfeidhm agus iad a thuairisciú go rialta i gcomhthéacs na meastóireachtaí agus na dtuarascálacha bliantúla ar fheidhmíocht. | (14) Ba cheart do CEMI tacú le cuspóirí comhshaoil an Aontais a bhaint amach ***ag féachaint go cuí don chomhtháthú sóisialta, faoi chuimsiú CBI agus na Treorach Réime um Straitéis Mhuirí agus ba cheart dó beartas comhshaoil Eorpach a chomhlíonadh, lena n-áirítear caílíocht uisce lena ráthaítear caílíocht na timpeallachta muirí atá oiriúnach chun cursaí iascaigh a fheabhsú amach anseo***. Ba cheart cuntas a choimeád ar an ionchur ach marcóirí comhshaoil an Aontais a chur i bhfeidhm agus iad a thuairisciú go rialta i gcomhthéacs na meastóireachtaí agus na dtuarascálacha bliantúla ar fheidhmíocht. |

**Leasú 25**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 15**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (15) I gcomhréir le hAirteagal 42 den Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle | (15) I gcomhréir le hAirteagal 42 de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle |

| | |
|---|---|
| ('Rialachán CBI')[7], ba cheart do chúnamh airgeadais faoi CEMI a bheith ar choinníoll go gcomhlíontar rialacha CBI. Níor cheart iarratais ó thairbhithe nach gcomhlíonann rialacha infheidhme CBI a ghlacadh. | ('Rialachán CBI')[7], ba cheart cúnamh airgeadais an Aontais faoi CEMI a bheith bunaithe ar an gcoinníoll go gcomhlíontar rialacha CBI ***agus dlí ábhartha comhshaoil an Aontais go hiomlán***. ***Níor cheart cúnamh airgeadais an Aontais a dheonú ach do na hoibreoirí agus na Ballstáit sin a chomhlíonann a gcuid oibleagáidí ábhartha dlíthiúla go hiomlán***. Níor cheart glacadh le hiarratais ó thairbhithe nach gcomhlíonann rialacha infheidhme CBI. |
| [7] Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir leis an gComhbheartas Iascaigh, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1954/2003 agus Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2371/2002 ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 639/2004 ón gComhairle agus Cinneadh 2004/585/CE ón gComhairle (IO L 354, 28.12.2013, lch. 22). | [7] Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir leis an gComhbheartas Iascaigh, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1954/2003 agus Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2371/2002 ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 639/2004 ón gComhairle agus Cinneadh 2004/585/CE ón gComhairle (IO L 354, 28.12.2013, lch. 22). |

**Leasú 26**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 16**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (16) Chun aghaidh a thabhairt ar na coinníollacha sonracha de CBI dá dtagraítear i Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 agus chun cuidiú le rialacha CBI a chomhlíonadh, ba cheart forálacha sa bhreis ar na rialacha maidir le briseadh, fionraíocht agus ceartuithe airgeadais mar a leagtar amach i Rialachán (AE) Uimh. [Rialachán lena leagtar síos na Forálacha Coiteanna] a leagan amach. Sa chás nach gcomhlíonann Ballstát nó tairbhí na hoibleagáidí a cuireadh air faoi CBI, nó sa chás go bhfuil fianaise ag an gCoimisiún ***a thugann le fios*** nach bhfuiltear ag | (16) Chun aghaidh a thabhairt ar na coinníollacha sonracha de CBI dá dtagraítear i Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 agus chun cuidiú le rialacha CBI a chomhlíonadh ***go hiomlán***, ba cheart forálacha sa bhreis ar na rialacha maidir le briseadh, fionraíocht agus ceartuithe airgeadais mar a leagtar amach i Rialachán (AE) Uimh. [Rialachán lena leagtar síos na Forálacha Coiteanna] a leagan amach. Sa chás nach gcomhlíonann Ballstát nó tairbhí na hoibleagáidí a cuireadh air faoi CBI, nó sa chás go bhfuil fianaise ag an gCoimisiún ***a chruthaíonn*** nach bhfuiltear ag |

| | |
|---|---|
| comhlíonadh na n-oibleagáidí, ba cheart go mbeadh cead ag an gCoimisiún spriocdhátaí le haghaidh íocaíochta a bhriseadh ***mar bheart réamhchúraim***. Chomh maith le bheith in ann an spriocdháta le haghaidh íocaíochta a bhriseadh, agus ionas nach ndéanfar caiteachas neamh-incháilithe a íoc amach, ba cheart cead a thabhairt don Choimisiún íocaíochtaí a chur ar fionraí agus ceartuithe airgeadais a fhorchur sa chás nach gcomhlíonann Ballstát rialacha CBI ar bhealach tromchúiseach. | comhlíonadh na n-oibleagáidí, ba cheart go mbeadh cead ag an gCoimisiún spriocdhátaí le haghaidh íocaíochta a bhriseadh ***ar bhonn sealadach***. Chomh maith le bheith in ann an spriocdháta le haghaidh íocaíochta a bhriseadh, agus ionas nach ndéanfar caiteachas neamh-incháilithe a íoc amach, ba cheart cead a thabhairt don Choimisiún íocaíochtaí a chur ar fionraí agus ceartuithe airgeadais a fhorchur sa chás nach gcomhlíonann Ballstát rialacha CBI ar bhealach tromchúiseach. |

**Leasú 27**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 17**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (17) Baineadh an t-uafás amach le blianta beaga anuas le CBI maidir le stoic éisc a thabhairt ar ais ar leibhéil shláintiúla, brabúsacht a mhéadú in earnáil iascaireachta an Aontais agus éiceachórais mhuirí a chaomhnú. Mar sin féin, tá dúshláin shuntasacha fós le sárú chun cuspóirí socheacnamaíocha agus comhshaoil CBI a bhaint amach. Chuige sin, beidh tacaíocht leanúnach de dhíth tar éis 2020, go háirithe maidir leis na himchuacha farraige mar a bhfuil an dul chun cinn níos moille. | (17) ***Rinneadh bearta*** le blianta beaga anuas ***i dtreo*** stoic éisc a thabhairt ar ais ar leibhéil shláintiúla, brabúsacht a mhéadú in earnáil iascaireachta an Aontais agus éiceachórais mhuirí a chaomhnú. Tá dúshláin shuntasacha fós le sárú, áfach, chun cuspóirí socheacnamaíocha agus comhshaoil CBI a bhaint amach ***go hiomlán, lena n-áirítear an oibleagáid dhlíthiúil na stoic éisc ar fad a athbhunú agus a chaomhnú os cionn na leibhéal bithmhaise lenar féidir uastáirgeacht inbhuanaithe a bhaint amach***. Chuige sin, beidh tacaíocht leanúnach de dhíth tar éis 2020, go háirithe maidir leis na himchuacha farraige ar ina leith atá dul chun cinn níos moille á dhéanamh***, go háirithe sna himchuacha is iargúlta amhail iad siúd sna réigiúin is forimeallaí***. |

**Leasú 2**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 17 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú*

***(17a) Foráiltear le hAirteagal 13 CFAE go bhfuil an tAontas agus na Ballstáit, agus beartais an Aontais inter alia maidir leis an iascach á bhfoirmiú agus á gcur chun feidhme acu, le lánaird a thabhairt ar na ceanglais maidir le leas ainmhithe, toisc gur neacha mothaitheacha na hainmhithe, agus forálacha reachtaíochta nó riaracháin agus nósanna na mBallstát, go háirithe maidir le deasghnátha reiligiúnacha, traidisiúin chultúrtha agus oidhreacht réigiúnach, á n-urramú acu.***

**Leasú 28**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 18**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (18) Tá an t-iascach lárnach i slí mhaireachtála agus oidhreacht chultúrtha go leor pobal cósta san Aontas, go háirithe mar a mbíonn ról tábhachtach ag an iascaireacht bheag chósta. Toisc go bhfuil formhór na ndaoine i bpobail iascaireachta os cionn 50 bliain ar an meán, tá dúshlán fós ag baint leis an athnuachan glúine agus le gníomhaíochtaí a éagsúlú. | (18) Tá an t-iascach lárnach i slí mhaireachtála agus oidhreacht chultúrtha go leor pobal cósta ***agus oileánda*** san Aontas, go háirithe mar a mbíonn ról tábhachtach ag an iascaireacht bheag chósta ***amhail sna réigiúin is forimeallaí***. Toisc go bhfuil formhór na ndaoine i scata pobail iascaireachta os cionn 50 bliain ar an meán, tá dúshlán fós ag baint leis an athnuachan glúine agus le gníomhaíochtaí a éagsúlú ***laistigh d'earnáil an iascaigh***. ***Tá sé ríthábhachtach dá bhrí sin go gcuirfeadh CEMI tacaíocht ar fáil ar a tharraingtí atá earnáil an iascaigh trí ghairmoiliúint agus rochtain na ndaoine óga ar ghairmeacha san iascaireacht a*** |

***áirithiú.***

**Leasú 29**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 18 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(18a) Le cur chun feidhme na sásraí comhbhainistíochta sna gníomhaíochtaí iascaireachta gairmiúla agus áineasa agus sa dobharshaothrú, i dteannta rannpháirtíocht dhíreach na ngeallsealbhóirí lena mbaineann, amhail údaráis riaracháin, earnáil na hiascaireachta agus an dobharshaothraithe, an pobal eolaíochta, agus an tsochaí shibhialta, ar bhonn leithdháileadh cothrom na bhfreagrachtaí cinnteoireachta, agus ar bhonn bainistíocht oiriúnaitheach atá bunaithe ar eolas, ar fhaisnéis agus ar neasacht, rannchuidítear le baint amach chuspóirí CBI. Ba cheart go dtacódh CEMI le cur chun feidhme na sásraí sin ar an leibhéal áitiúil.*** |

**Leasú 30**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 19**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (19) Ba cheart do CEMI ***díriú ar*** chuspóirí comhshaoil, eacnamaíocha, sóisialta agus fostaíochta CBI ***a bhaint amach***, mar a shainítear in Airteagal 2 de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013. Áiritheofar leis an tacaíocht sin go mbeidh gníomhaíochtaí iascaireachta inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil san fhadtéarma agus go mbainisteofar iad ar bhealach a | (19) Ba cheart do CEMI ***rannchuidiú le*** cuspóirí comhshaoil, eacnamaíocha, sóisialta agus fostaíochta CBI ***a bhaint amach***, mar a leagtar síos in Airteagal 2 de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013. Áiritheofar leis an tacaíocht sin go mbeidh gníomhaíochtaí iascaireachta inbhuanaithe ó thaobh an chomhshaoil san fhadtéarma agus go mbainisteofar iad ar bhealach a |

| | |
|---|---|
| bheidh ag luí leis na cuspóirí tairbhí eacnamaíocha, sóisialta agus fostaíochta a bhaint amach, agus lena gcuirfear le hinfhaighteacht soláthairtí bia. | bheidh ag luí leis na cuspóirí ***a leagtar amach in Airteagal 2(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013, lena rannchuideofar le*** tairbhí eacnamaíocha, sóisialta agus fostaíochta a bhaint amach, agus le hinfhaighteacht soláthairtí bia ***folláine agus dálaí oibrí córa a áirithiú san am chéanna***. ***Maidir leis sin, ba cheart aitheantas ar leith a thabhairt d'iascaigh atá ag brath ar oileáin bheaga amach ón gcósta agus tacaíocht a thabhairt dóibh chun gur féidir leo maireachtáil agus rath a bheith orthu.*** |

**Leasú 31**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 20**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (20) Ba cheart an tacaíocht ó CEMI a bheith ***dírithe ar ghnóthú*** agus ar choinneáil na ***hiascaireachta inbhuanaithe bunaithe ar an*** uastáirgeacht inbhuanaithe agus dírithe ar íoslaghdú thionchair dhiúltacha na ngníomhaíochtaí iascaireachta ar éiceachóras na mara. Ba cheart nuálaíocht agus infheistíochtaí i dtaca le cleachtais agus teicnící iascaireachta ísealtionchair, aeráidseasmhacha agus ísealcharbóin a chuimsiú leis an tacaíocht sin. | (20) Ba cheart don tacaíocht ó CEMI ***rannchuidiú le gnóthú tráthúil na hoibleagáide dlíthiúla maidir le stoic éisc a athbhunú agus a chaomhnú os cionn na leibhéal bithmhaise lenar féidir*** uastáirgeacht inbhuanaithe ***a bhaint amach*** agus íoslaghdú a dhéanamh ar thionchair dhiúltacha na ngníomhaíochtaí iascaireachta ***atá neamh-inbhuanaithe agus díobhálach*** ar éiceachóras na mara***, agus na tionchair sin a dhíothú i gcás inar féidir.*** Ba cheart nuálaíocht agus infheistíochtaí i dtaca le cleachtais agus teicnící iascaireachta ísealtionchair, aeráidseasmhacha agus ísealcharbóin a chuimsiú leis an tacaíocht sin***, mar aon le teicnící a bhfuil iascaireacht roghnaíoch d'aidhm acu***. |

**Leasú 279**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 21**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (21) Is í an oibleagáid gabhálacha a thabhairt i dtír ceann de na dúshláin is mó a bhaineann le CBI. Ciallaíonn sé go raibh athruithe suntasacha ar chleachtais iascaireachta don earnáil agus bhí costas tábhachtach airgeadais ag gabháil leo in amanna. Dá bhrí sin, an nuálaíocht agus na hinfheistíochtaí a chuidíonn leis an oibleagáid gabhálacha a thabhairt i dtír a chur chun feidhme amhail infheistíochtaí i dtrealamh roghnaitheach iascaireachta a dhéanamh, infheistíocht chun feabhas a chur ar bhonneagar calafoirt agus infheistíochtaí maidir le margaíocht a dhéanamh ar ghabhálacha de thaisme, ba cheart CEMI ***a bheith in ann*** tacú leis an nuálaíocht agus leis na hinfheistíochtaí sin le ráta déine cabhrach is airde ná an ráta atá i bhfeidhm d'oibríochtaí eile. Ba cheart uasráta déine cabhrach 100% a cheadú chun córais thrédhearcacha chun deiseanna iascaireachta a mhalartú idir Ballstáit (babhtáil cuóta) a dhearadh, a fhorbairt, a fhaire, a mheas agus a bhainistiú, d'fhonn éifeacht an 'speicis scoir' a tharlaíonn mar gheall ar an oibleagáid gabhálacha a thabhairt i dtír a mhaolú. | (21) Is ***oibleagáid dhlíthiúil*** í an oibleagáid gabhálacha a thabhairt i dtír ***agus*** tá sí ar cheann de na príomhdhúshláin a bhaineann le CBI. Ciallaíonn sé ***go bhfuil deireadh tagtha le cleachtas an sceite, cleachtas nach raibh inghlactha ó thaobh an chomhshaoil de, agus*** go bhfuil athruithe suntasacha ***agus tábhachtacha*** tagtha ar chleachtais iascaireachta don earnáil, cleachtais a mbaineann costas ard airgeadais leo in amanna. Dá bhrí sin, ba cheart do ***na Ballstáit*** CEMI ***a úsáid*** chun tacaíocht a thabhairt don nuálaíocht agus do na hinfheistíochtaí a rannchuidíonn le cur chun feidhme ***iomlán agus tráthúil*** na hoibleagáide gabhálacha a thabhairt i dtír, lena mbaineann ráta déine cabhrach atá níos airde ná an ráta a bhfuil feidhm aige maidir le hoibríochtaí eile, amhail infheistíochtaí i dtrealamh roghnaitheach iascaireachta ***agus cur i bhfeidhm beart roghnaíochta ama agus spáis***, infheistíochtaí le haghaidh feabhas a chur ar bhonneagar calafoirt agus infheistíochtaí le haghaidh margaíocht a dhéanamh ar ghabhálacha de thaisme. Ba cheart uasráta déine cabhrach 100% a cheadú chun córais thrédhearcacha le haghaidh deiseanna iascaireachta a mhalartú idir Ballstáit (babhtáil cuóta) a dhearadh, a fhorbairt, a fhaire, a mheas agus a bhainistiú, chun maolú a dhéanamh ar éifeacht an 'speicis scoir', arb í an oibleagáid gabhálacha a thabhairt i dtír is siocair leis. |

**Leasú 33**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 21 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(21a) Ba cheart faireachán cothrom a dhéanamh ar an oibleagáid gabhálacha a thabhairt i dtír feadh an speictrim iomláin, ó shoithí iascaireachta ar an mionchóir go dtí soithí iascaireachta ar an mórchóir, i ngach Ballstát an Aontais.*** |

**Leasú 34**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 22**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (22) Ba cheart CEMI a bheith in ann tacú leis an nuálaíocht agus le hinfheistíochtaí ar bord soithí iascaireachta d'fhonn sláinte, sábháilteachta agus dálaí oibre, éifeachtúlacht fuinnimh agus caighdeán na ngabhálacha a fheabhsú. Mar sin féin, níor cheart do thacaíocht dá leithéid méadú a chur ar an gcumas iascaireachta nó ar an gcumas atá ann iasc a aimsiú agus níor cheart an tacaíocht a bhronnadh díreach ar an gcúis gur comhlíonadh na riachtanais atá éigeantach faoi dhlí an Aontais nó faoin dlí náisiúnta. Faoin leagan amach gan bearta saintreoracha, ba cheart go mbeadh sé faoi na Ballstáit rialacha incháilitheachta beachta a shainiú le haghaidh na n-infheistíochtaí sin. Maidir leis an tsláinte, an tsábháilteacht agus dálaí oibre ar bord soithí iascaireachta, ba cheart ráta déine cabhrach is airde ná an ráta i bhfeidhm d'oibríochtaí eile a cheadú. | (22) Ba cheart CEMI a bheith in ann tacú leis an nuálaíocht agus le hinfheistíochtaí ar bord soithí iascaireachta d'fhonn sláinte, sábháilteachta agus dálaí oibre, ***cosaint chomhshaoil,*** éifeachtúlacht fuinnimh, ***leas ainmhithe*** agus caighdeán na ngabhálacha a fheabhsú ***mar aon le tacú le saincheisteanna sonracha a bhaineann le cúram sláinte***. Mar sin féin, níor cheart ***go mbeadh riosca ann mar thoradh ar*** thacaíocht dá leithéid ***go dtiocfadh*** méadú ar an gcumas iascaireachta nó ar an gcumas atá ann iasc a aimsiú agus níor cheart an tacaíocht a bhronnadh díreach ar an gcúis gur comhlíonadh na riachtanais atá éigeantach faoi dhlí an Aontais nó faoin dlí náisiúnta. Faoin leagan amach gan bearta saintreoracha, ba cheart go mbeadh sé faoi na Ballstáit rialacha incháilitheachta beachta a shainiú le haghaidh na n-infheistíochtaí ***agus na tacaíochta*** sin. Maidir leis an tsláinte, an tsábháilteacht agus dálaí oibre ar bord soithí iascaireachta, ba cheart ráta déine cabhrach níos airde ná an ráta i bhfeidhm d'oibríochtaí eile a cheadú. |

**Leasú 35**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 24**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (24) Braitheann rath CBI ar chomhairle eolaíoch a bheith ar fáil do bhainistíocht iascach agus mar sin, ar shonraí i dtaca leis na hiascaigh a bheith ar fáil. I bhfianaise na ndúshlán agus na gcostas a bhaineann le sonraí iontaofa iomlána a fháil, ní mór tacú le gníomhaíochtaí na mBallstát chun sonraí a bhailiú ***agus*** a phróiseáil i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 2017/1004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ('an Rialachán maidir leis an gCreat um Bailiú Sonraí')[9] agus cur leis an gcomhairle eolaíoch is fearr atá ar fáil. Ba cheart don tacaíocht seo sineirgí a cheadú i dtaca le cineálacha eile sonraí muirí a bhailiú ***agus*** a phróiseáil. | (24) Braitheann rath CBI ar chomhairle eolaíoch a bheith ar fáil do bhainistíocht iascach agus, dá réir sin, ar shonraí i dtaca le hiascaigh a bheith ar fáil. I bhfianaise na ndúshlán agus na gcostas a bhaineann le sonraí iontaofa iomlána a fháil, is gá tacú le gníomhaíochtaí na mBallstát chun sonraí a bhailiú***,*** a phróiseáil ***agus a mhalartú*** i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 2017/1004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ('an Rialachán maidir leis an gCreat um Bailiú Sonraí')[9] agus chun rannchuidiú leis an gcomhairle eolaíoch is fearr atá ar fáil. Ba cheart don tacaíocht sin sineirgí a cheadú i dtaca le cineálacha eile sonraí muirí***, lena n-áirítear sonraí faoi iascaigh áineasa*** a bhailiú***,*** a phróiseáil ***agus a mhalartú***. |
| [9] Rialachán (AE) 2017/1004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Bealtaine 2017 maidir le creat Aontais a bhunú maidir le bailiú, bainistiú agus úsáid sonraí in earnáil an iascaigh agus maidir le tacaíocht a thabhairt do chomhairle eolaíoch a mhéid a bhaineann sé leis an gComhbheartas Iascaigh agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 199/2008 ón gComhairle (IO L 157, 20.06.2017, lch. 1). | [9] Rialachán (AE) 2017/1004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Bealtaine 2017 maidir le creat Aontais a bhunú maidir le bailiú, bainistiú agus úsáid sonraí in earnáil an iascaigh agus maidir le tacaíocht a thabhairt do chomhairle eolaíoch a mhéid a bhaineann leis an gComhbheartas Iascaigh agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 199/2008 ón gComhairle (IO L 157, 20.06.2017, lch. 1). |

**Leasú 36**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 25**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (25) Ba cheart do CEMI tacú le cur chun | (25) Ba cheart do CEMI tacú le cur chun |

| | |
|---|---|
| feidhme atá bunaithe ar eolas agus le rialachas CBI faoin mbainistíocht dhíreach agus indíreach ach foráil a dhéanamh do chomhairle eolaíoch, córas rialaithe iascaigh don Aontas a fhorbairt agus a chur chun feidhme, Comhairlí Comhairleacha a fheidhmiú agus ranníocaíochtaí saorálacha d'eagraíochtaí idirnáisiúnta. | feidhme atá bunaithe ar eolas agus le rialachas CBI faoin mbainistíocht dhíreach agus indíreach ach foráil a dhéanamh do chomhairle eolaíoch, córas rialaithe iascaigh don Aontas a fhorbairt agus a chur chun feidhme, Comhairlí Comhairleacha a fheidhmiú agus ranníocaíochtaí saorálacha d'eagraíochtaí idirnáisiúnta***, mar aon le gealltanas níos fearr ón Aontas maidir leis an rialú idirnáisiúnta aigéan***. |

**Leasú 37**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 26**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (26) I bhfianaise na ndúshlán maidir le cuspóirí caomhnaithe CBI a bhaint amach, ba cheart CEMI a bheith in ann tacú le gníomhaíochtaí i ndáil le bainistíocht iascaigh agus cabhlaigh iascaireachta. Sa chomhthéacs sin, ní mór leanúint in amanna den tacaíocht do chabhlaigh a oiriúnú i ndáil le ranna áirithe cabhlaigh agus imchuacha farraige. Ba cheart tacaíocht dá leithéid a dhíriú ar acmhainní bitheolaíocha na mara a chaomhnú agus a shaothrú go hinbhuanaithe agus ar chothromaíocht a bhaint amach idir an acmhainn iascaireachta agus na deiseanna iascaireachta atá ar fáil. Dá bhrí sin, ba cheart CEMI a bheith in ann tacú le scor buan gníomhaíochtaí iascaireachta i ranna cabhlaigh nuair nach bhfuil cothromaíocht idir an acmhainn iascaireachta agus na deiseanna iascaireachta atá ar fáil. Ba cheart tacaíocht den sórt sin a bheith ina huirlis de chuid na bpleananna gníomhaíochta chun ranna cabhlaigh inar aithníodh ró-acmhainneacht struchtúrach a choigeartú, mar a fhoráiltear in Airteagal 22(4) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013, agus ba cheart í a chur chun feidhme trí bhriseadh an tsoithigh iascaireachta nó trína dhíchoimisiúnú nó | (26) I bhfianaise na ndúshlán maidir le cuspóirí caomhnaithe CBI a bhaint amach, ba cheart CEMI a bheith in ann tacú le gníomhaíochtaí i ndáil le bainistíocht iascaigh agus cabhlaigh iascaireachta. Sa chomhthéacs sin, ní mór leanúint in amanna den tacaíocht do chabhlaigh a oiriúnú i ndáil le ranna áirithe cabhlaigh agus imchuacha farraige. Ba cheart tacaíocht dá leithéid a dhíriú ar acmhainní bitheolaíocha na mara a chaomhnú agus a shaothrú go hinbhuanaithe agus ar chothromaíocht a bhaint amach idir an acmhainn iascaireachta agus na deiseanna iascaireachta atá ar fáil. Dá bhrí sin, ba cheart do CEMI a bheith in ann tacú le scor buan gníomhaíochtaí iascaireachta i ranna cabhlaigh nuair nach bhfuil cothromaíocht idir an acmhainn iascaireachta agus na deiseanna iascaireachta atá ar fáil. Ba cheart tacaíocht den sórt sin a bheith ina huirlis de chuid na bpleananna gníomhaíochta chun ranna cabhlaigh inar aithníodh ró-acmhainneacht struchtúrach a choigeartú, mar a fhoráiltear in Airteagal 22(4) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013, agus ba cheart í a chur chun feidhme trí bhriseadh an tsoithigh iascaireachta nó trína dhíchoimisiúnú nó |

| | |
|---|---|
| trína iarfheistiú le haghaidh gníomhaíochtaí eile. I gcás ina gcuirfeadh an t-iarfheistiú sin tuilleadh brú ar éiceachóras na mara de dheasca na hiascaireachta áineasa, níor cheart tacaíocht a dheonú ach amháin dá mbeadh sé i gcomhréir le CBI agus le cuspóirí na bpleananna bliantúla ábhartha. ***Chun a áirithiú go mbeidh an t-oiriúnú struchtúrach a dhéantar ar chabhlach ag teacht leis na cuspóirí caomhnaithe, ba cheart an tacaíocht do scor buan gníomhaíochtaí iascaireachta a bheith iomlán coinníollach agus ceangailte le torthaí a bhaint amach. Dá bhrí sin, ba cheart tacaíocht den sórt sin a chur chun feidhme trí bhíthin maoiniú nach bhfuil nasctha le costais', dá bhforáiltear i Rialachán (AE) [Rialachán lena leagtar síos na Forálacha Coiteanna]. Faoi chuimse an tsásra sin, níor cheart don Choimisiún cúiteamh leis na Ballstáit i ngeall ar scor buan de ghníomhaíochtaí iascaireachta ar bhonn na bhfíorchostas a tabhaíodh ach ar bhonn na gcoinníollacha a chomhlíonadh agus na dtorthaí a bhaint amach. Chuige sin, ba cheart don Choimisiún coinníollacha den sórt sin a bhunú le gníomh tarmligthe, ar coinníollacha iad ba cheart a bheith bainteach cuspóirí caomhnaithe CBI.*** | trína iarfheistiú le haghaidh gníomhaíochtaí eile. I gcás ina gcuirfeadh an t-iarfheistiú sin tuilleadh brú ar éiceachóras na mara de dheasca na hiascaireachta áineasa, níor cheart tacaíocht a dheonú ach amháin dá mbeadh sé i gcomhréir le CBI agus le cuspóirí na bpleananna bliantúla ábhartha. |

**Leasú 38**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 26 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(26a) Chun iascaigh inbhuanaithe atá neamhdhíobhálach don chomhshaol, ag a mbeidh brú laghdaithe ar acmhainní iascaireachta, a bhunú ba cheart do CEMI tacú le nuachóiriú a dhéanamh ar shoithí i dtreo soithí a úsáideann níos lú fuinnimh, lena n-áirítear do ranna cabhlaigh a bhfuil míchothromaíochtaí iontu, trí fhóirdheontais nó trí bhíthin*** |

| | |
|---|---|
| | ***ionstraimí airgeadais. Ba cheart do CEMI cabhair a cheadú d'iascairí óga chun a gcuid fearas oibre, lena n-áirítear soithí atá os cionn 12 m, a fháil, seachas i ranna a bhfuil míchothromaíochtaí iontu.*** |

**Leasú 39**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 26 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(26b) Toisc go bhfuil ról ríthábhachtach ag calafoirt iascaireachta, láithreáin ag a dtugtar iasc i dtír, fothanacha agus hallaí ceantála chun cáilíocht na dtáirgí arna dtabhairt i dtír a áirithiú, mar aon le dálaí sábháilteachta agus dálaí oibre, ba cheart do CEMI, mar thosaíocht, tacú le bonneagair calafoirt a nuachóiriú, agus go háirithe margú a dhéanamh ar tháirgí iascaigh, chun breisluach na dtáirgí arna dtabhairt i dtír a optamú.*** |

**Leasú 40**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 27**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (27) I bhfianaise luaineacht na ngníomhaíochtaí iascaireachta, d'fhéadfadh ***cúinsí eisceachtúla*** caillteanais shuntasacha eacnamaíochta a chruthú d'iascairí. D'fhonn na hiarmhairtí sin a mhaolú, ba cheart CEMI a bheith in ann tacú le cúiteamh ar scor ***urghnách*** de ghníomhaíochtaí iascaireachta mar gheall ar bhearta caomhnaithe a chuirtear chun feidhme i.e. pleananna ilbhliantúla, spriocanna maidir le stoic a chaomhnú agus a shaothrú go hinbhuanaithe, bearta | (27) I bhfianaise mhórluaineacht na ngníomhaíochtaí iascaireachta, d'fhéadfadh ***scor sealadach*** a bheith ina chúis le caillteanais shuntasacha eacnamaíochta d'iascairí. Chun na hiarmhairtí sin a mhaolú, ba cheart CEMI a bheith in ann tacú le cúiteamh ar scor ***sealadach*** gníomhaíochtaí iascaireachta mar gheall ar bhearta caomhnaithe áirithe a chur chun feidhme, i.e. pleananna ilbhliantúla, spriocanna maidir le stoic a chaomhnú agus a shaothrú go hinbhuanaithe, bearta |

| | |
|---|---|
| chun acmhainn iascaireachta na soithí iascaireachta a oiriúnú do na deiseanna iascaireachta atá ar fáil agus bearta teicniúla, mar gheall ar bhearta éigeandála a chuirtear chun feidhme, mar gheall go gcuirtear isteach ar chomhaontú comhpháirtíochta iascaigh inbhuanaithe a chur i bhfeidhm mar gheall ar chúinsí force majeure, tubaiste nádúrtha nó eachtra chomhshaoil. Níor cheart tacaíocht a cheadú ach amháin má tá tionchar na gcúinsí sin ar iascairí suntasach, i.e. má chuirtear stop le gníomhaíochtaí tráchtála an tsoithigh lena mbaineann ***90*** lá as a chéile ar a laghad ***agus más mó na caillteanais eacnamaíochta mar gheall ar an scor agus 30% de láimhdeachas bliantúil na cuideachta lena mbaineann ar an meán le linn tréimhse sonraithe ama***. Ba cheart na sainiúlachtaí a bhaineann le hiascaigh eascann a chur san áireamh sna coinníollacha i ndáil le tacaíocht den sórt sin a bhronnadh. | chun acmhainneacht iascaireachta na soithí iascaireachta a oiriúnú do na deiseanna iascaireachta atá ar fáil agus bearta teicniúla, mar gheall ar bhearta éigeandála a chur chun feidhme, mar gheall air gur cuireadh isteach ar chomhaontú comhpháirtíochta iascaigh inbhuanaithe a chur i bhfeidhm ***nó gan é a athnuachan*** ar chúiseanna *force majeure*, mar gheall ar thubaiste nádúrtha nó mar gheall ar eachtra chomhshaoil***, lena n-áirítear eachtraí maidir le dúnta sláinte nó mortlaíocht mhínormálta na n-acmhainní iascaigh, tionóiscí ar muir le linn gníomhaíochtaí iascaireachta agus teagmhais dhíobhálacha aeráide***. Níor cheart tacaíocht a thabhairt ach amháin más suntasach é tionchar na gcúinsí sin ar iascairí, i.e. má chuirtear stop le gníomhaíochtaí tráchtála an tsoithigh lena mbaineann ***120*** lá as a chéile ar a laghad le ***dhá bhliain anuas***. Ba cheart na sainiúlachtaí a bhaineann le hiascaigh eascann a chur san áireamh sna coinníollacha i ndáil le tacaíocht den sórt sin a bhronnadh. |

**Leasú 41**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 27 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(27a) Ba cheart go mbeadh iascairí agus táirgeoirí dobharshaothraithe uisce sáile agus fionnuisce in ann tacaíocht a fháil ó CEMID i gcás géarchéim sna margaí iascaigh agus dobharshaothraithe, i gcás tubaistí nádúrtha nó teagmhais aeráide.*** |

**Leasú 306**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 27 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(27b) Chun rannchuidiú le forbairt dhearfach foinsí uisce agus leis an iascaireacht a bheith á déanamh i gcónaí nuair nach é an séasúr coiscthe é, le CEMI, ba cheart go bhféadfaí tacú le tréimhsí sosa bitheolaíocha, nuair is den riachtanas iad na tréimhsí sin, ach a dtiteann siad le linn céimeanna áirithe criticiúla de shaolré na speiceas, a mhéid a bhaineann le saothrú inbhuanaithe acmhainní iascaigh.*** |

**Leasú 307**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 27 c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(27c) Ag cur i bhfáth a dheargriachtanaí atá sé tacú le bunú ciste cúitimh pá chun tréimhsí neamhiascaireachta a chumhdach agus go n-áireofaí na tréimhsí sin mar am oibre iarbhír chun críocha an phinsin scoir agus teidlíochtaí eile slándála sóisialta. Ag moladh, lena chois sin, go ndéanfaí pá íosta a bhunú, a shocrófaí i gcomhréir le cleachtais áitiúla, le caibidlíochtaí agus le comhaontuithe cómhargála.*** |

**Leasuithe 42 agus 308**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 28**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (28) Soithí iascaireachta faoi bhun 12 mhéadar agus nach n-úsáideann trealamh iascaireachta tarraingthe a dhéanann iascaireacht bheag chósta. Cuimsítear leis an earnáil sin beagnach 75% de na soithí iascaireachta ar fad atá cláraithe san Aontas agus beagnach leath den fhostaíocht ar fad in earnáil an iascaigh. Tá oibreoirí in iascaigh mhionscála chósta ag brath go háirithe ar stoic shláintiúla éisc mar phríomhfhoinse ioncaim. Dá bhrí sin, ba cheart do CEMI tús áite a thabhairt dóibh le ráta déine cabhrach 100%, lena n-áirítear oibríochtaí a bhaineann leis an rialú agus leis an bhforfheidhmiú, agus é mar aidhm aige cleachtais inbhuanaithe iascaireachta a spreagadh. Anuas air sin, ba cheart réimsí áirithe tacaíochta a choimeád don iascaireacht mhionscála i ranna cabhlaigh ina bhfuil cothromaíocht idir an acmhainn iascaireachta agus na deiseanna iascaireachta atá ar fáil, i.e. tacaíocht chun soitheach athláimhe a fháil agus inneall an tsoithigh a athsholáthar nó a nuachóiriú. Anuas air sin, ba cheart do na Ballstáit plean gníomhaíochta a chur sna cláir don iascaireacht bheag chósta, ba cheart faireachán a dhéanamh ar an bplean ar bhonn na dtáscairí dar socraítear garspriocanna agus spriocanna. | (28) Soithí iascaireachta faoi bhun 12 mhéadar agus nach n-úsáideann trealamh iascaireachta tarraingthe a dhéanann iascaireacht bheag chósta. Cuimsítear leis an earnáil sin beagnach 75 % de na soithí iascaireachta ar fad atá cláraithe san Aontas agus beagnach leath den fhostaíocht ar fad in earnáil an iascaigh. Tá oibreoirí in iascaigh mhionscála chósta ag brath go háirithe ar stoic shláintiúla éisc mar phríomhfhoinse ioncaim. Dá bhrí sin, ba cheart do CEMI tús áite a thabhairt dóibh le ráta déine cabhrach 100 %, lena n-áirítear oibríochtaí a bhaineann leis an rialú agus leis an bhforfheidhmiú, agus é mar aidhm aige cleachtais inbhuanaithe iascaireachta a spreagadh ***i gcomhréir le cuspóirí CBI***. Anuas air sin, ba cheart réimsí áirithe tacaíochta a choimeád don iascaireacht mhionscála i ranna cabhlaigh ina bhfuil cothromaíocht idir an acmhainn iascaireachta agus na deiseanna iascaireachta atá ar fáil, i.e. tacaíocht chun soitheach athláimhe a fháil agus inneall an tsoithigh a athsholáthar nó a nuachóiriú***, mar aon le tacaíocht d'iascairí óga***. Anuas air sin, ba cheart do na Ballstáit plean gníomhaíochta a chur sna cláir don iascaireacht bheag chósta, ba cheart faireachán a dhéanamh ar an bplean ar bhonn na dtáscairí, ar cheart garspriocanna agus spriocanna a shocrú ina leith. |

**Leasú 43**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 29**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (29) ***Mar a shonraítear sa Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa, chuig Coiste na*** | (29) Tá dúshláin ar leith a bhaineann leis an iargúltacht, an topagrafaíocht agus an aeráid dá dtagraítear in Airteagal 349 den Chonradh roimh na réigiúin is forimeallaí, agus tá sócmhainní ar leith acu freisin lenar |

***Réigiún agus chuig an mBanc Eorpach Infheistíochta an 24 Deireadh Fómhair 2017 dar teideal 'Comhpháirtíocht straitéiseach athnuaite níos láidre leis na réigiúin is forimeallaí san Aontas'[10],*** tá dúshláin ar leith a bhaineann leis an iargúltacht, an topagrafaíocht agus an aeráid dá dtagraítear in Airteagal 349 den Chonradh roimh na réigiúin is forimeallaí, agus tá sócmhainní ar leith acu lenar féidir geilleagar gorm a fhorbairt. Dá bhrí sin, i gcás gach ceann de na réigiúin is forimeallaí, ba cheart plean gníomhaíochta i ndáil le hearnáil an gheilleagair ghoirm inbhuanaithe a fhorbairt, lena n-áirítear saothrú inbhuanaithe iascach agus an dobharshaothraithe, a chur le cláir na mBallstát lena mbaineann agus ba cheart leithdháileadh airgeadais a choimeád chun tacú leis na pleananna gníomhaíochta sin a chur chun feidhme. ***Chomh maith leis sin, ba cheart CEMI a bheith in ann tacú le cúiteamh a íoc leis*** na réigiúin is forimeallaí ***as na costais bhreise a bhíonn orthu mar gheall ar an áit ina bhfuil siad agus mar gheall ar a n-oileánachas***. Ba cheart ***teorainn a chur leis*** an tacaíocht ***sin mar chéatadán den*** leithdháileadh foriomlán ***airgeadais***. Anuas air sin, ba cheart ráta déine cabhrach is airde ná an ráta a bhfuil feidhm aige maidir le hoibríochtaí eile a chur i bhfeidhm sna réigiúin is forimeallaí.

féidir geilleagar gorm inbhuanaithe a fhorbairt. Dá bhrí sin, i gcás gach ceann de na réigiúin is forimeallaí, ba cheart plean gníomhaíochta i ndáil le hearnáil an gheilleagair ghoirm inbhuanaithe a fhorbairt, lena n-áirítear saothrú inbhuanaithe iascach agus an dobharshaothraithe, a chur le cláir na mBallstát lena mbaineann agus ba cheart leithdháileadh airgeadais a choimeád chun tacú leis na pleananna gníomhaíochta sin a chur chun feidhme. ***D'fhonn iomaíochas táirgí iascaigh agus dobharshaothraithe áirithe ó*** na réigiúin is forimeallaí ***a chothú i gcomparáid le táirgí dá samhail ó réigiúin eile an Aontais, thug an tAontas bearta isteach i 1992 chun na costais bhreise lena mbaineann san earnáil iascaigh a chúiteamh. Leagtar síos na bearta atá i bhfeidhm don tréimhse 2014-2020 i Rialachán (AE) Uimh. 508/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[10a]. Is gá leanúint de*** thacaíocht ***a thabhairt chun na costais bhreise a bhaineann le hiascaireacht, le feirmeoireacht, le próiseáil agus le margú táirgí iascaigh áirithe ó na réigiúin is forimeallaí a fhritháireamh, ionas go rannchuidíonn an cúiteamh le hinmharthanacht eacnamaíoch oibreoirí as na réigiúin sin***. ***I bhfianaise na ndálaí margaithe éagsúla sna réigiúin is forimeallaí, na luaineachtaí i ngabhálacha agus i stoic agus in éilimh an mhargaidh,*** ba cheart ***é a fhágáil faoi na Ballstáit lena mbaineann na táirgí iascaigh atá incháilithe do chúiteamh, na huasmhéideanna faoi seach agus na méideanna cúitimh laistigh den*** leithdháileadh foriomlán ***in aghaidh an Bhallstáit a chinneadh. Ba cheart údarás a thabhairt do na Ballstáit idirdhealú a dhéanamh ar an liosta agus ar an líon táirgí iascaigh atá i gceist agus ar mhéid an chúitimh laistigh den leithdháileadh foriomlán in aghaidh an Bhallstáit. Ba cheart údarás a thabhairt dóibh freisin a bpleananna cúitimh a chur in oiriúint má tá údar cuí leis mar gheall ar thosca atá ag athrú. Ba cheart do na Ballstáit an***

***leibhéal cúitimh a shocrú ar leibhéal a fhágann gur féidir costais bhreise a fhritháireamh, ar costais iad a thig ó mhíbhuntáistí sonracha na réigiún is forimeallaí. D'fhonn róchúiteamh a sheachaint, ba cheart go mbeadh an méid sin i gcomhréir leis na costais bhreise atá á bhfritháireamh tríd an gcabhair. Chuige sin, ba cheart cineálacha eile idirghabhála poiblí a bhfuil tionchar acu ar leibhéal na gcostas breise a chur san áireamh inti freisin***. Anuas air sin, ba cheart ráta déine cabhrach níos airde ná an ráta a bhfuil feidhm aige maidir le hoibríochtaí eile a chur i bhfeidhm sna réigiúin is forimeallaí.

[10] ***COM(2017) 623***

[10a] ***Rialachán (AE) Uimh. 508/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 maidir leis an gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2328/2003 ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 861/2006 ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 1198/2006 ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 791/2007 ón gComhairle agus Rialachán (AE) Uimh. 1255/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 149, 20.05.2014, lch. 1).***

**Leasú 44**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 29 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(29a) Chun a áirithiú go dtiocfaidh earnáil an iascaigh chósta ar mhionscála slán sna réigiúin is forimeallaí agus i gcomhréir le prionsabail na hionramhála*** |

***difreálaithe d'oileáin agus do chríocha beaga dá dtagraítear i Sprioc 14 de na Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SFInna), ba cheart go mbeadh sé indéanta le CEMI tacaíocht a thabhairt, ar bhonn Airteagal 349 CFAE, d'éadáil agus athnuachan soithí iascaireachta cósta ar mhionscála a dhéanann a ngabháil éisc a thabhairt i dtír i gcalafoirt sna réigiúin is forimeallaí agus a rannchuidíonn le forbairt inbhuanaithe áitiúil, chun sábháilteacht an duine a mhéadú, caighdeáin sláintíochta an Aontais a chomhlíonadh, iascaireacht NNN a chomhrac agus éifeachtúlacht chomhshaoil níos mó a bhaint amach. Maidir le hathnuachan an chabhlaigh iascaireachta sin, ba cheart go bhfanfadh sé laistigh d'uasteorainneacha údaraithe le haghaidh acmhainne, agus go gcomhlíonfadh sé cuspóirí CBI. Ba cheart go mbeadh sé indéanta le CEMI tacaíocht a thabhairt do bhearta gaolmhara, amhail foirgniú nó nuachóiriú longchlós atá tiomanta do shoithí iascaireachta cósta ar mhionscála sna réigiúin is forimeallaí, éadáil agus athchóiriú na mbonneagar agus na dtrealamh, nó staidéir.***

**Leasú 45**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 29 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(29b) Ag féachaint don rún ó Pharlaimint na hEorpa maidir le staid ar leith na n-oileán (2015/3014(RSP) agus le tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa maidir leis 'na fadhbanna sonrach a gcaithfidh oileáin aghaidh a thabhairt orthu' (1229/2011), is cuid thábhachtach de gheilleagair áitiúla na n-oileán iad an talmhaíocht, an pórú agus na hiascaigh. Bíonn deacrachtaí ag*** |

***réigiúin oileánacha Eorpacha mar thoradh ar easpa inrochtaineachta, go háirithe FBManna, ar leibhéal íseal dealaithe idir táirgí agus ar an ngá atá le straitéis chun leas a bhaint as na sineirgí féideartha go léir idir Cistí Struchtúracha agus Infheistíochta na hEorpa agus ionstraimí eile an Aontais d'fhonn na baic atá ar na hoileáin a chúiteamh agus feabhas a chur ar a bhfás eacnamaíoch, ar a gcruthú post agus ar a bhforbairt inbhuanaithe. Cé go n-aithnítear le hAirteagal 174 CFAE go bhfuil baic bhuana nádúrtha agus gheografacha ar leith ann a bhaineann go sonrach le staid na n-oileán, ní foláir don Choimisiún 'Creat Straitéiseach an Aontais le haghaidh na nOileán' a bhunú d'fhonn ionstraimí a nascadh ar ionstraimí iad a bhfuil mórthionchar críochach acu.***

**Leasú 46**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 30**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (30) Faoi bhainistíocht chomhroinnte, ba cheart CEMI a bheith in ann tacú leis an mbithéagsúlacht agus éiceachórais na mara agus an chósta a chosaint agus a athbhunú. Chun na críche sin, ba cheart tacaíocht a bheith ar fáil le haghaidh cúiteamh a íoc le hiascairí a bhailíonn trealamh iascaireachta a cailleadh agus bruscar muirí ón bhfarraige agus le haghaidh infheistíochtaí i gcalafoirt chun saoráidí cuí glactha a chur ar fáil i gcomhair an trealaimh iascaireachta sin a cailleadh agus bruscar muirí. Ba cheart tacaíocht a bheith ar fáil freisin le haghaidh gníomhaíochtaí chun stádas maith comhshaoil a bhaint amach nó a choinneáil sa mhuirthimpeallacht, mar a leagtar amach i dTreoir 2008/56/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (Treoir Réime um Straitéis Mhuirí')[11], le haghaidh cur chun feidhme bearta cosanta | (30) Faoi bhainistíocht chomhroinnte, ba cheart CEMI a bheith in ann tacú leis an mbithéagsúlacht agus éiceachórais na mara agus an chósta a chosaint agus a athbhunú. Chun na críche sin, ba cheart tacaíocht a bheith ar fáil le haghaidh cúiteamh a íoc le hiascairí a bhailíonn trealamh iascaireachta a cailleadh agus bruscar muirí***, go háirithe plaisteach,*** ón bhfarraige agus le haghaidh infheistíochtaí i gcalafoirt chun saoráidí cuí glactha ***agus stórála*** a chur ar fáil i gcomhair an trealaimh iascaireachta sin a cailleadh agus an bruscar muirí ***a bailíodh***. Ba cheart tacaíocht a bheith ar fáil freisin le haghaidh gníomhaíochtaí chun stádas maith comhshaoil a bhaint amach nó a choinneáil sa mhuirthimpeallacht, mar a leagtar amach i dTreoir 2008/56/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (Treoir Réime um Straitéis Mhuirí')[11], le |

spásúla arna mbunú de bhun na Treorach sin agus, i gcomhréir leis na creataí gníomhaíochta tosaíochta a bhunaítear de bhun Threoir 92/43/CEE ón gComhairle ('an Treoir maidir le Gnáthóga')[12], le haghaidh bainistiú, athneartú agus faireachán limistéir NATURA 2000 chomh maith le cosaint speiceas faoi Threoir 92/43/CEE agus Treoir 2009/147/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ('an Treoir maidir le héin')[13]. Faoin mbainistíocht dhíreach, ba cheart do CEMI tacú le farraigí glana sláintiúla a chur chun cinn agus leis an Straitéis Eorpach um Paistigh sa Gheilleagar Ciorclach a forbraíodh sa Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún an 16 Eanáir 2016[14], a chur chun feidhme, i gcomhréir leis an gcuspóir i ndáil le stádas maith comhshaoil a bhaint amach agus a chothú sa mhuirthimpeallacht.

haghaidh cur chun feidhme bearta cosanta spásúla arna mbunú de bhun na Treorach sin agus, i gcomhréir leis na creataí gníomhaíochta tosaíochta a bhunaítear de bhun Threoir 92/43/CEE ón gComhairle ('an Treoir maidir le Gnáthóga')[12], le haghaidh bainistiú, athneartú agus faireachán ar limistéir NATURA 2000 chomh maith le cosaint speiceas faoi Threoir 92/43/CEE agus Treoir 2009/147/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ('an Treoir maidir le hÉin')[13] ***agus faoi Threoir 2000/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[13a], agus mar aon le caighdeáin an Aontas i leith fuíolluisce uirbigh agus freisin i ndáil le tógáil, suiteáil, nuachóiriú, agus ullmhú agus meastóireacht eolaíoch a dhéanamh ar shaoráidí buana nó sochorraithe a bhfuil sé mar aidhm leo fauna agus flora muirí a chosaint agus a fheabhsú sna réigiún is forimeallaí***. Faoin mbainistíocht dhíreach, ba cheart do CEMI tacú le farraigí glana sláintiúla a chur chun cinn agus leis an Straitéis Eorpach um Plaistigh sa Gheilleagar Ciorclach a forbraíodh sa Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún an 16 Eanáir 2016[14], a chur chun feidhme, i gcomhréir leis an gcuspóir i ndáil le stádas maith comhshaoil a bhaint amach agus a chothú sa mhuirthimpeallacht.

---

[11] Treoir 2008/56/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Meitheamh 2008 lena mbunaítear creat do ghníomhaíocht Chomhphobail i réimse an bheartais comhshaoil mhuirí (IO L 164, 25.6.2008, lch. 19).

[12] Treoir 92/43/CEE ón gComhairle an 21 Bealtaine 1992 maidir le gnáthóga nádúrtha agus fána agus flóra fiáine a chaomhnú (IO L 206, 22.07.1992, lch. 7).

[13] Treoir 2009/147/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an

[11] Treoir 2008/56/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Meitheamh 2008 lena mbunaítear creat do ghníomhaíocht Chomhphobail i réimse an bheartais comhshaoil mhuirí (IO L 164, 25.6.2008, lch. 19).

[12] Treoir 92/43/CEE ón gComhairle an 21 Bealtaine 1992 maidir le gnáthóga nádúrtha agus fauna agus flora fiáine a chaomhnú (IO L 206, 22.07.1992, lch. 7).

[13] Treoir 2009/147/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an

| | |
|---|---|
| 30 Samhain 2009 maidir le héin fhiáine a chaomhnú (IO L 20, 26.01.2010, lch. 7). | 30 Samhain 2009 maidir le héin fhiáine a chaomhnú (IO L 20, 26.01.2010, lch. 7). |
| | [13a] ***Treoir 2000/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear creat i gcomhair gnímh ag an gComhphobal sa réimse a bhaineann le beartas uisce (IO L 327, 22.12, 2000, lch. 1).*** |
| [14] COM(2018) 28. | [14] COM(2018) 28. |

**Leasú 47**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 31**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (31) Cuidíonn ***an t-iascach*** agus an dobharshaothrú le slándáil an tsoláthair bia agus le cothú san Aontas. Mar sin féin, déanann an tAontas 60% den soláthar ar tháirgí iascaigh a allmhairiú agus dá bhrí sin, tá sé ag brath go mór ar thríú tíortha. Is dúshlán mór é borradh a chur faoin tomhaltas a dhéantar ar ***phróitéin éisc*** a tháirgtear san Aontas a bhfuil ardchaighdeáin cáilíochta ag gabháil léi agus atá ar fáil ***do thomhaltóirí*** ar phraghsanna réasúnta. | (31) ***D'aithin Clár Oibre don Fhorbairt Inbhuanaithe 2030 de chuid na Náisiún Aontaithe deireadh a chur leis an ocras, slándáil bia agus cothú feabhsaithe a bhaint amach mar cheann den 17 sprioc forbartha inbhuanaithe (SDG 2). Tá an tAontas tiomanta go hiomlán don sprioc sin agus dá cur chun feidhme. Sa chomhthéacs sin, rannchuidíonn an t-iascach*** agus an dobharshaothrú ***inbhuanaithe*** le slándáil an tsoláthair bia agus leis an gcothú. Mar sin féin, déanann an tAontas 60 % dá sholáthar ar tháirgí iascaigh a allmhairiú faoi láthair agus dá bhrí sin, tá sé ag brath go mór ar thríú tíortha. Is dúshlán mór é borradh a chur faoin tomhaltas a dhéantar ar ***tháirgí éisc*** a tháirgtear san Aontas a bhfuil ardchaighdeáin cáilíochta ag gabháil leo agus atá ar fáil ar phraghsanna réasúnta***, a ndéantar institiúidí poiblí amhail ospidéil nó scoileanna a sholáthar le táirgí iascaireachta áitiúla ar mhionscála, agus le cláir oiliúna agus feasachta a thionscnamh in institiúidí oideachais maidir leis an tábhacht atá le héisc áitiúla a ithe***. |

**Leasú 48**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 32**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (32) Ba cheart CEMI a bheith in ann tacú leis an dobharshaothrú, lena n-áirítear an dobharshaothrú fionnuisce, a chur chun cinn agus a fhorbairt go hinbhuanaithe, le go saothrófar ainmhithe agus plandaí uisceacha chun bia agus amhábhair eile a tháirgeadh. Tá nósanna imeachta riaracháin casta fós i bhfeidhm i mBallstáit áirithe, amhail deacrachtaí rochtana ar spás agus nósanna imeachta troma ceadúnaithe agus fágann sé sin gur deacair don earnáil feabhas a chur ar íomhá táirgí saothraithe agus ar iomaíochas na dtáirgí. Ba cheart an tacaíocht a bheith ag luí le pleananna náisiúnta straitéiseacha ilbhliantúla don dobharshaothrú arna bhforbairt ar bhonn Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013. Go háirithe, tacaíocht i ndáil le hinbhuanaitheacht chomhshaoil, infheistíochtaí táirgiúla, nuálaíocht, sealbhú scileanna gairmiúla, feabhsú dálaí oibre, bearta cúitimh lena soláthraítear talamh criticiúil agus seirbhísí bainistithe nádúir, ba cheart í a bheith incháilithe. Gníomhaíochtaí sláinte phoiblí, scéimeanna árachais do stoic dhobharshaothraithe agus gníomhaíochtaí sláinte agus leasa ainmhithe, ba cheart iad a bheith incháilithe freisin. ***Mar sin féin, i gcás infheistíochtaí táirgiúla, níor cheart*** tacaíocht a sholáthar ***ach*** trí ionstraimí airgeadais ***agus*** trí InvestEU***, toisc go gcuireann siad giaráil is airde ar fáil maidir leis na margaí agus dá bhrí sin is fearr iad ná deontais chun dul i ngleic le dúshláin mhaoinithe na hearnála***. | (32) Ba cheart CEMI a bheith in ann tacú leis an dobharshaothrú, lena n-áirítear an dobharshaothrú fionnuisce, a chur chun cinn agus a fhorbairt go hinbhuanaithe, le go saothrófar ainmhithe agus plandaí uisceacha chun bia agus amhábhair eile a tháirgeadh. Tá nósanna imeachta riaracháin casta fós i bhfeidhm i mBallstáit áirithe, amhail deacrachtaí rochtana ar spás agus nósanna imeachta troma ceadúnaithe agus fágann sé sin gur deacair don earnáil feabhas a chur ar íomhá táirgí saothraithe agus ar iomaíochas na dtáirgí. Ba cheart an tacaíocht a bheith ag luí le pleananna náisiúnta straitéiseacha ilbhliantúla don dobharshaothrú arna bhforbairt ar bhonn Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013. Go háirithe, tacaíocht i ndáil le hinbhuanaitheacht chomhshaoil, infheistíochtaí táirgiúla, nuálaíocht, sealbhú scileanna gairmiúla, feabhsú dálaí oibre, bearta cúitimh lena soláthraítear talamh criticiúil agus seirbhísí bainistithe nádúir, ba cheart í a bheith incháilithe. Gníomhaíochtaí sláinte phoiblí, scéimeanna árachais do stoic dhobharshaothraithe agus gníomhaíochtaí sláinte agus leasa ainmhithe, ba cheart iad a bheith incháilithe freisin. ***Ba*** cheart tacaíocht a chur ar fáil trí ionstraimí airgeadais***, más féidir,*** agus trí InvestEU ***agus*** trí dheontais. |

**Leasuithe 49 agus 280**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Aithris 33**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (33) Braitheann slándáil an tsoláthair bia ar mhargaí éifeachtúla dea-eagraithe lena gcuirtear feabhas ar thrédhearcacht, cobhsaíocht, cáilíocht agus éagsúlacht i dtaobh an tslabhra soláthair agus lena gcuirtear faisnéis ar fáil do thomhaltóirí. Chun na críche sin, ba cheart CEMI a bheith in ann tacú le margadh an iascaigh agus na dtáirgí dobharshaothraithe i gcomhréir le cuspóirí Rialachán (AE) Uimh. 1379/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ('Rialachán um Chomheagrú na Margaí')[15]. Go háirithe, ba cheart tacaíocht a bheith ar fáil le haghaidh eagraíochtaí táirgeoirí a bhunú, pleananna táirgeachta agus margaíochta a chur chun feidhme, margaí nua a chur chun cinn agus faisnéis mhargaidh a fhorbairt agus a scaipeadh. | (33) Braitheann slándáil an tsoláthair bia ar mhargaí éifeachtúla dea-eagraithe lena gcuirtear feabhas ar thrédhearcacht, cobhsaíocht, cáilíocht agus éagsúlacht i dtaobh an tslabhra soláthair agus lena gcuirtear faisnéis ar fáil do thomhaltóirí. Chun na críche sin, ba cheart CEMI a bheith in ann tacú le margú an iascaigh agus na dtáirgí dobharshaothraithe i gcomhréir le cuspóirí Rialachán (AE) Uimh. 1379/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ('Rialachán um Chomheagrú na Margaí')[15]. Go háirithe, ba cheart tacaíocht a bheith ar fáil ***inter alia*** le haghaidh eagraíochtaí táirgeoirí a chruthú***, lena n-áirítear comharchumainn iascaigh agus táirgeoirí ar mhionchóir,*** le haghaidh pleananna táirgeachta agus margaithe a chur chun feidhme, ***le haghaidh feachtais chur chun cinn agus cumarsáide,*** le haghaidh asraonta margaidh nua a chur chun cinn, ***le haghaidh staidéir a dhéanamh ar mhargaí, le haghaidh chaomhnú agus neartú Fhaireachlann an Mhargaidh Eorpaigh um Iascach agus um Tháirgí Dobharshaothraithe (EUMOFA)*** agus le haghaidh faisnéis mhargaidh a fhorbairt agus a scaipeadh. |
| [15] Rialachán (AE) Uimh. 1379/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir le comheagrú na margaí i dtáirgí iascaigh agus dobharshaothraithe, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1184/2006 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 104/2000 (IO L 354, 28.12.2013, lch. 1). | [15] Rialachán (AE) Uimh. 1379/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir le comheagrú na margaí i dtáirgí iascaigh agus dobharshaothraithe, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1184/2006 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 104/2000 (IO L 354, 28.12.2013, lch. 1). |

**Leasú 50**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Aithris 33 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(33a) Cuireann cáilíocht agus éagsúlacht earraí bia mara an Aontais buntáiste iomaíoch ar fáil do tháirgeoirí, ar rannchuidiú tábhacht é don oidhreacht chultúrtha agus ghastranómach, a dhéanann caomhnú traidisiúin chultúrtha agus forbairt agus cur i bhfeidhm an tsaineolais nua eolaíche a thabhairt le chéile. Tá níos mó agus níos mó saoránach agus tomhaltóirí ag éileamh táirgí ar ardcháilíocht le sainghnéithe áirithe atá nasctha lena dtionscnamh geografach. Chun na críche sin, beidh CEMI in ann tacú le hearraí bia mara a áirítear in Rialachán 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1a]. Go háirithe, beidh sé in ann tacú le haithint agus clárú Tásca geografacha cáilíochta faoin Rialachán sin. Ina theannta sin, beidh sé in ann tacú leis na heintitis bhainistíochta i dtaca le hainmniúchán tionscnaimh faoi chosaint (ATFC) agus tásca geografacha faoi chosaint (TGFC), mar aon leis na cláir atá á bhforbairt acu chun an cháilíocht a fheabhsú. Thairis sin, beidh sé in ann tacú leis an taighde a dhéanann na heintitis bhainistíochta sin chun feasacht ar shaoráidí saintáirgthe, próisis agus táirgí a fheabhsú.***<br>______________<br>***[1a] Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Samhain 2012 maidir le scéimeanna cáilíochta i gcomhair táirgí talmhaíochta agus bia-earraí (IO L 343, 14.12.2012, lch. 1).*** |

**Leasú 51**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Aithris 33 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(33b) I bhfianaise Rún Pharlaimint na hEorpa an 4 Nollaig 2008 maidir le 'Plean Eorpach um Bainistiú Broigheall' agus rún an 17 Meitheamh 2010 maidir le hugach úr don Straitéis um Fhorbairt Inbhuanaithe Dhobharshaothrú na hEorpa, le CEMI, ba cheart tacaíocht a thabhairt do thaighde eolaíoch agus bailiú sonraí maidir le tionchar na n-éan imirceach ar earnáil an dobharshaothraithe agus ar stoic ábhartha éisc an Aontais.*** |

**Leasú 52**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Aithris 33 c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(33c) I bhfianaise an ghá atá le hearnáil dobharshaothraithe atá ag fás agus cailliúintí tábhachtacha na stoc éisc mar gheall ar éin imirceacha, ba cheart do CEMI cúitimh shonracha i leith na gcailliúintí a chur san áireamh go dtí go mbeidh Plean Bainistithe Eorpach i bhfeidhm.*** |

**Leasú 53**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Aithris 34**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (34) Bíonn ról ag tionscal na próiseála maidir le táirgí iascaigh agus dobharshaothraithe a bheith ar fáil agus caighdeán na dtáirgí. Ba cheart CEMI a bheith in ann tacú le hinfheistíochtaí sonraithe sa tionscal sin, ar choinníoll go dtacaíonn siad le gnóthú cuspóirí CEM. Níor cheart tacaíocht den sórt sin a chur ar fáil ach amháin trí ionstraimí airgeadais agus trí InvestEU seachas trí dheontais. | (34) Bíonn ról ag tionscal na próiseála maidir le táirgí iascaigh agus dobharshaothraithe a bheith ar fáil agus caighdeán na dtáirgí. Ba cheart do CEMI a bheith in ann tacú le hinfheistíochtaí sonraithe sa tionscal sin, ar choinníoll go dtacaíonn siad le gnóthú cuspóirí CEM. ***Féadfar*** tacaíocht den sórt sin a chur ar fáil ***trí dheontais,*** trí ionstraimí airgeadais agus trí InvestEU. |

**Leasú 54**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Aithris 34 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(34a) Seachas na bearta incháilithe atá luaite cheana, ba cheart do CEMI a bheith in ann tacaíocht a thabhairt do*** |

***réimsí eile a bhaineann le hiascach agus dobharshaothrú lena n-áirítear tacaíocht d'fhiach cosantach nó bainistiú fiadhúlra núise na speiceas a chuireann leibhéil inbhuanaithe na stoc éisc i mbaol, go sonrach rónta agus broighill.***

**Leasú 55**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Aithris 34 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(34b) Seachas na bearta incháilithe atá luaite cheana, ba cheart do CEMI a bheith in ann tacaíocht a thabhairt do réimsí eile a bhaineann le hiascach agus dobharshaothrú lena n-áirítear díobháil do ghabhálacha a chúiteamh arb é is cúis léi mamaigh agus éin atá faoi chosaint reachtaíocht an Aontais, go sonrach rónta agus broighill.*** |

**Leasú 56**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Aithris 35**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (35) Braitheann cruthú post i réigiúin chósta go mór ar an bhforbairt faoi thionchar an phobail a dhéantar ar gheilleagar gorm inbhuanaithe lena dtugtar beocht do chreatlach shóisialta na réigiún sin. Is dócha go gcruthóidh níos fearr le tionscail agus seirbhísí aigéin ná leis an ngeilleagar domhanda agus go gcuirfidh siad go mór leis an bhfostaíocht agus leis an bhfás faoi 2030. Le go mbeidh sé inbhuanaithe, braitheann an fás gorm ar an nuálaíocht agus ar an infheistíocht i ngnólachtaí muirí nua ***agus*** sa bhithgheilleagar, lena n-áirítear samhlacha inbhuanaithe turasóireachta, fuinneamh in-athnuaite bunaithe ar na haigéin, longthógáil nuálach ardleibhéil agus seirbhís nua calafoirt, chun poist a chruthú agus feabhas a chur ar an bhforbairt áitiúil san am céanna. Cé gur cheart infheistíocht sa gheilleagar gorm inbhuanaithe a phríomhshruthú ar fud bhuiséad an Aontais, ba cheart do ***CEMI*** díriú ar choinníollacha cumasaithe maidir le ***forbairt ar an*** ngeilleagar gorm inbhuanaithe agus ar dheireadh a chur le bacainní chun infheistíocht agus forbairt ar mhargaí agus ar theicneolaíochtaí nó seirbhísí nua a éascú. Ba cheart tacaíocht d'fhorbairt an gheilleagair ghoirm inbhuanaithe a sholáthar tríd an | (35) Braitheann cruthú post i réigiúin chósta go mór ar an bhforbairt faoi thionchar an phobail a dhéantar ar gheilleagar gorm inbhuanaithe ***a fhorbróidh laistigh de theorainneacha éiceolaíocha agus*** lena dtugtar beocht do chreatlach shóisialta na réigiún sin***, lena n-áirítear na hoileáin agus na réigiúin is forimeallaí***. Is dócha go gcruthóidh níos fearr le tionscail agus seirbhísí aigéin ná leis an ngeilleagar domhanda agus go gcuirfidh siad go mór leis an bhfostaíocht agus leis an bhfás faoi 2030. Le go mbeidh sé inbhuanaithe, braitheann an fás gorm ar an nuálaíocht agus ar an infheistíocht i ngnólachtaí muirí nua***,*** sa bhithgheilleagar ***agus sa bhiteicneolaíocht***, lena n-áirítear samhlacha inbhuanaithe turasóireachta, fuinneamh in-athnuaite bunaithe ar na haigéin, longthógáil nuálach ardleibhéil agus seirbhís nua calafoirt ***agus forbairt inbhuanaithe na hearnála iascaigh agus dobharshaothraithe***, lenar féidir poist a chruthú agus feabhas a chur ar an bhforbairt áitiúil san am céanna***, chomh maith le forbairt táirgí muirí nua atá bunaithe ar bhitheolaíocht***. Cé gur cheart infheistíocht sa gheilleagar gorm inbhuanaithe a phríomhshruthú ar fud bhuiséad an Aontais, ba cheart do ***CEMID*** díriú ar choinníollacha cumasaithe maidir |

mbainistíocht chomhroinnte, dhíreach agus indíreach.

le geilleagar gorm inbhuanaithe ***a fhorbróidh laistigh de theorainneacha éiceolaíocha*** agus ar scrogaill a bhaint chun infheistíocht agus forbairt ar mhargaí agus ar theicneolaíochtaí nó seirbhísí nua a éascú. Ba cheart tacaíocht d'fhorbairt an gheilleagair ghoirm inbhuanaithe a sholáthar tríd an mbainistíocht chomhroinnte, dhíreach agus indíreach.

**Leasú 57**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Aithris 35 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(35a) I gcomhréir le hAithris 3 de Rialachán CBI, is féidir tionchar suntasach a bheith ag iascach áineasa ar acmhainní éisc agus mar sin ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go seolfar iad ar bhealach atá ag luí le cuspóirí CBI. Ní féidir iascach áineasa a bhainistiú go cuí, áfach, gan bailiú iontaofa agus athfhillteach de shonraí iascaigh áineasa mar a chuir Parlaimint na hEorpa in iúl go láidir ina rún maidir le riocht na n-iascach áineasa san Aontas Eorpach (2017/2120 INI).*** |

**Leasú 58**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Aithris 35 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(35b) Is é an sprioc atá ag geilleagar gorm tomhaltas agus táirgeadh inbhuanaithe a ráthú, agus chomh maith leis sin úsáid éifeachtúil acmhainní i gcomhcheangal le cosaint agus caomhnú éagsúlachta, tháirgiúlacht, athléimneacht, bhunphrionsabail agus luachanna intreacha na n-éiceachóras muirí a ráthú. Tá sé bunaithe ar mheasúnú a dhéanamh ar riachtanais fadtéarmach na nglúnta atá ann anois agus iad siúd atá le teacht. Ciallaíonn sé sin na praghsanna cearta a shocrú d'earraí agus do sheirbhísí.*** |

**Leasú 59**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Aithris 35 c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(35c) Tá gá le bearta tacaíochta chun idirphlé sóisialta a éascú agus chun úsáid*** |

| | |
|---|---|
| | ***a bhaint as CEMI chun cabhrú le hoiliúint oibrithe oilte san earnáil mhuirí agus iascaigh. Leis an tábhacht atá leis na hearnálacha muirí agus iascaigh a nuachóiriú agus an ról atá ag an nuálaíocht chuige sin, is gá measúnú nua a dhéanamh ar na leithdháiltí airgeadais faoi CEMI le haghaidh oiliúint ghairmiúil agus gairmoiliúint.*** |

**Leasú 60**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Aithris 35 d (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(35d) Tá infheistíocht i gcaipiteal daonna riachtanach freisin chun iomaíochas agus feidhmíocht eacnamaíoch na ngníomhaíochtaí iascaireachta agus muirí a mhéadú. Dá bhrí sin, ba cheart do CEMI tacú le seirbhísí comhairleacha, le comhar idir eolaithe agus iascairí, le hoiliúint ghairmiúil, le foghlaim ar feadh an tsaoil, cabhrú le spreagadh scaipeadh eolais agus cabhrú le feidhmíocht fhoriomlán agus iomaíochas foriomlán na n-oibreoirí a fheabhsú mar aon leis an idirphlé sóisialta a chur chun cinn. Mar*** |

| | |
|---|---|
| | ***aitheantas ar an ról atá acu i bpobail iascaireachta, ba cheart, faoi choinníollacha áirithe, tacaíocht a dheonú do chéilí agus do pháirtithe saoil iascairí féinfhostaithe maidir le hoiliúint ghairmiúil, le foghlaim ar feadh an tsaoil, le scaipeadh eolais agus le líonrú a chuireann lena bhforbairt ghairmiúil.*** |

**Leasú 61**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Aithris 36**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (36) Braitheann forbairt geilleagair ghoirm inbhuanaithe go láidir ar chomhpháirtíochtaí idir geallsealbhóirí áitiúla a chuireann go mór le beocht phobail agus gheilleagair chósta agus intíre. Ba cheart do CEMI uirlisí a chur ar fáil chun comhpháirtíochtaí dá leithéid a chothú. Chun na críche sin, ba cheart tacaíocht a bheith la fáil le haghaidh forbairt áitiúil faoi stiúir an phobail faoin mbainistíocht chomhroinnte. Ba cheart do straitéisí den sórt sin borradh a chur faoin éagsúlú eacnamaíoch i gcomhthéacs áitiúil trí iascach agus dobharshaothrú cósta agus intíre a fhorbairt mar aon le geilleagar | (36) Braitheann forbairt geilleagair ghoirm inbhuanaithe go láidir ar chomhpháirtíochtaí idir geallsealbhóirí áitiúla a chuireann go mór le beocht ***agus inbhuanaitheacht dhaonra*** na bpobal agus na ngeilleagar cósta***, oileáin*** agus intíre. Ba cheart do CEMI uirlisí a chur ar fáil chun comhpháirtíochtaí dá leithéid a chothú. Chun na críche sin, ba cheart tacaíocht a bheith le fáil le haghaidh forbairt áitiúil faoi stiúir an phobail (FÁSAP) faoin mbainistíocht chomhroinnte. Ba cheart do straitéisí den sórt sin borradh a chur faoin éagsúlú eacnamaíoch i gcomhthéacs áitiúil trí iascach agus dobharshaothrú cósta agus |

| | |
|---|---|
| gorm inbhuanaithe a fhorbairt. Ba cheart do straitéisí FÁSAP a áirithiú go mbaineann pobail áitiúla leas agus tairbhe as deiseanna a chuireann an geilleagar gorm inbhuanaithe ar fáil, go mbaintear buntáiste as acmhainní comhshaoil, cultúrtha, sóisialta agus daonna agus go ndéantar iad a threisiú. Ba cheart, dá bhrí sin, go mbeadh gach comhpháirtíocht ag teacht le príomhfhócas a straitéise ach ról agus ionadaíocht chothrom a bheith ag na geallsealbhóirí ar fad ón ngeilleagar gorm inbhuanaithe áitiúil. | intíre a fhorbairt mar aon le geilleagar gorm inbhuanaithe a fhorbairt. Ba cheart do straitéisí FÁSAP a áirithiú go mbaineann pobail áitiúla leas agus tairbhe as deiseanna a chuireann an geilleagar gorm inbhuanaithe ar fáil, go mbaintear buntáiste as acmhainní comhshaoil, cultúrtha, sóisialta agus daonna agus go ndéantar iad a threisiú. Ba cheart, dá bhrí sin, go mbeadh gach comhpháirtíocht ag teacht le príomhfhócas a straitéise ach ról agus ionadaíocht chothrom a bheith ag na geallsealbhóirí ar fad ón ngeilleagar gorm inbhuanaithe áitiúil. |

**Leasú 62**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Aithris 37**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (37) Faoin mbainistíocht chomhroinnte, ba cheart ***CEMI*** a bheith in ann tacú leis ***an*** ngeilleagar gorm inbhuanaithe ach sonraí a bhailiú, a bhainistiú agus a úsáid d'fhonn eolas ar staid na muirthimpeallachta a fheabhsú. Ba cheart go mbeadh sé mar aidhm leis an tacaíocht sin na riachtanais faoi Threoir 92/43/CEE agus faoi Threoir 2009/147/CE a | (37) Faoi bhainistíocht chomhroinnte, ba cheart do ***CEMID*** a bheith in ann tacú ***le*** geilleagar gorm inbhuanaithe ***a fhorbróidh laistigh de theorainneacha éiceolaíocha*** trí shonraí a bhailiú, a bhainistiú agus a úsáid chun an t-eolas ar riocht na timpeallachta muirí ***agus fionnuisce agus riocht na n-acmhainní*** a fheabhsú. Ba cheart go mbeadh sé mar aidhm leis an |

| | |
|---|---|
| chomhlíonadh, tacú leis an bpleanáil spásúil mhuirí agus feabhas a chur ar cháilíocht sonraí agus ar roinnt sonraí trí bhíthin an Líonra Eorpaigh um Breathnóireacht agus Sonraí Muirí. | tacaíocht sin na riachtanais faoi Threoir 92/43/CEE agus faoi Threoir 2009/147/CE a chomhlíonadh, tacú leis an bpleanáil spásúil mhuirí***, le hinbhuanaitheacht na hearnála iascaigh agus dobharshaothraithe*** agus feabhas a chur ar cháilíocht sonraí agus ar roinnt sonraí trí bhíthin an Líonra Eorpaigh um Breathnóireacht agus Sonraí Muirí. |

**Leasú 63**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Aithris 38**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (38) Faoin mbainistíocht dhíreach agus indíreach, ba cheart do CEMI díriú ar na coinníollacha ***cumasaithe*** don gheilleagar gorm inbhuanaithe trí rialachas agus bainistíocht chomhtháite an bheartais mhuirí a chur chun cinn, feabhas a chur ar aistriú agus ar ghlacadh taighde, nuálaíocht agus teicneolaíocht sa gheilleagar gorm inbhuanaithe, scileanna muirí a fheabhsú, tuiscint ar na haigéin agus sonraí socheacnamaíocha faoin ngeilleagar gorm inbhuanaithe a roinnt, geilleagar gorm inbhuanaithe ísealcharbóin aeráidseasmhach a chur chun cinn agus | (38) Faoin mbainistíocht dhíreach agus indíreach, ba cheart do CEMI díriú ar choinníollacha ***a chruthú*** don gheilleagar gorm inbhuanaithe ***a fhorbraíonn laistigh de theorainneacha éiceolaíocha agus a chothaíonn timpealleacht mhuirí shláintiúil*** trí rialachas agus bainistíocht chomhtháite an bheartais mhuirí a chur chun cinn, feabhas a chur ar aistriú agus ar ghlacadh taighde, nuálaíocht agus teicneolaíocht sa gheilleagar gorm inbhuanaithe, scileanna muirí a fheabhsú, tuiscint ar na ***farraigí agus*** ar na haigéin agus sonraí ***comhshaoil agus*** |

| | |
|---|---|
| tairseach thionscadail agus ionstraimí nuálacha airgeadais a fhorbairt. Ba cheart machnamh cuí a dhéanamh ar chás ***na réigiún is forimeallaí*** i ndáil leis na réimsí thuasluaite. | socheacnamaíocha faoin ngeilleagar gorm inbhuanaithe a roinnt, geilleagar gorm inbhuanaithe ísealcharbóin aeráidseasmhach a chur chun cinn agus tairseach thionscadail agus ionstraimí nuálacha airgeadais a fhorbairt. Ba cheart machnamh cuí a dhéanamh ar chás sonrach ***na réigiún agus na n-oileán is forimeallaí a thagann faoi raon feidhme Airteagal 174 CFAE*** i ndáil leis na réimsí thuasluaite. |

**Leasú 64**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Aithris 39**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (39) Tá 60 % de na haigéin lastall de theorainneacha dlínse náisiúnta. Ciallaíonn sin go bhfuil comhfhreagracht idirnáisiúnta ann. Is fadhbanna trasteorann iad formhór na bhfadhbanna a bhaineann leis na haigéin lena n-áirítear an dúshaothrú, an t-athrú aeráide, an t-aigéadú, an truailliú ***agus*** an bhithéagsúlacht ***atá ag meath*** agus dá bhrí sin, ní mór freagairt chomhroinnte a thabhairt orthu. Faoi Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige, ina bhfuil an tAontas mar Pháirtí | (39) Tá 60 % de na haigéin lastall de theorainneacha dlínse náisiúnta. Ciallaíonn sin go bhfuil comhfhreagracht idirnáisiúnta ann. Is fadhbanna trasteorann iad formhór na bhfadhbanna a bhaineann leis na haigéin lena n-áirítear an dúshaothrú, an t-athrú aeráide, an t-aigéadú, an truailliú***, an tsirtheoireacht nó miandóireacht faoi uisce agus a mbíonn laghdú*** bithéagsúlachta ***mar thoradh orthu*** agus dá bhrí sin, ní mór freagairt chomhroinnte a thabhairt orthu. Faoi Choinbhinsiún na |

| | |
|---|---|
| faoi Chinneadh 98/392/CE[16] ón gComhairle, bunaíodh neart cearta dlínsiúla, institiúidí agus creataí ar leith chun gníomhaíocht an duine ar na haigéin a rialú agus a bhainistiú. Le blianta beaga anuas, tá comhaontú domhanda ann gur cheart an mhuirthimpeallacht agus gníomhaíochtaí muirí an duine a bhainistiú go héifeachtach chun aghaidh a thabhairt ar an mbrú ar ***na*** haigéin atá ag méadú de shíor. | Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige, ina bhfuil an tAontas mar Pháirtí faoi Chinneadh 98/392/CE[16] ón gComhairle, bunaíodh neart cearta dlínsiúla, institiúidí agus creataí ar leith chun gníomhaíocht an duine ar na haigéin a rialú agus a bhainistiú. Le blianta beaga anuas, tá comhaontú domhanda ann gur cheart an mhuirthimpeallacht agus gníomhaíochtaí muirí an duine a bhainistiú go héifeachtach chun aghaidh a thabhairt ar an mbrú ar na haigéin ***agus ar na farraigí*** atá ag méadú de shíor. |
| ___________________ | ___________________ |
| [16] Cinneadh 98/392/CE ón gComhairle an 23 Márta 1998 i ndáil le conclúid an Chomhphobail Eorpaigh ag Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe an 10 Nollaig 1982 maidir le Dlí na Farraige agus an Comhaontú ón 28 Iúil 1994 a bhaineann le Cuid XI de a chur chun feidhme (IO L 179, 23.6.1998, lch. 1). | [16] Cinneadh 98/392/CE ón gComhairle an 23 Márta 1998 i ndáil le conclúid an Chomhphobail Eorpaigh ag Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe an 10 Nollaig 1982 maidir le Dlí na Farraige agus an Comhaontú ón 28 Iúil 1994 a bhaineann le Cuid XI de a chur chun feidhme (IO L 179, 23.6.1998, lch. 1). |

**Leasú 65**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Aithris 40**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|

(40) Mar ghníomhaí domhanda, tá an tAontas meáite ar an rialú idirnáisiúnta aigéan a chur chun cinn, i gcomhréir leis an Teachtaireacht Chomhpháirteach chuig an gComhairle, chuig Parlaimint na hEorpa, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún an 10 Samhain 2016 dar teideal 'Rialachas idirnáisiúnta aigéan: clár oibre le haghaidh thodhchaí na n-aigéan'[17]. Is beartas nua é beartas rialachais aigéan an Aontais lena gcumhdaítear na haigéin ar bhealach comhtháite. Ní amháin go bhfuil an rialachas idirnáisiúnta aigéan lárnach maidir leis an gClár Oibre don Fhorbairt Inbhuanaithe 2030 agus go háirithe i dtaca le Sprioc Forbartha Inbhuanaithe 14 ('na haigéin, na farraigí agus acmhainní muirí a chaomhnú agus a úsáid go hinbhuanaithe don fhorbairt inbhuanaithe') ach tá sé tábhachtach chun farraigí agus aigéin shábháilte, shlána, ghlana a bhainistítear go hinbhuanaithe a chinntiú do na glúine atá le teacht freisin. Ní mór don Aontas seasamh leis na gealltanais idirnáisiúnta sin a thug sé agus bheith ina cheann feadhna maidir le rialachas idirnáisiúnta aigéan níos fearr a dhéanamh ar an leibhéal déthaobhach, réigiúnach agus iltaobhach lena n-áirítear iascaireacht ***neamhthuairiscthe neamhrialáilte*** a chosc, a stopadh agus a dhíothú, feabhas a chur ar an gcreat um rialachas idirnáisiúnta aigéan, brú ar na

(40) Mar ghníomhaí domhanda, tá an tAontas meáite ar an rialú idirnáisiúnta aigéan a chur chun cinn, i gcomhréir leis an Teachtaireacht Chomhpháirteach chuig an gComhairle, chuig Parlaimint na hEorpa, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún an 10 Samhain 2016 dar teideal 'Rialachas Idirnáisiúnta Aigéan: agus clár oibre le haghaidh thodhchaí na n-aigéan'[17] . Is beartas nua é beartas rialachais aigéan an Aontais lena gcumhdaítear na haigéin ar bhealach comhtháite. Ní amháin go bhfuil an rialachas idirnáisiúnta aigéan lárnach maidir leis an gClár Oibre don Fhorbairt Inbhuanaithe 2030 agus go háirithe i dtaca le Sprioc Forbartha Inbhuanaithe 14 ('na haigéin, na farraigí agus acmhainní muirí a chaomhnú agus a úsáid go hinbhuanaithe don fhorbairt inbhuanaithe') ach tá sé tábhachtach chun farraigí agus aigéin shábháilte, shlána, ghlana a bhainistítear go hinbhuanaithe a ráthú do na glúnta atá le teacht freisin. Ní mór don Aontas seasamh leis na gealltanais idirnáisiúnta sin a thug sé agus a bheith ina ***phríomh***cheann feadhna maidir le rialachas idirnáisiúnta aigéan níos fearr a dhéanamh ar an leibhéal déthaobhach, réigiúnach agus iltaobhach, lena n-áirítear iascaireacht ***NNN*** a chosc, a stopadh agus a dhíothú ***agus an tionchar ar an timpeallacht mhuirí a íoslaghdú***, chun feabhas a chur ar an gcreat um

| | |
|---|---|
| haigéin agus ar na farraigí a laghdú, dálaí a chruthú do gheilleagar gorm inbhuanaithe agus taighde agus sonraí idirnáisiúnta faoi na haigéin a threisiú. | rialachas idirnáisiúnta aigéan, chun brú ar na haigéin agus ar na farraigí a laghdú, chun dálaí a chruthú do gheilleagar gorm inbhuanaithe ***a fhorbraíonn laistigh de theorainneacha éiceolaíocha*** agus chun taighde agus sonraí idirnáisiúnta faoi na haigéin a threisiú. |
| [17] JOIN(2016) 49 | [17] JOIN(2016) 49 |

**Leasú 66**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Aithris 43**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (43) Faoin mbainistíocht chomhroinnte, ba cheart do gach Ballstát clár amháin a ullmhú agus ba cheart don Choimisiún iad a fhaomhadh. I gcomhthéacs an réigiúnaithe agus d'fhonn na Ballstáit a ghríosú chun cur chuige níos straitéisí a ghlacadh agus na cláir á n-ullmhú, ba cheart don Choimisiún anailís a fhorbairt ar gach imchuach farraige lena léirítear na láidreachtaí agus na laigí coitianta i ndáil le cuspóirí CBI a bhaint amach. Ba cheart go mbeadh an anailís sin mar threoir do na Ballstáit agus don Choimisiún araon le linn | (43) Faoin mbainistíocht chomhroinnte, ba cheart do gach Ballstát clár amháin a ullmhú ***i gcomhar leis na réigiúin uile*** agus ba cheart don Choimisiún é a fhaomhadh. I gcomhthéacs an réigiúnaithe agus d'fhonn na Ballstáit a spreagadh chun cur chuige níos straitéisí a ghlacadh agus na cláir á n-ullmhú acu, ba cheart don Choimisiún anailís a fhorbairt ar gach imchuach farraige lena léirítear na láidreachtaí agus na laigí coitianta i ndáil le cuspóirí CBI a bhaint amach. Ba cheart go mbeadh an anailís sin mar threoir do na |

| | |
|---|---|
| idirbheartaíocht a dhéanamh ar gach clár agus dúshláin agus riachtanais réigiúnacha á gcur san áireamh. Agus na cláir á meas, ba cheart don Choimisiún na dúshláin chomhshaoil agus shocheacnamaíocha a bhaineann le CBI, feidhmiú socheacnamaíoch ***an*** gheilleagair ghoirm inbhuanaithe, na dúshláin ar leibhéal imchuach farraige, éiceachórais mhuirí a chaomhnú agus a athchóiriú, bruscar muirí a laghdú agus athrú aeráide a mhaolú agus oiriúnú chuige a chur san áireamh. | Ballstáit agus don Choimisiún araon le linn idirbheartaíocht a dhéanamh ar gach clár agus dúshláin agus riachtanais réigiúnacha á gcur san áireamh. Agus na cláir á meas, ba cheart don Choimisiún na dúshláin chomhshaoil agus shocheacnamaíocha a bhaineann le CBI, feidhmiú socheacnamaíoch geilleagair ghoirm inbhuanaithe ***a fhorbraíonn laistigh de theorainneacha éiceolaíocha, go háirithe maidir le hiascach cósta ar an mionchóir,*** na dúshláin ar leibhéal imchuach farraige, éiceachórais mhuirí a chaomhnú agus a athchóiriú, bruscar muirí a laghdú ***agus a bhailiú*** agus athrú aeráide ***a chomhrac,*** a mhaolú agus oiriúnú chuige a chur san áireamh. |

**Leasú 67**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Aithris 43 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(43a) Chun cur chun feidhme éifeachtach na mbeart bainistithe ar an leibhéal réigiúnach a áirithiú, ba cheart do na Ballstáit scéim comhbhainistithe a chur i bhfeidhm ina mbeadh Comhairlí Comhairleacha, eagraíochtaí iascairí,*** |

| | |
|---|---|
| | ***institiúidí/údaráis inniúla rannpháirteach chun idirphlé agus rannpháirtíocht na bpáirtithe uile a neartú.*** |

**Leasú 68**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Aithris 44 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(44a) Tuairiscíodh go raibh an nós imeachta íocaíochta faoin CEMI reatha go dona, toisc nach bhfuil ach 11% de úsáidte agus é ceithre bliana i bhfeidhm. Ba cheart feabhas a chur ar an nós imeachta sin chun dlús a chur le híocaíochtaí le tairbhithe, go háirithe a mhéid a bhaineann le daoine aonair nó le teaghlaigh.*** |

**Leasú 69**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Aithris 46 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|

| | |
|---|---|
| | ***(46a) Ba cheart don Choimisiún freisin uirlisí leordhóthanacha a sholáthar chun an tsochaí a chur ar an eolas faoi ghníomhaíochtaí iascaireachta agus dobharshaothraithe agus faoi na sochair a bhaineann le tomhaltas éisc agus bia na mara a éagsúlú.*** |

**Leasú 70**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Aithris 47**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (47) I gcomhréir le Rialachán (EU) [Rialachán maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais] Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[19], Rialachán (Euratom, CE) Uimh. 2988/95[20] ón gComhairle, Rialachán (Euratom, CE) Uimh. 2185/96[21] ón gComhairle agus Rialachán (AE) Uimh. 2017/1939[22] ón gComhairle déanfar leasanna airgeadais an Aontais a chosaint trí bhearta comhréireacha, lena n-áirítear trí neamhrialtachtaí, lena n-áirítear calaois, a chosc, a bhrath agus a fhiosrú, cistí a cailleadh, a íocadh go mícheart nó a | (47) I gcomhréir le Rialachán (EU) [Rialachán maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais] Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[19], Rialachán (Euratom, CE) Uimh. 2988/95[20] ón gComhairle, Rialachán (Euratom, CE) Uimh. 2185/96[21] ón gComhairle agus Rialachán (AE) Uimh. 2017/1939[22] ón gComhairle déanfar leasanna airgeadais an Aontais a chosaint trí bhearta comhréireacha, lena n-áirítear trí neamhrialtachtaí, lena n-áirítear calaois, a chosc, a bhrath agus a fhiosrú, cistí a cailleadh, a íocadh go mícheart nó a |

| | |
|---|---|
| úsáideadh go mícheart a ghnóthú agus, i gcás inarb iomchuí, smachtbhannaí riaracháin a fhorchur. Go háirithe, i gcomhréir le Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 agus Rialachán (Euratom, CE) Uimh. 2185/96 ***d'fhéadfadh*** an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) imscrúduithe a dhéanamh, lena n-áirítear seiceálacha agus cigireachtaí ar an láthair, d'fhonn a shuí ar tharla calaois, éilliú nó aon ghníomhaíocht neamhdhleathach eile a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais. I gcomhréir le Rialachán (AE) 2017/1939 ón gComhairle, ***d'fhéadfadh*** Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh calaois agus cionta coiriúla eile a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais a fhiosrú, de réir mar a fhoráiltear i dTreoir (AE) 2017/1371 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[23]. I gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. [Rialachán maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais] ní mór d'aon duine nó d'aon eintiteas a fhaigheann cistí ón Aontas comhoibriú go hiomlán i gcosaint leasanna airgeadais an Aontais agus na cearta agus an rochtain is gá a thabhairt don Choimisiún, do OLAF, do OIPE agus do Chúirt Iniúchóirí na hEorpa (CIE) agus ní mór dó a áirithiú go dtabharfaidh aon tríú páirtithe a bheidh páirteach i gcur chun feidhme cistí de chuid an Aontais cearta coibhéiseacha. Ba | úsáideadh go mícheart a aisghabháil agus, i gcás inarb iomchuí, smachtbhannaí riaracháin a fhorchur. Go háirithe, i gcomhréir le Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 agus Rialachán (Euratom, CE) Uimh. 2185/96, ***ba cheart*** d'Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) imscrúduithe a dhéanamh, lena n-áirítear seiceálacha agus cigireachtaí ar an láthair, d'fhonn a shuí ar tharla calaois, éilliú nó aon ghníomhaíocht neamhdhleathach eile a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais. I gcomhréir le Rialachán (AE) 2017/1939 ón gComhairle, ***ba cheart*** d'Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE) calaois agus cionta coiriúla eile a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais a fhiosrú, de réir mar a fhoráiltear i dTreoir (AE) 2017/1371 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[23]. I gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. [Rialachán maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais] ní mór d'aon duine nó d'aon eintiteas a fhaigheann cistí ón Aontas comhoibriú go hiomlán i gcosaint leasanna airgeadais an Aontais agus na cearta agus an rochtain is gá a thabhairt don Choimisiún, do OLAF, do OIPE agus do Chúirt Iniúchóirí na hEorpa (CIE) agus ní mór dó a áirithiú go dtabharfaidh aon tríú páirtithe a bheidh páirteach i gcur chun feidhme cistí de |

cheart do na Ballstáit a áirithiú go ndéantar leasanna airgeadais an Aontais a chosaint i ndáil le CEMI a bhainistiú agus a chur chun feidhme, i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. [Rialachán maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais] agus le Rialachán (AE) Uimh. [Rialachán lena leagtar síos na Forálacha Coiteanna].

---

[19] Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Meán Fómhair 2013 maidir le himscrúduithe arna ndéanamh ag an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1073/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (Euratom) Uimh. 1074/1999 ón gComhairle (IO L 248, 18.09.2013, lch. 1).

[20] Rialachán (Euratom, CE) Uimh. 2185/96 ón gComhairle an 11 Samhain 1996 maidir le seiceálacha agus cigireachtaí ar an láthair arna ndéanamh ag an gCoimisiún chun leasanna airgeadais na gComhphobal Eorpach a chosaint i gcoinne na calaoise agus neamhrialtachtaí eile (IO L 292, 15.11.1996, lch. 2).

[21] Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 2988/95

chuid an Aontais cearta coibhéiseacha. Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go ndéantar leasanna airgeadais an Aontais a chosaint i ndáil le CEMI a bhainistiú agus a chur chun feidhme, i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. [Rialachán maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais] agus le Rialachán (AE) Uimh. [Rialachán lena leagtar síos na Forálacha Coiteanna].

---

[19] Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Meán Fómhair 2013 maidir le himscrúduithe arna ndéanamh ag an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1073/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (Euratom) Uimh. 1074/1999 ón gComhairle (IO L 248, 18.09.2013, lch. 1).

[20] Rialachán (Euratom, CE) Uimh. 2185/96 ón gComhairle an 18 Nollaig 1995 maidir le leasanna airgeadais na gComhphobal Eorpach a chosaint (IO L 312, 23.12.965, lch. 1).

[21] Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 2988/95

an 18 Nollaig 1995 ón gComhairle maidir le leasanna airgeadais na gComhphobal Eorpach a chosaint (IO L 312, 23.12.95, lch.1).

[22] Rialachán (AE) 2017/1939 an 12 Deireadh Fómhair 2017 ón gComhairle lena gcuirtear chun feidhme comhar feabhsaithe maidir le bunú Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (IO L 283, 31.10.2017, lch. 1).

[23] Treoir (AE) 2017/1371 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Iúil 2017 maidir leis an gcomhrac in aghaidh na calaoise ar leasanna airgeadais an Aontais trí bhíthin an dlí choiriúil (IO L 198, 28.7.2017, lch. 29).

an 11 Samhain 1996 maidir le seiceálacha agus cigireachtaí ar an láthair arna ndéanamh ag an gCoimisiún chun leasanna airgeadais na gComhphobal Eorpach a chosaint i gcoinne na calaoise agus neamhrialtachtaí eile (IO L 292, 15.11.1996, lch. 2).

[22] Rialachán (AE) 2017/1939 an 12 Deireadh Fómhair 2017 ón gComhairle lena gcuirtear chun feidhme comhar feabhsaithe maidir le bunú Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (IO L 283, 31.10.2017, lch. 1).

[23] Treoir (AE) 2017/1371 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Iúil 2017 maidir leis an gcomhrac in aghaidh na calaoise ar leasanna airgeadais an Aontais trí bhíthin an dlí choiriúil (IO L 198, 28.7.2017, lch. 29).

**Leasú 71**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Aithris 48**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (48) Chun feabhas a chur ar an trédhearcacht maidir le húsáid chistí an | (48) Chun feabhas a chur ar an trédhearcacht maidir le húsáid chistí an |

| | |
|---|---|
| Aontais agus maidir leis an mbainistíocht fhónta airgeadais a dhéantar orthu, go háirithe an rialú poiblí ar an airgead a úsáistear a threisiú, ba cheart faisnéis ***áirithe*** faoi na hoibríochtaí dá dtugtar tacaíocht faoi CEMI a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin de chuid an Bhallstáit i gcomhréir le Rialachán (AE) [an Rialachán lena leagtar síos Forálacha Coiteanna]. Nuair a fhoilseoidh Ballstát faisnéis faoi oibríochtaí arna gcistiú faoi CEMI, cloífidh sé leis na rialacha maidir le cosaint sonraí pearsanta a leagtar amach i Rialachán (AE) Uimh. 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[24]. | Aontais agus maidir leis an mbainistíocht fhónta airgeadais a dhéantar orthu, go háirithe an rialú poiblí ar an airgead a úsáidtear a threisiú, ba cheart faisnéis áirithe faoi na hoibríochtaí dá dtugtar tacaíocht faoi CEMI a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin de chuid an Bhallstáit i gcomhréir le Rialachán (AE) [an Rialachán lena leagtar síos Forálacha Coiteanna]. Nuair a fhoilseoidh Ballstát faisnéis faoi oibríochtaí arna gcistiú faoi CEMI, cloífidh sé leis na rialacha maidir le cosaint sonraí pearsanta a leagtar amach i Rialachán (AE) Uimh. 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[24]. |
| [24]Rialachán (AE) Uimh. 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena naisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 04.05.2016, lch. 1). | [24] Rialachán (AE) Uimh. 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 04.05.2016, lch. 1). |

**Leasú 72**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 3 – mír 2 – pointe 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (2) ciallaíonn 'Timpeallacht Chomónta um Chomhroinnt Faisnéise' (CISE) timpeallacht córas arna fhorbairt chun tacú le malartú faisnéise idir údaráis a bhfuil baint acu le faireachas muirí thar earnálacha agus thar theorainneacha, ionas go gcuirfear lena bhfeasacht siúd maidir le gníomhaíochtaí ar muir; | (2) ciallaíonn 'Timpeallacht Chomónta um Chomhroinnt Faisnéise' (CISE) timpeallacht córas arna fhorbairt chun tacú le malartú faisnéise idir údaráis a bhfuil baint acu le faireachas muirí thar earnálacha agus thar theorainneacha, ionas go gcuirfear lena bhfeasacht siúd maidir le gníomhaíochtaí ***a dhéantar*** ar muir; |

**Leasú 73**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 3 – mír 2 – pointe 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (3) ciallaíon 'garda cósta' údaráis náisiúnta a bhfuil sé de chúram orthu feidhmeanna garda cósta a chomhlíonadh, lena n-áirítear sábháilteacht mhuirí, slándáil mhuirí, custaim mhuirí, cosc agus díchur ar gháinneáil agus smuigleáil, forfheidhmiú an dlí muirí a bhaineann leis, rialú teorann muirí, faireachas muirí, cosaint an chomhshaoil mhuirí, cuardach agus tarrtháil, freagairt timpiste agus tubaiste, rialú iascaigh agus gníomhaíochtaí eile a bhaineann leis na | (3) ciallaíonn 'garda cósta' údaráis náisiúnta a bhfuil sé de chúram orthu feidhmeanna garda cósta a chomhlíonadh, lena n-áirítear sábháilteacht mhuirí, slándáil mhuirí, custaim mhuirí, cosc agus díchur ar gháinneáil agus smuigleáil, forfheidhmiú an dlí muirí a bhaineann leis, rialú teorann muirí, faireachas muirí, cosaint an chomhshaoil mhuirí, cuardach agus tarrtháil, freagairt timpiste agus tubaiste, rialú iascaigh***, iniúchadh*** agus gníomhaíochtaí eile a bhaineann leis na |

| | |
|---|---|
| feidhmeanna sin; | feidhmeanna sin; |

**Leasú 74**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 3 – mír2 – pointe 6 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(6a) ciallaíonn 'iascach áineasa' gníomhaíochtaí iascaireachta neamhthráchtála lena saothraítear achmhainní bitheolaíocha mara chun críocha áineasa, turasóireachta nó spóirt;*** |

**Leasú 75**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 3 – mír 2 – pointe 6 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(6b) ciallaíonn 'earnáil na n-iascach áineasa' codanna go léir d'iascach áineasa agus na gnóthais agus poist a bhraitheann ar na hiascach sin nó arna ghiniúint ag na hiascach sin.*** |

**Leasú 76**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 3 – mír 2 – pointe 7 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(7a) ciallaíonn 'iascaire de chois' aon duine nádúrtha ag gabháil do ghníomhaíochtaí iascaireachta tráchtála, faoi mar atá aitheanta ag an mBallstát ábhartha;*** |

**Leasú 77**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 3 – mír 2 – pointe 12**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(12) ciallaíonn 'infheistithe táirgiúla dobharshaothraithe' infheistithe i dtógáil, leathnú, nuachóiriú nó feistiú saoráidí maidir le táirgiú dobharshaothraithe;*** | ***scriosta*** |

**Leasú 78**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 3 – mír 2 – pointe 13**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (13) ciallaíonn 'straitéis imchuach farraige' creat comhtháite chun tabhairt faoi dhúshláin choiteanna i ndáil le cúrsaí muirí agus cúrsaí mara atá roimh na Ballstáit, agus roimh thríú tíortha i gcásanna inarb iomchuí, in imchuach amháin nó in imchuach farraige amháin nó níos mó, agus chun comhar agus comhordú a chur chun cinn d'fhonn comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach a bhaint amach; is é an Coimisiúin a fhorbraíonn é i gcomhar leis na tíortha lena mbaineann, a réigiúin agus le geallsealbhóirí eile de réir mar is iomchuí; | (13) ciallaíonn 'straitéis imchuach farraige' creat comhtháite chun tabhairt faoi dhúshláin choiteanna i ndáil le cúrsaí muirí agus cúrsaí mara atá roimh na Ballstáit, agus roimh thríú tíortha i gcásanna inarb iomchuí, in imchuach ***sonrach*** amháin nó i bhfo-imchuach farraige amháin nó níos mó, agus chun comhar agus comhordú a chur chun cinn chun comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach a bhaint amach; is é an Coimisiúin a fhorbraíonn é i gcomhar leis na ***Ballstáit agus na tríú*** tíortha lena mbaineann, a réigiúin agus le geallsealbhóirí eile de réir mar is iomchuí; |

**Leasú 79**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 3 – mír 2 – pointe 14**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (14) ciallaíonn 'iascaireacht chósta ar an mionchóir' iascaireacht arna déanamh ag soithí iascaireachta atá níos giorra ná 12 mhéadar ar an iomlán agus gan trealamh tarraingthe in úsáid acu mar atá liostaithe in Airteagal 2(1) de Rialachán (CE) | (14) ciallaíonn 'iascaireacht chósta ar an mionchóir' iascaireacht arna déanamh ag soithí iascaireachta atá níos giorra ná 12 mhéadar ar an iomlán agus gan trealamh tarraingthe in úsáid acu mar a liostaítear in Airteagal 2(1) de Rialachán (CE) |

| | |
|---|---|
| Uimh. 1967/2006 ón gComhairle[26] | Uimh. 1967/2006 ón gComhairle[26]***,*** ***iascaireacht de chois agus bailiú sliogéisc***; |
| [26] Rialachán (CE) Uimh. 1967/2006 ón gComhairle an 21 Nollaig 2006 maidir le bearta bainistithe i leith saothrú inbhuanaithe acmhainní iascaigh sa Mheánmhuir, lena leasaítear Rialachán (CEE) Uimh. 2847/93 agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1626/94 (IO L 409, 30.12.2006, lch. 11). | [26] Rialachán (CE) Uimh. 1967/2006 ón gComhairle an 21 Nollaig 2006 maidir le bearta bainistithe i leith saothrú inbhuanaithe acmhainní iascaigh sa Mheánmhuir, lena leasaítear Rialachán (CEE) Uimh. 2847/93 agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1626/94 (IO L 409, 30.12.2006, lch. 11). |

**Leasú 80**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 3 – mír 2 – pointe 14 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(14a) ciallaíonn 'cabhlach ar an mionchóir ó na réigiúin is forimeallaí' cabhlach ar an mionchóir a oibríonn sna réigiúin is forimeallaí mar a shainmhínítear i ngach clár oibriúcháin náisiúnta;*** |

**Leasú 81**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 3 – mír 2 – pointe 15**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (15) ciallaíonn 'geilleagar glas inbhuanaithe' gach gníomhaíocht eacnamaíoch earnála agus trasearnála ar fud an mhargaidh aonair a bhaineann le muirí, cóstaí agus uiscí intíre, a chumhdaíonn na réigiúin is forimeallaí san Aontas agus tíortha talamhiata, lena n-áirítear earnálacha atá ag teacht chun cinn agus earraí agus seirbhísí neamh-mhargaidh ***agus atá*** comhsheasmhach le reachtaíocht comhshaoil an Aontais***;*** | (15) ciallaíonn 'geilleagar gorm inbhuanaithe' gach gníomhaíocht eacnamaíoch earnála agus trasearnála ar fud an mhargaidh aonair a bhaineann le haigéin, le mara, le cóstaí agus le huiscí intíre, a chumhdaíonn ***na hoileáin agus*** na réigiúin is forimeallaí san Aontas agus tíortha talamhiata, lena n-áirítear earnálacha atá ag teacht chun cinn agus earraí agus seirbhísí neamh-mhargaidh***, atá dírithe ar leas comhshaoil, sóisialta agus eacnamaíoch a áirithiú do na glúnta atá ann anois agus do na glúnta atá le teacht agus ag an am céanna éiceachórais mhuirí sláintiúil a athchóiriú agus acmhainní nádúrtha leochaileacha a chosaint,*** agus atá comhsheasmhach le reachtaíocht comhshaoil an Aontais***;*** |

**Leasú 82**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 3 – mír 2 – pointe 15 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(15a) ciallaíonn 'comhbhainistíocht'*** |

***socrú comhpháirtíochta ina ndéanann an rialtas, pobal úsáideoirí na n-acmhainní áitiúla (iascairí), gníomhaithe seachtracha (eagraíochtaí neamhrialtasacha, institiúidí taighde), agus uaireanta geallsealbhóirí eile iascaigh agus acmhainní cósta (úinéirí bád, trádálaithe éisc, gníomhaireachtaí creidmheasa nó iasachtóirí airgid, tionscal na turasóireachta, etc.) an fhreagracht agus an t-údarás a chomhroinnt maidir le cinnteoireacht i ndáil le bainistiú iascaigh;***

**Leasú 83**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 3 – mír 2 – pointe 15 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(15b) ciallaíonn 'teagmhas comhshaoil' feiniméan timpisteach de bhunús nádúrtha nó daonna agus as sin eascraíonn díghrádú ar an gcomhshaol.*** |

**Leasú 291/rev**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 4 – mír 1 – fomhír 1 – pointe 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (1) Iascach inbhuanaithe agus caomhnú acmhainní bitheolaíocha na mara; | (1) Iascaigh inbhuanaithe a chothú agus acmhainní bitheolaíochta mara ***a chosaint, a athbhunú agus*** a chaomhnú; |

**Leasú 85**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 4 – mír 1 – fomhír 1 – pointe 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(1a) Dobharshaothrú inbhuanaithe a chothú;*** |

**Leasú 291/rev**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 4 – mír 1 – fomhír 1 – pointe 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (2) Rannchuidiú le slándáil bia san Aontas trí dhobharshaothrú ***agus*** margaí iomaíocha agus inbhuanaithe; | (2) Rannchuidiú le slándáil bia in ***AE*** trí dhobharshaothrú***, iascaigh*** agus margaí atá inbhuanaithe ***agus freagrach ar bhonn*** |

| | |
|---|---|
| | ***sóisialta***; |

**Leasú 87**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 4 – mír 1 – fomhír 1 – pointe 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (3) Fás geilleagair ghoirm inbhuanaithe a éascú agus pobail ***ráthúla*** cósta a shaothrú; | (3) Fás geilleagair ghoirm inbhuanaithe a éascú***, acmhainn iompair éicealaíoch a chur san áireamh, rathúnas agus comhtháthú eacnamaíoch agus sóisialta*** a chothú i bpobail ***chósta, oileáin agus intíre***; |

**Leasú 281**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 4 – mír 1 – fomhír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Ní bheidh méadú san acmhainn iascaireachta mar thoradh ar shaothrú na gcuspóirí sin.*** |

**Leasú 88**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 4 – mír 1 – fomhír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Cuideoidh tacaíocht faoi bhun CEMI le cuspóirí an Aontais maidir le maolú an athraithe aeráide agus leis an oiriúnú don athrú sin. Rianófar an iniúchóireacht sin i gcomhréir leis an modheolaíocht a leagtar amach in Iarscríbhinn XIV. | Rannchuideoidh tacaíocht faoi bhun CEMI ***freisin*** le cuspóirí an Aontais maidir le maolú an athraithe aeráide agus leis an oiriúnú don athrú sin. Rianófar an iniúchóireacht sin i gcomhréir leis an modheolaíocht a leagtar amach in Iarscríbhinn XIV. |

**Leasú 89**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 4 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Airteagal 4 a*** |
| | ***Na réigiúin is forimeallaí*** |
| | ***Ní mór go gcuirfí san áireamh i bhforálacha an Rialacháin seo na srianta sonracha a aithnítear in Airteagal 349 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.*** |

**Leasú 90**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 5 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Is é ***EUR 6 140 000 000*** i bpraghsanna reatha a bheidh san imchlúdach airgeadais do chur chun feidhme CEMI don tréimhse 2021 – 2027. | 1. Méadófar an imchlúdach airgeadais do chur chun feidhme CEMI don tréimhse 2021 – 2027 go ***EUR 6 867 000 000 i bpraghsanna tairiseacha 2018 (i.e. EUR 7 739 000 000*** i bpraghsanna reatha***)***. |

**Leasú 91**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 6 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. ***EUR 5 311 000 000*** i bpraghsanna reatha a bheidh sa chuid den imchlúdach airgeadais atá faoi bhainistíocht chomhpháirteach, mar a shonraítear i dTeideal II i gcomhréir leis an miondealú bliantúil a leagtar amach in Iarscríbhinn V. | 1. ***87 % d'imchlúdach airgeadais CEMI [EUR xxx]*** i bpraghsanna reatha a bheidh sa chuid den imchlúdach airgeadais atá faoi bhainistíocht chomhpháirteach, mar a shonraítear i dTeideal II i gcomhréir leis an miondealú bliantúil a leagtar amach in Iarscríbhinn V. |

**Leasú 92**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 6 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***2. Maidir le hoibríochtaí sna réigiúin is forimeallaí, déanfaidh gach Ballstát lena mbaineann, na suimeanna seo a leanas ar a laghad a leithdháileadh laistigh dá thacaíocht airgeadais an Aontais a leagtar amach in Iarscríbhinn V:*** | ***scriosta*** |
| ***(a) EUR 102 000 000 i gcomhair na nAsór agus Mhaidéara;*** | |
| ***(b) EUR 82 000 000 i gcomhair na nOileán Canárach;*** | |
| ***(c) EUR 131 000 000 i gcomhair Guadalúip, Ghuáin na Fraince, Martinique, Réunion agus Saint-Martin.*** | |

**Leasú 93**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 6 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***3. Ní rachaidh an cúiteamh dá dtagraítear in Airteagal 21 thar 50% de na leithdháiltí dá dtagraítear i bpointe (a), (b) agus (c) de mhír 2.*** | ***scriosta*** |

**Leasú 94**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 6 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. Déanfar 15% ar a laghad de thacaíocht airgeadais an Aontais a leithdháileadh ar limistéir tacaíochta dá dtagraítear in Airteagal 19 agus 20. Féadfaidh Ballstáit nach bhfuil fáil acu ar uiscí an Aontais céatadán níos ísle a chur i bhfeidhm maidir le méid a gcuid tascanna rialaithe agus bailiúcháin sonraí. | 4. Déanfar 15 % ar a laghad de thacaíocht airgeadais an Aontais a leithdháileadh ar limistéir tacaíochta dá dtagraítear in Airteagal 19 agus Airteagal 20. Féadfaidh Ballstáit nach bhfuil fáil acu ar uiscí an Aontais céatadán níos ísle a chur i bhfeidhm maidir le méid a gcuid tascanna rialaithe agus bailiúcháin sonraí. ***I gcás nach mbaintear feidhm as leithdháiltí i gcomhair rialaithe agus bailiú sonraí faoi Airteagal 19 agus Airteagal 20 den Rialachán seo, féadfaidh an Ballstát lena mbaineann méideanna comhfhreagracha a aistriú a bhfuil feidhm le baint astu faoi bhainistiú*** |

***díreach chun críocha córas rialaithe iascaigh don Aontas a fhorbairt agus a chur chun feidhme, ag an nGníomhaireacht Eorpach um Rialú ar Iascach, faoi phointe (b) d'Airteagal 40 den Rialachán seo.***

**Leasuithe 283 agus 315**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 6 – mír 4 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***4a. Déanfar 25 % ar a laghad de thacaíocht airgeadais an Aontais a leithdháiltear in aghaidh an Bhallstáit a leithdháileadh ar chosaint agus ar athchóiriú na bithéagsúlachta muirí agus cósta agus éiceachórais agus ar eolas mara (Airteagal 22 agus 27).*** |

**Leasú 96**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 6 – mír 4 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***4b. Déanfar 10% ar a laghad de thacaíocht airgeadais an Aontais a leithdháileadh ar shábháilteacht agus ar dhálaí oibre agus maireachtála an chriú a fheabhsú agus ar oiliúint, idirphlé sóisialta, scileanna agus fostaíocht. Ní sháróidh tacaíocht airgeadais an Aontais ó CEMI a leithdháileadh in aghaidh an Bhallstáit do na hinfheistíochtaí go léir ar bord 60 % de thacaíocht airgeadais an Aontais a leithdháileadh in aghaidh an Bhallstáit, áfach.*** |

**Leasú 97**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 6 – mír 5 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) ***10%*** de thacaíocht airgeadais an Aontais a leithdháiltear ar gach Ballstát. | (b) ***15%*** de thacaíocht airgeadais an Aontais a leithdháiltear ar gach Ballstát. |

**Leasú 98**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 8 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. ***EUR 829 000 000*** i bpraghsanna reatha a bheidh sa chuid den imchlúdach airgeadais atá faoi bhainistíocht dhíreach agus indíreach, mar a shonraítear i dTeideal III. | 1. ***13 % d'imchlúdach airgeadais CEMI [EUR xxx]*** i bpraghsanna reatha a bheidh sa chuid den imchlúdach airgeadais atá faoi bhainistíocht dhíreach agus indíreach, mar a shonraítear i dTeideal III. |

**Leasú 99**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 9 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. I gcomhréir le hAirteagal 16 de Rialachán (AE) Uimh. [Rialachán lena leagtar síos forálacha coiteanna], ullmhóidh gach Ballstát aon chlár amháin chun na tosaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 4 a chur chun feidhme. | 1. I gcomhréir le hAirteagal 16 de Rialachán (AE) Uimh. [Rialachán lena leagtar síos Forálacha Coiteanna], ullmhóidh gach Ballstát clár ***náisiúnta*** amháin ***nó cláir réigiúnacha oibríochtúla*** chun na tosaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 4 a chur chun feidhme. |

**Leasú 100**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 9 – mír 3 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) i gcás inarb infheidhme, na pleananna gníomhaíochta maidir leis na réigiúin is forimeallaí dá dtagraítear i ***mír 4***. | (c) i gcás inarb infheidhme, na pleananna gníomhaíochta maidir leis na réigiúin is forimeallaí dá dtagraítear in ***Airteagal 29c***. |

**Leasú 101**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 9 – mír 3 – pointe c a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ca) i gcás inarb iomchuí, pleananna gníomhaíochta imchuach farraige do na húdaráis fhonáisiúnta atá freagrach as an iascaireacht, as sliogiasc agus as gnóthaí muirí.*** |

**Leasú 102**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 9 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***4. Mar chuid dá gclár, déanfaidh na*** | ***scriosta*** |

***Ballstáit lena mbaineann plean gníomhaíochta a ullmhú le haghaidh gach ceann dá réigiúin is forimeallaí dá dtagraítear in Airteagal 6(2), lena leagfar síos na nithe seo a leanas:***

***(a) straitéis maidir leis an saothrú inbhuanaithe iascach agus forbairt an gheilleagair ghoirm inbhuanaithe***

***(b) tuairisc ar na príomhghníomhaíochtaí atá beartaithe agus na hacmhainní airgeadais comhfhreagracha, lena n-airítear***:

***tacaíocht struchtúrtha don earnáil iascaigh agus dobharshaothraithe faoi Theideal II:***

***cúiteamh na gcostas breise dá dtagraítear in Airteagal 21;***

***infheistíochtaí eile sa gheilleagar gorm inbhuanaithe is gá chun forbairt inbhuanaithe cois cósta a bhaint amach.***

**Leasú 103**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 9 – mír 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| 5. Déanfaidh an Coimisiún anailís a fhorbairt do gach imchuach farraige a léireoidh láidreachtaí agus laigí coiteanna an imchuacha farraige chéanna maidir le cuspóirí an Chomhbheartais Iascaigh a bhaint amach, dá dtagraítear in Airteagal 2 de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013. ***I gcás inarb infheidhme,*** cuirfear san áireamh leis an anailís seo na straitéisí imchuacha farraige agus macrairéigiúnacha. | 5. Déanfaidh an Coimisiún***, tar éis dó tuairimí a fháil ó na Comhairlí ábhartha Comhairleacha,*** anailís a fhorbairt do gach imchuach farraige ina léireofar láidreachtaí agus laigí coiteanna an imchuacha farraige maidir le gnóthú chuspóirí an Chomhbheartais Iascaigh, amhail dá dtagraítear in Airteagal 2 de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013***, agus le gnóthú dea-stádais comhshaoil, amhail dá dtagraítear i dTreoir 2008/56/CE***. Cuirfear san áireamh leis an anailís sin na straitéisí imchuacha farraige agus macrairéigiúnacha atá ann cheana. |

**Leasú 104**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 9 – mír 6 – pointe b a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| | ***(ba) i gcás inarb infheidhme, an gá atá ann na cabhlaigh a nuachóiriú nó a athnuachan;*** |

**Leasú 105**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 9 – mír 6 – pointe d a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(da) rialú ar speicis ionracha a dhéanann damáiste suntasach do tháirgiúlacht na n-iascach;*** |

**Leasú 106**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 9 – mír 6 – pointe d b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(db) tacaíocht do thaighde ar threalamh roghnaitheach nuálach iascaireachta, agus ar a úsáid, ar fud an Aontais i gcomhréir, inter alia, le hAirteagal 27 de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013;*** |

**Leasú 107**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 9 – mír 6 – pointe e**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|

| | |
|---|---|
| (e) an fhianaise is déanaí maidir le feidhmíocht shocheacnamaíoch an gheilleagair ghoirm inbhuanaithe, agus go háirithe earnáil an iascaigh agus an dobharshaothraithe; | (e) an fhianaise is déanaí maidir leis ***an gcothromaíocht idir tosaíochtaí comhshaoil agus*** feidhmíocht shocheacnamaíoch an gheilleagair ghoirm inbhuanaithe, agus go háirithe earnáil an iascaigh agus an dobharshaothraithe; |

**Leasú 108**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 9 – mír 6 – pointe g**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (g) rannchuidiú an chláir le caomhnú agus athshlánú éiceachóras mara, ***agus beidh an tacaíocht a bhaineann le limistéir Natura 2000 i gcomhréir le creataí gníomhaíochta tosaíochta arna n-ullmhú de bhun Threoir 92/43/CEE***; | (g) rannchuidiú an chláir chun ***cothromaíocht idir na gnéithe eacnamaíocha agus sóisialta a bhaint amach*** agus le caomhnú agus athshlánú na n-éiceachóras muirí ***agus fionnuisce***; |

**Leasú 109**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 9 – mír 6 – pointe h**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (h) rannchuidiú an chláir le bruscar muirí | (h) rannchuidiú an chláir le bruscar muirí |

| | |
|---|---|
| a chosc, i gcomhréir le Treoir xx/xx ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [Treoir maidir le tionchar táirgí plaisteacha áirithe ar an timpeallacht a laghdú][27]; | ***a bhailiú agus*** a laghdú, i gcomhréir le Treoir xx/xx ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [Treoir maidir le tionchar táirgí plaisteacha áirithe ar an timpeallacht a laghdú][27]; |
| [27] OI L […], […], lch. […]. | [27] OI L […], […], lch. […]. |

**Leasú 110**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 9 – mír 6 – pointe i**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (i) rannchuidiú an chláir le maolú an athraithe aeráide agus leis an oiriúnú don athrú sin. | (i) rannchuidiú an chláir le maolú an athraithe aeráide agus leis an oiriúnú don athrú sin***, lena n-áirítear trí astaíochtaí*** $CO_2$ ***a laghdú trí bhíthin coigilt breosla***. |

**Leasú 111**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 9 – mír 6 – pointe i a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ia) rannchuidiú an chláir le dul i ngleic*** |

*le hiascaireacht NNN.*

**Leasú 112**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 12 – mír 1 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Ní bheidh aon iarratas a thíolacann ***tairbhí*** le haghaidh tacaíochta ó CEMI inghlactha ar feadh tréimhse sainaitheanta ama a leagtar síos de bhun mhír 4, má chinn údarás inniúil go bhfuil an ***tairbhí*** lena mbaineann tar éis na nithe seo a leanas a dhéanamh: | 1. Ní bheidh aon iarratas a thíolacann ***iarratasóir*** le haghaidh tacaíochta ó CEMI inghlactha ar feadh tréimhse sainaitheanta ama a leagtar síos de bhun mhír 4, má chinn údarás inniúil go bhfuil an ***t-iarratasóir*** lena mbaineann tar éis na nithe seo a leanas a dhéanamh: |

**Leasú 317**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 12 – mír 1 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) sárú tromchúiseach déanta acu faoi Airteagal 42 de Rialachán (CE) Uimh. 1005/2008[28] nó faoi Airteagal 90 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle nó faoi reachtaíocht eile a ghlac Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle; | (a) sáruithe tromchúiseacha arna ndéanamh acu faoi Airteagal 42 de Rialachán (CE) Uimh. 1005/2008[28] nó faoi Airteagal 90 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle nó faoi reachtaíocht eile a ghlac Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ***faoi chuimsiú chreat CBI agus reachtaíocht*** |

| | |
|---|---|
| | ***chomhshaoil an Aontais***; |
| [28] Rialachán (CE) Uimh. 1005/2008 ón gComhairle an 29 Meán Fómhair 2008 lena mbunaítear córas Comhphobail chun iascaireacht neamhdhleathach, neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte a chosc, a dhíspreagadh agus a dhíothú, lena leasaítear Rialacháin (CEE) Uimh. 2847/93, (CE) Uimh. 1936/2001 agus (CE) Uimh. 601/2004 agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 1093/94 agus (CE) Uimh. 1447/1999 (IO L 286, 29.10.2008, lch. 1). | [28] Rialachán (CE) Uimh. 1005/2008 ón gComhairle an 29 Meán Fómhair 2008 lena mbunaítear córas Comhphobail chun iascaireacht neamhdhleathach, neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte a chosc, a dhíspreagadh agus a dhíothú, lena leasaítear Rialacháin (CEE) Uimh. 2847/93, (CE) Uimh. 1936/2001 agus (CE) Uimh. 601/2004 agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 1093/94 agus (CE) Uimh. 1447/1999 (IO L 286, 29.10.2008, lch. 1). |

**Leasú 114**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 12 – mír 1 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) aon cheann de na cionta comhshaoil atá leagtha amach in Airteagal 3 agus Airteagal 4 de Threoir 2008/99/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[29] déanta acu***, má dhéantar an t-iarratas ar thacaíocht faoi Airteagal 23***. | (c) aon cheann de na cionta comhshaoil atá leagtha amach in Airteagal 3 agus Airteagal 4 de Threoir 2008/99/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[29]. |
| [29] Treoir 2008/99/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an | [29] Treoir 2008/99/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an |

| | |
|---|---|
| 19 Samhain 2008 maidir le cosaint an chomhshaoil tríd an dlí coiriúil (IO L 328, 06.12.2008, lch. 28). | 19 Samhain 2008 maidir le cosaint an chomhshaoil tríd an dlí coiriúil (IO L 328, 06.12.2008, lch. 28). |

**Leasú 115**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 12 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Leanfaidh an tairbhí de na coinníollacha inghlacthachta dá dtagraítear i mír 1 a chomhlíonadh, tar éis an t-iarratas a chur isteach agus le linn thréimhse iomlán chur chun feidhme na hoibríochta agus ar feadh ***cúig*** bliana tar éis na híocaíochta deiridh leis an tairbhí sin. | 2. Leanfaidh an tairbhí de na coinníollacha inghlacthachta dá dtagraítear i mír 1 a chomhlíonadh, tar éis an t-iarratas a chur isteach agus le linn thréimhse iomlán chur chun feidhme na hoibríochta agus ar feadh ***dhá*** bhliain tar éis na híocaíochta deiridh leis an tairbhí sin. |

**Leasú 116**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 12 – mír 4 – pointe a a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(aa) aon choinníollacha faoina laghdaítear tréimhse na neamh-*** |

***incháilitheachta;***

**Leasú 117**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 12 – mír 4 – pointe a b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ab) sainmhíniú ar na coinníollacha a bheidh le comhlíonadh tar éis chur isteach na hiarrata dá dtagraítear i mír 2 agus na socruithe maidir leis an cúnamh a deonaíodh a aisghabháil i gcás neamhchomhlíonaidh, a bheidh le scálú de réir thromchúis an tsáraithe a rinneadh.*** |

**Leasú 118**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 12 – mír 5 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***5a. Féadfaidh na Ballstáit an tréimhse neamh-inghlacthachta a chur i bhfeidhm i leith na n-iarratas a chur na hiascairí in uiscí intíre isteach, ar iascairí iad a rinne*** |

***sáruithe tromchúiseacha mar a shainmhínítear sna rialacha náisiúnta.***

**Leasú 119**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 12 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Airteagal 12a*** |
| | ***Oibríochtaí incháilithe*** |
| | ***Féadfaidh CEMI tacú le meascán d'oibríochtaí éagsúla arna n-aithint ag na Ballstáit ina gcláir, ar choinníoll go bhfuil siad cumhdaithe ag ceann amháin nó níos mó de na tosaíochtaí atá sainaitheanta sa Rialachán seo.*** |

**Leasú 120**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 13 – mír 1 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) oibríochtaí lena méadaítear acmhainn iascaireachta soithigh, nó lena dtacaítear le héadáil trealaimh a mhéadaíonn cumas an tsoithigh teacht ar éisc; | (a) oibríochtaí lena méadaítear acmhainn iascaireachta soithigh, nó lena dtacaítear le héadáil trealaimh a mhéadaíonn cumas an tsoithigh teacht ar éisc***, seachas chun críche shábháilteacht nó dhálaí oibre agus maireachtála an chriú a fheabhsú, lena n-áirítear ceartúcháin ar chobhsaíocht an tsoithigh, nó ar cháilíocht an táirge, ar choinníoll go leithdháiltear an méadú ar an mBallstát lena mbaineann laistigh den teorainn, gan an chothromaíocht idir cumas iascaireachta agus deiseanna iascaireachta atá ar fáil a chur i gcontúirt agus gan méadú a dhéanamh ar chumas an tsoithigh lena mbaineann iasc a ghabháil***; |

**Leasú 121**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 13 – mír 1 – pointe f**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (f) aistriú úinéireachta ar ghnóthas; | (f) aistriú úinéireachta ar ghnóthas***, seachas aistriú ghnóthais chuig iascairí*** |

***óga nó táirgeoirí óga dobharshaothraithe***;

**Leasú 122**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 13 – mír 1 – pointe g**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (g) athstocáil dhíreach, mura bhfuil foráil déanta dó go sainráite mar bheart caomhantais i gníomh dlíthiúil de chuid an Aontais nó i ***gcás*** athstocála trialaí; | (g) athstocáil dhíreach, mura bhfuil foráil déanta dó go sainráite mar bheart caomhantais i gníomh dlíthiúil de chuid an Aontais nó i ***gcásanna*** athstocála trialaí ***nó athstocála a bhaineann le próisis chun dálaí comhshaoil agus táirgthe an chomhshaoil nádúrtha a fheabhsú***; |

**Leasú 123**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 13 – mír 1 – pointe h**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (h) calafoirt nua***,*** láithreáin nua ag a gcuirtear iasc i dtír nua n***ó hallaí ceantála nua*** a thógáil. | (h) calafoirt nua ***nó*** láithreáin nua ag a gcuirtear iasc i dtír a thógáil ***seachas calafoirt bheaga agus láithreáin ag a gcuirtear iasc i dtír i limistéir iargúlta, go*** |

| | |
|---|---|
| | ***háirithe sna réigiúin is forimleallaí, ar oileáin iargúlta agus i limistéir chósta fhorimeallacha agus neamh-uirbeacha***; |

**Leasú 124**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 13 – mír 1 – pointe i**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (i) sásraí idirghabhála margaidh arb é is aidhm dóibh táirgí iascaigh nó dobharshaothraithe a tharraingt siar ón margadh d'fhonn an soláthar a laghdú ionas nach dtitfeadh praghsanna nó chun cur le praghsanna d'aon turas; ***ag teacht as sin, oibríochtaí stórála i slabhra lóistíochta a mbeadh an tionchar céanna acu go beartaithe nó go neamhbheartaithe;*** | (i) sásraí idirghabhála margaidh arb é is aidhm dóibh táirgí iascaigh nó dobharshaothraithe a tharraingt siar ón margadh d'fhonn an soláthar a laghdú ionas nach dtitfeadh praghsanna nó chun cur le praghsanna d'aon turas; |

**Leasú 125**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 13 – mír 1 – pointe j**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (j) infheistíochtaí ar bord soithí iascaireachta atá riachtanach chun go gcomhlíonfar na ceanglais faoi dhlí an Aontais nó faoin dlí náisiúnta, lena n-áirítear ceanglais faoi oibleagáidí an Aontais i gcomhthéacs eagraíochtaí réigiúnacha um bainistíocht iascaigh; | (j) ***ach amháin má fhoráiltear a mhalairt sa Rialachán seo,*** infheistíochtaí ar bord soithí iascaireachta atá riachtanach chun go gcomhlíonfar na ceanglais faoi dhlí an Aontais nó faoin dlí náisiúnta, lena n-áirítear ceanglais faoi oibleagáidí an Aontais i gcomhthéacs eagraíochtaí réigiúnacha um bainistíocht iascaigh***, ach amháin má chruthaíonn na hinfheistíochtaí sin costais dhíréireacha do na hoibreoirí***; |

**Leasú 126**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 13 – mír 1 – pointe k**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(k) infheistíochtaí ar bord soithí iascaireachta a rinne gníomhaíocht iascaireachta inar caitheadh 60 lá in aghaidh na bliana ar a laghad ar muir le linn an dá bhliain féilire roimh dháta chur isteach an iarratais ar thacaíocht.*** | ***scriosta*** |

**Leasú 127**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 13 – mír 1 – pointe k a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ka) má mhéadaítear cumhacht in kW le príomhinneall nó inneall cúnta soithigh iascaireachta, déanfar iad a ionadú nó a nuachóiriú;*** |

**Leasú 128**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 13 – mír 1 – pointe k b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(kb) orgánaigh ghéinmhodnaithe a tháirgeadh, ar táirgeadh é a bhféadfadh tionchar díobhálach a bheith aige ar an gcomhshaol nádúrtha.*** |

**Leasú 323**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 13 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Airteagal 13a*** |
| | ***Tacaíocht d'oibríochtaí i ndáil le bainistiú iascaigh agus cabhlach iascaireachta*** |
| | ***Féadfaidh CEMI tacú le hoibríochtaí i ndáil le bainistiú iascaigh agus cabhlach iascaireachta i gcomhréir leis an scéim iontrála/scoir dá dtagraítear in Airteagal 23 de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 agus leis na huasteorainn chumais iascaireachta a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán sin. Go háirithe, déanfaidh na Ballstáit iarracht chun leithdháileadh a n-acmhainn iascaireachta atá ar fáil a bharrfheabhsú, agus riachtanais a gcabhlach á gcur san áireamh, ach gan a n-acmhainn fhoriomlán iascaireachta a mhéadú***. |

**Leasú 129**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Teideal 2 – Caibidil 2 - teideal**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Tosaíocht 1 Iascach inbhuanaithe ***agus*** caomhnú acmhainní bitheolaíocha na mara a chothú; | Tosaíocht 1: Iascaigh inbhuanaithe**,** caomhnú acmhainní bitheolaíocha na mara ***agus an chobhsaíocht shocheacnamaíoch*** a chothú |

**Leasú 130**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 14 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Rannchuideoidh tacaíocht faoin gCaibidil seo leis na sainchuspóirí maidir le cúrsaí comhshaoil, cursaú eacnamaíochta, cúrsaí sóisialta agus cúrsaí fostaíochta a bhaint amach mar a leagtar amach in Airteagal 2 de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013. | 1. Rannchuideoidh tacaíocht faoin gCaibidil seo le gnóthú chuspóirí comhshaoil, eacnamaíocha, sóisialta agus fostaíochta CBI, amhail mar a leagtar amach in Airteagal 2 de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013***, agus cothóidh sí idirphlé sóisialta idir geallsealbhóirí***. |

**Leasú 131**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 15 – mír 1 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Mar chuid dá gclár, déanfaidh na Ballstáit plean gníomhaíochta a ullmhú i ndáil le hiascaireacht chósta ar an mionchóir ina leagfar amach straitéis chun iascaireacht chósta ar an mionchóir a fhorbairt a bheidh bhrabúsach agus inbhuanaithe. I gcás inarb infheidhme, déanfar an straitéis seo a struchtúrú mar a leanas: | 1. Mar chuid dá gclár, déanfaidh na Ballstáit plean gníomhaíochta ***sonrach*** a ullmhú***, agus i gcomhar cuí leis na hearnálacha ábhartha,*** i ndáil le hiascaireacht chósta ar an mionchóir***,*** ina leagfar amach straitéis chun iascaireacht chósta ar an mionchóir a fhorbairt a bheidh bhrabúsach agus inbhuanaithe. I gcás inarb infheidhme, déanfar an straitéis seo a struchtúrú mar a leanas: |

**Leasú 311**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 15 – mír 1 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) atreisiú ar shlabhra breisluacha na hearnála agus straitéisí margaíochta a chur chun cinn; | (c) atreisiú ar shlabhra luacha na hearnála agus straitéisí margaíochta a chur chun cinn***, aon sásraí trína gcuirtear feabhas ar an bpraghas céad-díola, iad siúd a chur chun cinn, chun dul chun sochair d'iascairí trí luach níos fearr saothair a thabhairt dóibh, agus aon sásraí trína gcuirtear chun cinn dáileadh cothrom agus iomchuí breisluacha feadh shlabhra luacha na hearnála, iad siúd a chur chun cinn, corrlaigh idirghabhálaithe a laghdú, na praghsanna a íoctar le táirgeoirí a mhéadú agus srian a chur leis na praghsanna a íocann tomhaltóirí deiridh;*** |

**Leasú 132**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 15 – mír 1 – pointe d**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (d) scileanna, eolas, nuálaíocht agus fothú acmhainní a chur chun cinn; | (d) scileanna, eolas, nuálaíocht agus fothú acmhainní a chur chun cinn***, go háirithe d'iascairí óga***; |

**Leasú 133**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 15 – mír 1 – pointe e**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (e) sláinte, sábháilteacht agus dálaí oibre ar bord soithí iascaireachta a fheabhsú; | (e) sláinte, sábháilteacht agus dálaí oibre ar bord soithí iascaireachta***, in iascaireacht de chois agus bailiú sloigéisc, agus ar talamh i ngníomhaíochtaí a bhaineann go díreach le hiascaireacht*** a fheabhsú; |

**Leasú 134**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 15 – mír 3 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***3a. Chun an t-ualach riaracháin ar oibreoirí a mhaolú agus iarratas ar chúnamh á chur isteach acu, déanfaidh na Ballstáit a ndícheall chun foirm iarratais simplithe amháin ón Aontas a thabhairt isteach le haghaidh bhearta CEMI.*** |

**Leasú 312**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 16 – mír 1 – pointe a a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(aa) soithí a athaicmiú, a athnuachan agus a méid a athrú, nuair is follas iad a bheith den seandéanamh, ní a fhágann gur féidir feabhas a chur ar dhálaí iascaireachta agus tréimhsí níos sia a thabhairt ar muir.*** |

**Leasú 136**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 16 – mír 1 – pointe b a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ba) rochtain ar chreidmheas, ar árachas, agus ar ionstraimí airgeadais a éascú;*** |

**Leasú 137**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 16 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***2. Déanfar na soithí dá dtagraítear i mír 1 a fheistiú i le haghaidh iascaireacht mhara agus beidh siad idir 5 agus 30 bliain d'aois.*** | ***scriosta*** |

**Leasú 139**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 17 – mír 2 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. ***Má dheonaítear an*** tacaíocht dá dtagraítear i mír 1 trí scor buan gníomhaíochtaí iascaireachta a chúiteamh, ***déanfar*** na coinníollacha seo a leanas a chomhlíonadh: | 2. ***Féadfar an*** tacaíocht dá dtagraítear i mír 1 a dheonú trí scor buan gníomhaíochtaí iascaireachta a chúiteamh ***ar choinníoll*** go ***ndéanfar*** na coinníollacha seo a leanas a chomhlíonadh: |

**Leasú 140**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 17 – mír 2 – pointe a a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(aa) is é an toradh atá ar an scor go dtagann laghdú buan ar an acmhainneacht iascaireachta mar nach ndéantar an tacaíocht a fuarthas a athinfheistiú sa chabhlach;*** |

**Leasú 141**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 17 – mír 2 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) úinéirí soithí iascaireachta an Aontais a cláraíodh mar shoithí gníomhacha agus a rinne gníomhaíocht iascaireachta inar caitheadh ***120*** lá ar a laghad ar muir le linn an ***dá*** bhliain féilire roimh dháta chur isteach an iarratais ar thacaíocht; | (c) úinéirí soithí iascaireachta an Aontais a cláraíodh mar shoithí gníomhacha agus a rinne gníomhaíocht iascaireachta inar caitheadh ***90*** lá ar a laghad ar muir le linn an ***dá*** bhliain féilire roimh dháta chur isteach an iarratais ar thacaíocht; |

**Leasú 143**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 17 – mír 2 – fomhír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Féadfaidh iascairí, lena n-áirítear úinéirí soithí iascaireachta agus baill an chriú, a d'oibrigh ar muir ar feadh 90 lá ar a laghad ar bord soithigh iascaireachta de chuid an Aontais lena mbaineann an scor buan le linn an dá bhliain roimh dháta chur isteach an iarratais ar thacaíocht tairbhe a bhaint freisin as an tacaíocht dá dtagraítear i mír 1. Scoirfidh na h-iascairí lena mbaineann go hiomlán de na gníomhaíochtaí iascaireachta go léir. Cuirfidh an tairbhí cruthúnas ar fáil don údarás inniúil maidir le scor buan de na gníomhaíochtaí iascaireachta. Aisíocfaidh an t-iascaire an cúiteamh ar bhonn sealadach pro rata sa chás ina dtéann an t-iascaire sin i mbun ghníomhaíocht na hiascaireachta athuair taobh istigh de thréimhse níos lú ná dhá bhliain i ndiaidh dháta chur isteach an iarratais ar thacaíocht.*** |

**Leasú 144**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 17 – mír 3 – fomhír 1 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Déanfar an tacaíocht don scor buan gníomhaíochtaí iascaireachta dá dtagraítear i mír 2 a chur i bhfeidhm trí mhaoiniú nach bhfuil nasctha le costais, i gcomhréir le hAirteagal 46(a) agus le hAirteagal 89 de Rialachán (AE) Uimh. [Rialachán lena leagtar síos Forálacha Coiteanna], agus beidh an tacaíocht bunaithe ar na nithe seo a leanas*:* | Déanfar an tacaíocht don scor buan gníomhaíochtaí iascaireachta dá dtagraítear i mír 2 a chur i bhfeidhm trí mhaoiniú nach bhfuil nasctha le costais, i gcomhréir le hAirteagal 46(a) agus le hAirteagal 89 de Rialachán (AE) Uimh. [Rialachán lena leagtar síos Forálacha Coiteanna], agus beidh an tacaíocht bunaithe ar ***chomhlíonadh na gcoinníollacha a leagtar síos i mír 2 den Airteagal seo.*** |

**Leasú 145**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 17 – mír 3 – fomhír 1 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(a) coinníollacha a chomhlíonadh, i gcomhréir le hAirteagal 46(a) de Rialachán (AE) Uimh. [Rialachán lena leagtar síos Forálacha Coiteanna]; agus*** | ***scriosta*** |

**Leasú 146**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 17 – mír 3 – fomhír 1 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(b) (mm) torthaí a bhaint amach, i gcomhréir le hAirteagal 46(a)(ii) de Rialachán (AE) Uimh. [Rialachán lena leagtar síos Forálacha Coiteanna].*** | ***scriosta*** |

**Leasú 147**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 17 – mír 3 – fomhír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh, i gcomhréir le hAirteagal 52, lena leagtar síos na coinníollacha dá dtagraítear i bpointe (a), a bhainfidh le cur chun feidhme bearta caomhnaithe, dá dtagraítear in Airteagal 7 de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013.*** | ***scriosta*** |

**Leasú 148**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 18 – teideal**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Scor buan ***urghnách*** gníomhaíochtaí iascaireachta | Stop a chur le gníomhaíochtaí iascaireachta ***go sealadach*** |

**Leasú 149**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 18 – mír 1 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Féadfaidh CEMI tacú le cúiteamh as an scor ***urghnách*** iascaireachta arb é is cúis leis ceann de na nithe seo a leanas: | 1. Féadfaidh CEMI tacú le cúiteamh as an scor ***sealadach*** iascaireachta arb é is cúis leis ceann de na nithe seo a leanas: |

**Leasú 150**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 18 – mír 1 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) Bearta caomhnaithe, dá dtagraítear in Airteagal *7(1)*, i bpointí (a), (b), (c) agus (j) | (a) bearta caomhnaithe, dá dtagraítear in Airteagal *7* ***(1)***, pointí (a), (b), (c)***, (i)*** agus |

| | |
|---|---|
| de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013, nó bearta caomhnaithe coibhéiseacha arna nglacadh ag eagraíochtaí réigiúnacha bainistíochta iascaigh, i gcás inarb infheidhme maidir leis an Aontas; | (j) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013***, lena n-áirítear tréimhsí coiscthe iascaireachta agus TACanna agus cuótaí a chur as an áireamh***, nó bearta caomhnaithe coibhéiseacha arna nglacadh ag eagraíochtaí réigiúnacha bainistíochta iascaigh, i gcás inarb infheidhme maidir leis an Aontas; |

**Leasú 151**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 18 – mír 1 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) bearta an Choimisiúin i gcás bagairt thromchúiseach ar acmhainní bitheolaíocha na mara, dá dtagraítear in ***Airteagal 12*** de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013; | (b) bearta ***práinneacha*** an Choimisiúin ***nó na mBallstát*** i gcás bagairt thromchúiseach ar acmhainní bitheolaíocha na mara, dá dtagraítear in ***Airteagal 12 agus Airteagal 13 faoi seach*** de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013; |

**Leasú 152**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 18 – mír 1 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) cur isteach de dheasca cúiseanna force majeure ***ar iarratas*** ar chomhaontú comhpháirtíochta maidir le hiascaigh inbhuanaithe nó aon phrótacal a ghabhann leis; nó | (c) cur isteach ***ar iarratas nó ar neamh-athnuachan,*** de dheasca cúiseanna *force majeure**,*** i dtaca le comhaontú comhpháirtíochta maidir le hiascach inbhuanaithe nó aon phrótacal a ghabhann leis; nó |

**Leasú 153**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 18 – mír 1 – pointe d**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (d) tubaistí nádúrtha ***nó*** teagmhais aeráide a d'aithin go foirmiúil údarás inniúil an Bhallstáit lena mbaineann. | (d) tubaistí nádúrtha***,*** teagmhais chomhshaoil***, lena n-áirítear eachtraí maidir le dúnta sláinte nó mortlaíocht mhínormálta na n-acmhainní iascaigh, tionóiscí ar muir le linn gníomhaíochtaí iascaireachta agus teagmhais dhíobhálacha aeráide, lena n-áirítear dálaí aimsire contúirteacha faidréiseacha ar muir lena ndéantar difear d'iascach sonrach***, a d'aithin go foirmiúil údarás inniúil an Bhallstáit ábhartha. |

**Leasú 154**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 18 – mír 1 – fomhír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Ní chuirfear fionraí séasúrtha athfhillteach na ngníomhaíochtaí iascaireachta san áireamh agus cúiteamh á dheonú agus íocaíochtaí á ndéanamh faoin Airteagal seo.*** |

**Leasú 155**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 18 – mír 2 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) cás ina gcuirtear stop le gníomhaíochtaí ***trádála*** an tsoithigh lena mbaineann ar feadh ***90*** lá as a chéile***; agus*** | (a) i gcás ina gcuirtear stop le gníomhaíochtaí ***iascaireachta*** an tsoithigh lena mbaineann ar feadh ***30*** lá as a chéile ar a laghad**.** |

**Leasú 157**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 18 – mír 3 – fomhír 1 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) úinéirí soithí iascaireachta a cláraíodh mar shoithí gníomhacha agus a rinne gníomhaíocht iascaireachta inar caitheadh 120 lá ar a laghad ***ar muir le linn gach ceann*** de na ***trí*** bliana féilire roimh bhliain chur isteach an iarratais ar thacaíocht; nó | (a) úinéirí soithí iascaireachta ***nó iascairí de chois*** a cláraíodh mar shoithí gníomhacha agus a rinne gníomhaíocht iascaireachta inar caitheadh 120 lá ar a laghad ar muir ***le linn*** an ***dá*** bhliain féilire roimh bhliain chur isteach an iarratais ar thacaíocht; nó |

**Leasú 158**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 18 – mír 3 – fomhír 1 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) iascairí a d'oibrigh ar feadh 120 lá ar a laghad ar bord soithigh iascaireachta de chuid an Aontais lena mbaineann an scor urghnách le linn an ***dá*** bhliain roimh dháta chur isteach an iarratais ar thacaíocht. | (b) iascairí a d'oibrigh ar an bhfarraige ar feadh 120 lá ar a laghad ar bord soithigh iascaireachta de chuid an Aontais lena mbaineann an scor ***sealadach le linn*** an ***dá*** bhliain roimh dháta chur isteach an iarratais ar thacaíocht. |

**Vótáil ar leithligh**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 18 – mír 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(b) Féadfar an tacaíocht dá dtagraítear i mír 1 a dheonú ar feadh uastréimhse sé mhí in aghaidh gach soithigh le linn na tréimhse ó 2021 agus 2027.*** | ***scriosta*** |

**Leasú 159**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 18 – mír 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 5. Cuirfear na gníomhaíochtaí uile iascaireachta a dhéanann an soitheach iascaireachta lena mbaineann nó a dhéanann na hiascairí lena mbaineann ar fionraí go héifeachtach le linn na tréimhse a bhaineann leis an scor. Féachfaidh an t-údarás inniúil chuige go n-éireoidh an soitheach iascaireachta as aon ghníomhaíocht iascaireachta le linn na tréimhse a bhaineann leis an scor | 5. Cuirfear na gníomhaíochtaí uile iascaireachta a dhéanann an soitheach iascaireachta lena mbaineann nó a dhéanann na hiascairí lena mbaineann ar fionraí go héifeachtach le linn na tréimhse a bhaineann leis an scor. Féachfaidh an t-údarás inniúil chuige go n-éireoidh an soitheach iascaireachta as aon ghníomhaíocht iascaireachta le linn na tréimhse a bhaineann leis an scor |

| | |
|---|---|
| ***urghnách*** agus go seachnófar an róchúiteamh i gcás ina n-úsáidfí an soitheach chun críocha eile. | ***sealadach*** agus go seachnófar an róchúiteamh i gcás ina n-úsáidfí an soitheach chun críocha eile. |

**Leasú 160**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 19 – mír 2 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) ceannach ***agus*** suiteáil ar shoithí comhpháirteanna atá riachtanach le haghaidh rianú ***éigeantach*** soithí agus córas tuairiscithe leictreonach a úsáidtear chun críocha rialaithe, i gcás soithí iascaireachta ***cósta ar an mionchóir***; | (a) ceannach***,*** suiteáil ***agus bainistiú*** ar shoithí comhpháirteanna atá riachtanach le haghaidh rianú soithí agus córas tuairiscithe leictreonach a úsáidtear chun críocha rialaithe ***agus iniúchta***, i gcás soithí iascaireachta ***ar lú ná 12 mhéadar a bhfad iomlán***; |

**Leasú 161**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 19 – mír 2 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) ceannach agus suiteáil ar shoithí comhpháirteanna atá ***riachtanach*** le haghaidh córas cianfhaireacháin | (b) ceannach agus suiteáil ar shoithí comhpháirteanna atá riachtanach le haghaidh córas cianfhaireacháin |

| | |
|---|---|
| leictreonach a úsáidtear chun cur chun feidhme na hoibleagáide gabhálacha dá dtagraítear in Airteagal 15 de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013; | leictreonach a úsáidtear chun cur chun feidhme na hoibleagáide gabhálacha dá dtagraítear in Airteagal 15 de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013; |

**Leasú 162**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 19 – mír 2 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) ceannach agus suiteáil ar shoithí gléasanna le haghaidh tomhas leanúnach ***éigeantach*** agus chun cumhacht tiomána innill a thaifeadadh. | (c) ceannach agus suiteáil ar shoithí gléasanna le haghaidh tomhas leanúnach agus chun cumhacht tiomána innill a thaifeadadh. |

**Leasú 163**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 20 – teideal**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Tiomsú ***agus*** próiseáil sonraí i mbainistiú iascaigh agus chun críocha na heolaíochta | Bailiú, próiseáil ***agus scaipeadh*** sonraí ar mhaithe le bainistiú iascaigh ***agus dobharshaothraithe*** agus chun críocha eolaíocha |

**Leasú 164**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 20 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Féadfaidh CEMI tacú le tiomsú, bainistiú ***agus*** le húsáid sonraí ar mhaithe le bainistiú iascaigh agus chun críocha eolaíochta, dá bhforáiltear le hAirteagal 25(1) agus (2) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013, agus a shonraítear sa bhreis air sin i Rialachán (AE) Uimh. 2017/1004, bunaithe ar na pleananna oibre náisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 6 de Rialachán (AE) Uimh. 2017/1004. | 1. Féadfaidh CEMI tacú le tiomsú, bainistiú, ***próiseáil,*** úsáid ***agus scaipeadh*** sonraí ar mhaithe le bainistiú iascaigh ***agus dobharshaothraithe*** agus chun críocha eolaíocha***, lena n-áirítear sonraí maidir le hiascaigh áineasa***, dá bhforáiltear le hAirteagal 25(1) agus (2) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013, agus a shonraítear sa bhreis air sin i Rialachán (AE) Uimh. 2017/1004, bunaithe ar na pleananna oibre náisiúnta dá dtagraítear in Airteagal 6 de Rialachán (AE) Uimh. 2017/1004. |

**Leasú 165**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 21**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Airteagal ***21*** | Airteagal ***29 e*** |

| | |
|---|---|
| Cúiteamh ar chostais bhreise ***sna réigiúin is forimeallaí le haghaidh táirgí iascaigh agus dobharshaothraithe*** | Cúiteamh ar chostais bhreise |
| 1. Féadfaidh CEMI tacú le cúiteamh na gcostas breise a thabhaíonn na hoibreoirí le linn iascaireacht, fheirmeoireacht, phróiseáil agus mhargú táirgí áirithe iascaigh agus dobharshaothraithe ó na réigiúin fhorimeallacha a chumhdaítear faoi Airteagal ***6(2)***. | 1. Féadfaidh CEMI tacú le cúiteamh na gcostas breise a thabhaíonn na hoibreoirí le linn iascaireacht, fheirmeoireacht, phróiseáil agus mhargú táirgí áirithe iascaigh agus dobharshaothraithe ó na réigiúin fhorimeallacha a chumhdaítear faoi Airteagal ***29 b(1)***. |
| | ***1a. Beidh an cúiteamh i gcomhréir leis na costais bhreise a bhfuil sé i gceist leis iad a fhritháireamh. Beidh údar cuí leis an leibhéal cúitimh i leith na gcostas breise sa phlean um chúiteamh. Ní rachaidh an cúiteamh, áfach, in aon chás, thar 100 % den chaiteachas a tabhaíodh.*** |
| 2. Déanfaidh gach Ballstát lena mbaineann, i gcomhréir leis na critéir atá leagtha síos de réir mír 7, an liosta de tháirgí iascaigh agus dobharshaothraithe agus cainníocht na dtáirgí sin atá incháilithe do chúiteamh a chinneadh do na réigiúin dá dtagraítear i mír 1. | 2. Déanfaidh gach Ballstát lena mbaineann, i gcomhréir leis na critéir atá leagtha síos de réir mhír 7, an liosta de tháirgí iascaigh agus dobharshaothraithe agus cainníocht na dtáirgí sin atá incháilithe do chúiteamh a chinneadh do na réigiúin dá dtagraítear i mír 1. |
| 3. Agus an liosta agus na cainníochtaí dá dtagraítear i mír 2 á mbunú acu, cuirfidh na Ballstáit san áireamh na tosca ábhartha ar fad, go háirithe an gá lena áirithiú go bhfuil an cúiteamh ag luí go hiomlán le rialacha an Chomhbheartais Iascaigh. | 3. Agus an liosta agus na cainníochtaí dá dtagraítear i mír 2 á mbunú acu, cuirfidh na Ballstáit san áireamh na tosca ábhartha ar fad, go háirithe an gá lena áirithiú go bhfuil an cúiteamh ag luí go hiomlán le rialacha an Chomhbheartais Iascaigh. |

| | |
|---|---|
| 4. Ní dheonófar an cúiteamh le haghaidh táirgí iascaigh agus dobharshaothraithe: | 4. Ní dheonófar an cúiteamh le haghaidh táirgí iascaigh agus dobharshaothraithe: |
| (a) a ghabhann soithí tríú tír, cé is moite de shoithí iascaireachta faoi bhratach Veiniséala a oibríonn in uiscí an Aontais, i gcomhréir le Cinneadh (AE) 2015/1565 ón gComhairle[31]; | (a) a ghabhann soithí tríú tír, cé is moite de shoithí iascaireachta faoi bhratach Veiniséala a oibríonn in uiscí an Aontais, i gcomhréir le Cinneadh (AE) 2015/1565 ón gComhairle[31]; |
| (b) a ghabhann soithí iascaireachta an Aontais nach bhfuil cláraithe i gcalafort i gceann amháin de na réigiúin dá dtagraítear i mír 1; | (b) a ghabhann soithí iascaireachta an Aontais nach bhfuil cláraithe i gcalafort i gceann amháin de na réigiúin dá dtagraítear i mír 1; |
| | ***(ba) a ghabhann soithí iascaireachta an Aontais a chláraítear i gcalafort i gceann amháin de na réigiúin dá dtagraítear i mír 1 ach nach bhfuil ag feidhmiú sa réigiún sin, nó a chomhlachas;*** |
| (c) a allmhairítear ó thríú tíortha. | (c) a allmhairítear ó thríú tíortha. |
| 5. Ní bheidh feidhm ag mír 4 (b) má sháraíonn acmhainn reatha an tionscail phróiseála sa réigiún is forimeallaí lena mbaineann cainníocht an amhábhair arna sholáthar. | 5. Ní bheidh feidhm ag mír 4 (b) má sháraíonn acmhainn reatha an tionscail phróiseála sa réigiún is forimeallaí lena mbaineann cainníocht an amhábhair arna sholáthar. |
| 6. Chun an róchúiteamh a sheachaint maidir leis an gcúiteamh a íocfar do na tairbhithe atá i mbun gníomhaíochtaí dá dtagraítear i mír 1 sna réigiúin is imeallaí nó a bhfuil soitheach ina seilbh acu atá cláraithe i gcalafort sna réigiúin sin, | 6. Chun an róchúiteamh a sheachaint maidir leis an gcúiteamh a íocfar do na tairbhithe atá i mbun gníomhaíochtaí dá dtagraítear i mír 1 sna réigiúin is imeallaí nó a bhfuil soitheach ina seilbh acu atá cláraithe i gcalafort sna réigiúin sin ***agus atá ag feidhmiú ann***, cuirfear san áireamh |

| | |
|---|---|
| cuirfear san áireamh na nithe seo a leanas: | na nithe seo a leanas: |
| (a) na costais bhreise a bhaineann le gach táirge iascaigh nó dobharshaothraithe nó le gach catagóir táirgí a thig ó mhíbhuntáistí sonracha na réigiún lena mbaineann; agus | (a) na costais bhreise a bhaineann le gach táirge iascaigh nó dobharshaothraithe nó le gach catagóir táirgí a thig ó mhíbhuntáistí sonracha na réigiún lena mbaineann; agus |
| (b) aon chineál eile idirghabhála poiblí a dhéanann difear do leibhéal na gcostas breise. | (b) aon chineál eile idirghabhála poiblí a dhéanann difear do leibhéal na gcostas breise. |
| 7. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 52 lena leagtar síos na critéir maidir le ríomh na gcostas breise a eascraíonn as míbhuntáistí sonracha na réigiún lena mbaineann. | 7. Tabharfar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 52 lena leagtar síos na critéir maidir le ríomh na gcostas breise a eascraíonn as míbhuntáistí sonracha na réigiún lena mbaineann ***agus lena bhformheastar an creat modheolaíoch chun cúnamh cúitimh a íoc***. |
| [31] Rialachán (AE) Uimh. 652/2014 ón gComhairle an 14 Meán Fómhair 2015, maidir le formheas, thar ceann an Aontais Eorpaigh, ar dheonú deiseanna iascaireachta in uiscí an Aontais do shoithí iascaireachta faoi bhratach Phoblacht Bholavarach Veiniséala sa limistéar eacnamaíoch eisiach amach ó chósta Ghuáin na Fraince (IO L 244, 14.09.2015, lch. 55). | [31] Rialachán (AE) Uimh. 652/2014 ón gComhairle an 14 Meán Fómhair 2015, maidir le formheas, thar ceann an Aontais Eorpaigh, ar dheonú deiseanna iascaireachta in uiscí an Aontais do shoithí iascaireachta faoi bhratach Phoblacht Bholavarach Veiniséala sa limistéar eacnamaíoch eisiach amach ó chósta Ghuáin na Fraince (IO L 244, 14.09.2015, lch. 55). |

*(Déantar Airteagal 21 a leasú agus a chur isteach tar éis Airteagal 29d)*

**Leasú 166**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 22 – teideal**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Cosaint agus athbhunú bhithéagsúlacht na mara ***agus*** éiceachórais na mara | Bithéagsúlacht agus éiceachórais mhuirí***,*** chósta ***agus fionnuisce*** a chosaint agus a athbhunú |

**Leasú 167**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 22 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Féadfaidh an ***CEMI*** tacú le gníomhaíochtaí maidir le cosaint agus athshlánú bithéagsúlachta muirí ***agus*** cósta agus na n-éiceachóras , lena n-áirítear in uiscí intíre. | 1. Féadfaidh ***CEMI*** tacú le gníomhaíochtaí maidir le bithéagsúlacht agus le héiceachórais mhuirí***,*** chósta ***agus fionnuisce*** a chosaint agus a athbhunú, lena n-áirítear in uiscí intíre. ***Chun na críche sin, ba cheart an comhar leis an nGníomhaireacht Eorpach Spáis agus le cláir Eorpacha satailíte a chothú chun tuilleadh sonraí a bhailiú faoi staid an truaillithe mhuirí agus go háirithe, maidir*** |

***le dramhaíl phlaisteach sna huiscí.***

**Leasú 168**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 22 – mír 2 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) cúitimh d'iascairí i dtrealamh iascaireachta caillte agus bruscar muirí a bhailiú ón muir; | (a) cúiteamh d’iascairí as trealamh iascaireachta caillte a bhailiú agus bruscar muirí ***a bhailiú go héighníomhach*** ón muir***, lena n-áirítear bailiú feamainne sargasaí sna réigiúin is forimeallaí i dtrácht***; |

**Leasú 169**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 22 – mír 2 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) infheistíochtaí i gcalafoirt chun saoráidí glactha a sholáthar le haghaidh trealamh iascaireachta caillte agus bruscar muirí a bhailiú ón muir; | (b) infheistíochtaí i gcalafoirt chun saoráidí glactha***, stórála agus athchúrsála*** leormhaithe a sholáthar le haghaidh trealamh iascaireachta caillte agus bruscar muirí***, chomh maith le gabhálacha de thaisme dá dtagraítear in Airteagal 15 de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013*** a |

| | |
|---|---|
| | bhailiú ón muir; |

**Leasú 170**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 22 – mír 2 – pointe b a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ba) trealamh agus gabhálacha a chosaint ar mhamaigh agus ar éin atá faoi chosaint Threoir 92/43/CEE nó Threoir 2009/147/CE, ar choinníoll nach mbainfidh sé an bonn ó roghnaíocht trealaimh iascaireachta.*** |

**Leasú 171**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 22 – mír 2 – pointe b b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(bb) cúiteamh ar threalamh iascaireachta inbhuanaithe agus sliogiascaireachta a úsáid;*** |

**Leasú 172**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 22 – mír 2 – pointe c a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ca) bearta chun dea-stádas comhshaoil a bhaint amach agus a choinneáil sa chomhshaol fionnuisce;*** |

**Leasú 173**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 22 – mír 2 – pointe c b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(cb) gníomhaíochtaí glantacháin, go háirithe i gcás plaisteach, i gcalafoirt agus i limistéir chósta agus iascaireachta an Aontais;*** |

**Leasú 174**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 22 – mír 2 – pointe f**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|

| | |
|---|---|
| (f) Cosaint speiceas faoi Threoir 92/43/CEE ***agus*** faoi Threoir 2009/147/CE, i gcomhréir le creataí gníomhaíochta tosaíochta arna mbunú de bhun Threoir 92/43/CEE; | (f) cosaint speiceas faoi Threoir 92/43/CEE***,*** faoi Threoir 2009/147/CE, i gcomhréir le creataí gníomhaíochta tosaíochta arna mbunú de bhun Threoir 92/43/CEE***, agus cosaint na speiceas ar fad a chosnaítear faoin gCoinbhinsiún maidir le Trádáil Idirnáisiúnta i Speicis Fauna agus Flora Fiáine i mBaol (CITES), agus/nó atá ar Liosta Dearg an Aontais Idirnáisiúnta um Chaomhnú an Dúlra agus Acmhainní Nádúrtha (IUCN);*** |

**Leasú 175**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 22 – mír 2 – pointe f a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(fa) tógáil, suiteáil nó nuachóiriú saoráidí seasta nó soghluaiste atá beartaithe chun fauna agus flora muirí a chosaint agus a fheabhsú, lena n-áirítear iad a ullmhú go heolaíoch agus meastóireacht a dhéanamh orthu agus, i gcás na réigiún is forimeallaí, feistí comhthiomsaithe iasc atá ar ancaire lena rannchuidítear le hiascaireacht inbhuanaithe agus roghnaíoch;*** |

**Leasú 176**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 22 – mír 2 – pointe f b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(fb) scéimeanna chun díobháil do ghabhálacha a chúiteamh arb é is cúis léi mamaigh agus éin atá faoi chosaint Threoir 92/43/CEE agus atá faoi chosaint Threoir 2009/147/CE;*** |

**Leasú 177**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 22 – mír 2 – pointe f c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(fc) cur le bainistiú nó caomhnú níos fearr a dhéanamh i dtaca le hacmhainní bitheolaíocha muirí;*** |

**Leasú 178**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 22 – mír 2 – pointe f d (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(fd) maidir le speicis a chuireann leibhéil inbhuanaithe stoc éisc i mbaol, tacaíocht d'fhiach rialaithe cosantach nó do bhainistiú fiadhúlra ionrach ina leith;*** |

**Leasú 179**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 22 – mír 2 – pointe f e (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(fe) athstocáil dhíreach mar bheart caomhnaithe i ngníomh dlíthiúil de chuid an Aontais;*** |

**Leasú 180**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 22 – mír 2 – pointe f f (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ff) tacaíocht do bhailiú agus do bhainistiú sonraí ar speicis choimhthíocha a bheith ann, rud a d'fhéadfadh a bheith ina gcúis le*** |

| | |
|---|---|
| | ***héifeachtaí turraingeacha ar an mbithéagsúlacht;*** |

**Leasú 181**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 22 – mír 2 – pointe f g (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(fg) oiliúint d'iascairí, go háirithe i dtaca le húsáid níos roghnaithí feistis agus trealaimh iascaireachta, d'fhonn feasacht a ardú agus an tionchar atá ag an iascaireacht ar an muirthimpeallacht a laghdú.*** |

**Leasú 182**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 22 – mír 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2a. Féadfaidh CEMI cistiú a sholáthar do dhamáistí agus d'infheistíochtaí faoi threoir phointe (a) agus phointe (b) d'Airteagal 22(2) ag 100 %.*** |

**Leasú 183**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 22 – mír 2 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2b. Áirítear ar phointe (e) agus ar phointe (f) de mhír 2 gníomhaíochtaí comhfhreagracha arna ndéanamh ag feirmeacha éisc agus ag feirmeoirí.*** |

**Leasú 184**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 22 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Airteagal 22 a*** |
| | ***Taighde eolaíoch agus bailiú sonraí ar an tionchar a bhaineann le héin imirceacha*** |
| | ***1. Féadfaidh CEMI tacú, bunaithe ar na pleananna straitéiseacha náisiúnta ilbhliantúla, le bunú tionscadal náisiúnta nó trasteorann um thaighde eolaíoch bailiú sonraí agus é mar aidhm leo tuiscint níos fearr a fháil ar thionchar na n-éan imirceach ar an earnáil dobharshaothraithe agus ar stoic éisc*** |

***ábhartha eile an Aontais. Ba cheart do na tionscadail sin a dtorthaí a fhoilsiú go luath agus moltaí a dhéanamh i leith bainistiú níos fearr.***

***2. Le bheith incháilithe, ní mór, ar a laghad, institiúid aitheanta náisiúnta amháin nó institiúid aitheanta amháin de chuid an Aontais a bheith i dtionscadal náisiúnta um thaighde eolaíoch agus bailiú sonraí.***

***3. Le bheith incháilithe, áireofar ar thionscadal trasteorann um thaighde eolaíoch agus bailiú sonraí institiúid amháin ar a laghad ó dhá Bhallstát éagsúla ar a laghad.***

**Leasú 185**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 22 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Airteagal 22b*** |
| | ***Nuálaíochtaí*** |
| | ***1. Chun nuálaíocht san iascach a spreagadh, féadfaidh CEMI tacú le tionscadail lena ndírítear ar an méid seo a leanas a fhorbairt nó a thabhairt isteach:*** |

*táirgí agus trealamh atá feabhsaithe go suntasach nó atá nua; próisis agus teicnící nua nó feabhsaithe; córais bhainistíochta agus eagrúcháin nua nó fheabhsaithe, lena n-áirítear ar leibhéal na próiseála agus na margaíochta; agus féadfaidh sé tacú le tionscadail lena ndírítear ar dheireadh a chur de réir a chéile le hábhair mhuirí aischurtha agus le fo-ghabhálacha, ar eolas teicniúil nó eagraíochtúil nua a thabhairt isteach, rud lena ndéanfar laghdú ar thionchar na ngníomhaíochtaí iascaireachta ar an gcomhshaol, lena n-áirítear teicnící níos fearr iascaireachta agus roghnaíocht trealaimh iascaireachta, nó ar úsáid níos inbhuanaithe acmhainní muirí beo agus cómhaireachtáil le creachadóirí faoi chosaint a bhaint amach.*

*2. Tionscnóidh fiontraithe aonair nó eagraíochtaí táirgeoirí agus a gcomhlachais oibríochtaí arna maoiniú faoin Airteagal seo.*

*3. Déanfaidh an Ballstát torthaí na n-oibríochtaí arna maoiniú faoin Airteagal seo a phoibliú.*

**Leasú 186**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Teideal 2 - caibidil 2 a (nua) - Tosaíocht 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***CAIBIDIL II A*** |
| | ***Tosaíocht 1 a: Dobharshaothrú inbhuanaithe a chur chun cinn*** |

**Leasú 187**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 23 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Féadfaidh CEMI tacú le cur chun cinn dobharshaothraithe inbhuanaithe dá bhforáiltear in Airteagal 1 de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013; Féadfaidh sé tacú freisin le sláinte agus leas ainmhithe sa dobharshaothrú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[32] agus le Rialachán (AE) Uimh. 652/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[33] **.** | 1. Féadfaidh CEMI tacú le cur chun cinn dobharshaothraithe inbhuanaithe ***- idir uisce sáile agus fhionnuisce, lena n-áirítear an dobharshaothrú le córais choimeádta iata agus córais athshruthaithe uisce -*** dá bhforáiltear in Airteagal 34(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ***agus féadfaidh sé tacú leis an méadú ar tháirgeadh dobharshaothraithe, agus acmhainn iompair éiceolaíoch á cur san áireamh***. Féadfaidh sé tacú freisin le sláinte agus leas ainmhithe sa dobharshaothrú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[32] agus le |

[32] Rialachán (AE) Uimh. 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le galair in-tarchurtha ainmhithe agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear gníomhartha áirithe i réimse na sláinte ainmhithe ("Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe") (IO L 84, 31.03.2016, lch. 1).

[33] Rialachán (AE) Uimh. 652/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 lena leagtar síos forálacha maidir le bainistiú caiteachais i ndáil leis an mbiashlabhra, sláinte ainmhithe agus leas ainmhithe, agus i ndáil le sláinte plandaí agus ábhar atáirgthe plandaí, lena leasaítear Treoir 98/56/CE, Treoir 2000/29/CE agus Treoir 2008/90/CE ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 178/2002, Rialachán (CE) Uimh. 882/2004 agus Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoir 2009/128/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Cinneadh 66/399/CEE,

Rialachán (AE) Uimh. 652/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[33].

[32] Rialachán (AE) Uimh. 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le galair in-tarchurtha ainmhithe agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear gníomhartha áirithe i réimse na sláinte ainmhithe ("Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe") (IO L 84, 31.03.2016, lch. 1).

[33] Rialachán (AE) Uimh. 652/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Bealtaine 2014 lena leagtar síos forálacha maidir le bainistiú caiteachais i ndáil leis an mbiashlabhra, sláinte ainmhithe agus leas ainmhithe, agus i ndáil le sláinte plandaí agus ábhar atáirgthe plandaí, lena leasaítear Treoir 98/56/CE, Treoir 2000/29/CE agus Treoir 2008/90/CE ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 178/2002, Rialachán (CE) Uimh. 882/2004 agus Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoir 2009/128/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Cinneadh 66/399/CEE,

| | |
|---|---|
| Cinneadh 76/894/CEE agus Cinneadh 2009/470/CE ón gComhairle (IO L 189, 27.06.2014, lch. 1). | Cinneadh 76/894/CEE agus Cinneadh 2009/470/CE ón gComhairle (IO L 189, 27.06.2014, lch. 1). |

**Leasú 188**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 23 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. ***Ní*** féidir tacú le hinfheistíochtaí ***táirgiúla*** dobharshaothraithe faoin Airteagal seo ***ach amháin*** trí na hionstraimí airgeadais dá bhforáiltear in Airteagal 52 de Rialachán (AE) Uimh. [Rialachán lena leagtar síos forálacha coiteanna] agus trí InvestEU, i gcomhréir le hAirteagal 10 den Rialachán sin. | 3. Féadfar tacú le hinfheistíochtaí táirgiúla dobharshaothraithe faoin Airteagal seo ***trí dheontais, i gcomhréir le hAirteagal 48(1) de Rialachán (AE) [Rialachán lena leagtar síos Forálacha Coiteanna], agus más féidir,*** trí na hionstraimí airgeadais dá bhforáiltear in Airteagal 52 de Rialachán (AE) Uimh. [Rialachán lena leagtar síos Forálacha Coiteanna] agus trí InvestEU, i gcomhréir le hAirteagal 10 den Rialachán sin. |

**Leasú 189**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 23 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú*

***Airteagal 23a***

***Líonra Faisnéise Staidrimh um Dhobharshaothrú***

***1. Féadfaidh CEMI tacú le bailiú, le bainistiú agus le húsáid sonraí chun an dobharshaothrú a bhainistiú mar a fhoráiltear i bpointí (a) agus (e) d'Airteagal 34(1) agus in Airteagal 34(5) agus i bpointe (d) d'Airteagal 35(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 maidir le Líonra Faisnéise Staidrimh um Dhobharshaothrú (ASIN-RISA) agus pleananna oibre náisiúnta a bhunú lena chur chun feidhme.***

***2. De mhaolú ar Airteagal 2, féadfar an tacaíocht dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo a dheonú le haghaidh oibríochtaí lasmuigh de chríoch an Aontais freisin.***

***3. Féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena leagtar síos rialacha maidir le nósanna imeachta, formáidí agus tráthchláir chun ASIN-RISA a chruthú dá dtagraítear i mír 1. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós***

| | |
|---|---|
| | ***imeachta comhairliúcháin dá dtagraítear in Airteagal 53(2).*** |
| | ***4. Déanfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena bhformheastar nó lena leasaítear na pleananna oibre dá dtagraítear i mír 1 faoin 31 Nollaig an bhliain roimh an mbliain a mbeidh feidhm ag an bplean oibre uirthi. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta comhairliúcháin dá dtagraítear in Airteagal 53(2).*** |

**Leasú 190**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Caibidil III – Tosaíocht 2 – teideal**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Tosaíocht 2 ***Rannchuidiú*** le slándáil bia san Aontas ***tríd an dobharshaothrú agus trí mhargaí iomaíocha agus inbhuanaithe*** | Tosaíocht 2 ***Cur chun cinn iascach agus margaí dobharshaothraithe agus earnálacha próiseála atá iomaíoch agus inbhuanaithe lena rannchuidítear*** le slándáil bia san Aontas |

**Leasú 191**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 24 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Féadfaidh CEMI tacú le gníomhaíochtaí a rannchuidíonn le cuspóirí chomheagraíocht na margaí i dtáirgí iascaigh agus dobharshaothraithe dá bhforáiltear in Airteagal 35 de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 agus a shonraítear sa bhreis air sin i Rialachán (AE) Uimh. 1379/2013. Ina theannta sin, féadfaidh sé tacú le gníomhaíochtaí a chuireann chun cinn margaíocht, cáilíocht agus breisluach táirgí iascaigh agus dobharshaothraithe. | Féadfaidh CEMI tacú le gníomhaíochtaí a rannchuidíonn le cuspóirí chomheagraíocht na margaí i dtáirgí iascaigh agus dobharshaothraithe dá bhforáiltear in Airteagal 35 de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 agus a shonraítear sa bhreis air sin i Rialachán (AE) Uimh. 1379/2013. Ina theannta sin, féadfaidh sé tacú le ***hinfheistíochtaí agus*** gníomhaíochtaí ***inláimhsithe*** a chuireann chun cinn margaíocht, cáilíocht agus breisluach táirgí iascaigh agus dobharshaothraithe ***inbhuanaithe***. |

**Leasú 192**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 24 – mír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1a. Maidir le pleananna margaíochta agus táirgeachta, dá dtagraítear in Airteagal 28 de Rialachán (AE) Uimh. 1379/2013, a ullmhú agus a chur chun feidhme, féadfaidh an Ballstát lena*** |

| | |
|---|---|
| | ***mbaineann airleacan de luach 50% den tacaíocht airgeadais a dheonú tar éis formheas a dhéanamh ar an bplean margaíochta agus táirgeachta i gcomhréir le hAirteagal 28(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1379/2013.*** |

**Leasú 193**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 24 – mír 1 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1b. Ní bheidh tacaíocht a dheonófar in aghaidh na heagraíochta táirgeoirí in aghaidh na bliana faoin Airteagal seo níos mó ná 3 % de mheánluach bliantúil na táirgeachta arna cur ar an margadh ag an eagraíocht táirgeoirí sin sna trí bliana féilire roimhe sin nó na táirgeachta arna cur ar an margadh ag baill na heagraíochta sin le linn na tréimhse céanna. I gcás aon eagraíochta táirgeoirí nua-aitheanta, ní bheidh an tacaíocht sin níos mó ná 3 % de mheánluach bliantúil na táirgeachta arna cur ar an margadh ag baill na heagraíochta sin sna trí bliana féilire roimhe sin.*** |

**Leasú 194**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 24 – mír 1 c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1c. Ní dheonófar an tacaíocht dá dtagraítear i mír 2 ach amháin d'eagraíochtaí táirgeoirí agus do chomhlachais eagraíochtaí táirgeoirí.*** |

**Leasú 195**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 25 – teideal**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Próiseáil na dtáirgí iascaireachta agus na dtáirgí dobharshaothraithe | Próiseáil ***agus stóráil*** na dtáirgí iascaireachta agus na dtáirgí dobharshaothraithe |

**Leasú 196**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 25 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Féadfaidh CEMI tacú le hinfheistíochtaí i bpróiseáil na dtáirgí iascaigh agus dobharshaothraithe. Beidh an tacaíocht sin ina rannchuidiú le cuspóirí chomheagraíocht na margaí i dtáirgí iascaigh agus dobharshaothraithe dá bhforáiltear in Airteagal 35 de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 agus a shonraítear sa bhreis air sin i Rialachán (AE) Uimh. 1379/2013. | 1. Féadfaidh CEMI tacú le hinfheistíochtaí i bpróiseáil ***agus i stóráil*** na dtáirgí iascaigh agus dobharshaothraithe. Beidh an tacaíocht sin ina rannchuidiú le cuspóirí chomheagraíocht na margaí i dtáirgí iascaigh agus dobharshaothraithe dá bhforáiltear in Airteagal 35 de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 agus a shonraítear sa bhreis air sin i Rialachán (AE) Uimh. 1379/2013. |

**Leasú 197**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 25 – mír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1a. Chomh maith leis sin, féadfaidh CEMI tacú le hinfheistíochtaí nuálaíochta i ndáil le táirgí iascaireachta agus dobharsaothraithe, mar aon le comhpháirtíochtaí a chur chun cinn idir eagraíochtaí táirgeoirí agus eagraíochtaí eolaíochta.*** |

**Leasú 198**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 25 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. ***Ní*** dheonófar tacaíocht faoin Airteagal seo ***ach amháin*** trí na hionstraimí airgeadais dá bhforáiltear in Airteagal 53 de Rialachán (AE) Uimh. [Rialachán lena leagtar síos Forálacha Coiteanna] agus trí InvestEU, i gcomhréir le hAirteagal 10 den Rialachán sin. | 2. Féadfar tacaíocht faoin Airteagal seo a dheonú ***trí dheontais agus*** trí na hionstraimí airgeadais dá bhforáiltear in Airteagal 52 de Rialachán (AE) Uimh. [Rialachán lena leagtar síos Forálacha Coiteanna] agus trí InvestEU, i gcomhréir le hAirteagal 10 den Rialachán sin. |

**Leasú 199**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 25 – mír 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2a. Féadfaidh na Ballstáit tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt iascach agus plandaí próiseála dobharshaothraithe trí úsáid a bhaint as acmhainní eile faoin gCiste Struchtúrach.*** |

**Leasú 200**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 25 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Airteagal 25a*** |
| | ***Cúnamh stórála*** |
| | ***1. Tacóidh CEMI le cúiteamh d'eagraíochtaí aitheanta táirgeoirí agus do chomhlachais aitheanta eagraíochtaí táirgeoirí a stórálann táirgí iascaigh atá liostaithe in Iarscríbhinn II de Rialachán (AE) Uimh. 1379/2013, ar choinníoll go stóráiltear na táirgí i gcomhréir le hAirteagal 30 agus le hAirteagal 31 den Rialachán sin agus faoi réir na gcoinníollacha seo a leanas:*** |
| | ***(a) nach mbeidh méid an chúnaimh stórála níos mó ná méid na gcostas teicniúil agus airgeadais a bhaineann leis na gníomhaíochtaí is gá chun na táirgí atá i gceist a chobhsú agus a stóráil;*** |
| | ***(b) nach mbeidh na cainníochtaí atá incháilithe do chúnamh stórála níos mó ná 15 % de chainníochtaí bliantúla na dtáirgí lena mbaineann a chuir an eagraíocht táirgeoirí ar díol;*** |

***(c) nach mbeidh an tacaíocht airgeadais in aghaidh na bliana níos mó ná 2 % de mheánluach bliantúil na táirgeachta arna cur ar an margadh ag baill d'eagraíocht táirgeoirí sa tréimhse 2016-2018. Chun críocha an phointe sin, i gcás nár chuir baill d'eagraíocht táirgeoirí aon táirgeacht ar an margadh idir 2016 go 2018, cuirfear san áireamh meánluach bliantúil na táirgeachta arna cur ar an margadh sna chéad trí bliana táirgeachta den bhall sin.***

***2. Ní fhéadfar an tacaíocht dá dtagraítear i mír 1 a dheonú go dtí go mbeidh na táirgí curtha ar fáil lena gcaitheamh ag an duine.***

***3. Déanfaidh na Ballstáit méid na gcostas teicniúil agus airgeadais is infheidhme ina gcuid críoch a shocrú mar a leanas:***

***(a) déanfar costais theicniúla a ríomh gach bliain ar bhonn na gcostas díreach a bhaineann leis na gníomhaíochtaí is gá maidir le cobhsú agus stóráil;***

***(b) déanfar costais airgeadais a ríomh gach bliain trí úsáid a bhaint as an ráta úis arna shocrú gach bliain i ngach Ballstát; cuirfear costais theicniúla agus airgeadais ar fáil go poiblí.***

***4. Déanfaidh na Ballstáit rialuithe***

| | |
|---|---|
| | ***lena áirithiú go gcomhlíonann na táirgí a fhaigheann cúnamh stórála na coinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo. Chun críocha na rialuithe sin, coimeádfaidh tairbhithe an chúnaimh stórála taifid stoc do gach catagóir táirgí a stóráiltear agus a thugtar isteach sa mhargadh arís níos déanaí lena gcaitheamh ag an duine.*** |

**Leasú 201**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Teideal 2 – caibidil 4 – teideal**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Tosaíocht 3 ***An fás sa*** gheilleagar gorm inbhuanaithe a éascú agus pobail rathúla a chothú cois cósta | Tosaíocht 3: Geilleagar gorm inbhuanaithe ***laistigh de theorainneacha éiceolaíocha*** a éascú agus pobail rathúla cois cósta, ***ar oileáin agus ar imeall an uisce*** a chothú |

**Leasú 202**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 26 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Tabharfaidh CEMI tacaíocht | 1. Féadfaidh CEMI tacaíocht a thabhairt |

| | |
|---|---|
| ***d'fhorbairt geilleagar áitiúil*** agus pobal áitiúil le forbairt áitiúil faoi stiúir an phobail mar atá leagtha amach in Airteagal 25 de [Rialachán (AE) Uimh. [Rialachán lena leagtar síos Forálacha Coiteanna]. | ***do na dálaí fabhracha is gá do gheilleagar gorm*** inbhuanaithe ***agus do leas na bpobal áitiúil*** le forbairt áitiúil faoi stiúir an phobail mar atá leagtha amach in Airteagal 25 de [Rialachán (AE) Uimh. [Rialachán lena leagtar síos Forálacha Coiteanna]. |

**Leasú 203**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 26 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Chun críche tacaíocht ó CEMI, déanfaidh na straitéisí forbartha áitiúla faoi stiúir an phobail dá dtagraítear in Airteagal 26 de Rialachán (AE) Uimh. [Rialachán lena leagtar síos forálacha coiteanna], déanfaidh siad a áirithiú go mbainfidh pobail áitiúla leas agus tairbhe níos fearr as na deiseanna a bhaineann leis ***an*** ngeilleagar gorm inbhuanaithe. | 2. Chun críche tacaíocht ó CEMI, déanfaidh na straitéisí forbartha áitiúla faoi stiúir an phobail dá dtagraítear in Airteagal 26 de Rialachán (AE) Uimh. [Rialachán lena leagtar síos forálacha coiteanna], déanfaidh siad a áirithiú go mbainfidh pobail áitiúla leas agus tairbhe níos fearr as na deiseanna a bhaineann ***le*** geilleagar gorm inbhuanaithe ***laistigh de theorainneacha éiceolaíocha***. |

**Leasú 204**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 26 – mír 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2a. Ní mór do na straitéisí luí leis na deiseanna agus na riachtanais atá sainaitheanta sa limistéar ábhartha agus le tosaíochtaí an Aontais a leagtar amach in Airteagal 4. D'fhéadfadh raon straitéisí a bheith ann, idir straitéisí atá dírithe ar iascach agus straitéisí níos forleithne atá dírithe ar éagsúlú limistéar iascaigh. Beidh níos mó i gceist leis an stráitéis ná díreach bailiúchán oibríochtaí nó neas-suíomh beart earnálach.*** |

**Leasú 205**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 26 – mír 2 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2b. Ba cheart na gníomhaíochtaí a dhéantar san earnáil sin a bheith ag luí leis na straitéisí forbartha réigiúnacha ionas go dtiocfadh fás ar gheilleagar gorm inbhuanaithe agus go mbeadh breisluach ag críocha cósta.*** |

**Leasú 206**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 26 – mír 2 c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2c. Déanfaidh na Ballstáit an córas comhbhainistíochta a chur chun feidhme chun a áirithiú go mbainfear amach cuspóirí an Rialacháin seo agus aird á tabhairt ar an staid iascaireachta áitiúil.*** |

**Leasú 207**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 27 – teideal**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Eolas faoi chúrsaí na mara | Eolas faoi chúrsaí na mara ***agus cúrsaí fionnuisce*** |

**Leasú 208**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 27 – mír 1 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Féadfaidh ***CEMI*** tacú le bailiú, bainistiú | Féadfaidh ***CEMI*** tacú ***freisin*** le bailiú, |

agus úsáid sonraí chun feabhas a chur ar an bhfaisnéis maidir le staid na muirthimpeallachta, d'fhonn na spriocanna seo a leanas a bhaint amach:

bainistiú*, anailísiú, próiseáil* agus úsáid sonraí chun feabhas a chur ar an bhfaisnéis maidir le staid na muirthimpeallachta ***agus le timpeallacht an fhionnuisce, iascaigh áineasa agus earnáil na n-iascach áineasa***, d'fhonn na spriocanna seo a leanas a bhaint amach:

**Leasú 209**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 27 – mír 1 – pointe a a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(aa) ceanglais maidir le bailiú sonraí a chomhlíonadh faoi Rialachán (CE) Uimh. 665/2008 ón gCoimisiún[1a], Cinneadh 2010/93/AE ón gCoimisiúin[1b], agus Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2016/1251 ón gCoimisiún[1c] agus an Rialachán maidir leis an gCreat um Bailiú Sonraí;*** |
| | ______________ |
| | ***[1a] Rialachán (CE) Uimh. 665/2008 an 14 Iúil 2008 ón gCoimisiún lena leagtar síos rialacha mionsonraithe i dtaca le cur chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 199/2008 ón gComhairle maidir le bunú creata Comhphobail chun sonraí*** |

***san earnáil iascaigh a bhailiú, a bhainistiú agus a úsáid agus le haghaidh tacaíochta do chomhairle eolaíochta maidir leis an gComhbheartas Iascaigh (IO L 186, 15.7.2008, lch. 3).***

***[1b] Cinneadh 2010/93/EU ón gCoimisiún an 18 Nollaig 2009 lena nglactar clár ilbhliantúil Comhphobail maidir le bailiú, bainistiú agus úsáid sonraí in earnáil an iascaigh don tréimhse 2011-2013 (fógra tugtha ina leith faoi dhoiciméad C(2009) 10121) IO L 41, 16.2.2010, lch. 8).***

***[1c] Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2016/1251 ón gCoimisiún an 12 Iúil 2016 lena nglactar clár ilbhliantúil de chuid an Aontais maidir le bailiú, bainistiú agus úsáid sonraí in earnáil an iascaigh agus san earnáil dobharshaothraithe don tréimhse 2017-2019 (IO L 207, 1.8.2016, lch. 113).***

**Leasú 210**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 27 – mír 1 – pointe b a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ba) ceanglais bailithe sonraí a chomhlíonadh faoin Rialachán maidir*** |

***leis an gComhbheartas Iascaigh;***

**Leasú 211**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 27 – mír 1 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| (c) Feabhas a chur ar cháilíocht agus comhroinnt sonraí tríd an Líonra Eorpach um Breathnóireacht agus Sonraí Muirí (EMODnet). | (c) feabhas a chur ar cháilíocht agus comhroinnt sonraí tríd an Líonra Eorpach um Breathnóireacht agus Sonraí Muirí (EMODnet) ***chomh maith le líonraí sonraí eile lena gcumhdaítear fionnuisce;*** |

**Leasú 212**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 27 – mír 1 – pointe c a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| | ***(ca) líon na sonraí iontaofa maidir le gabhálacha iascaireachta áineasa a ardú;*** |

**Leasú 213**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 27 – mír 1 – pointe c b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(cb) infheistíochtaí san anailís agus breathnóireacht ar thruailliú muirí, go háirithe plaistigh, chun sonraí maidir leis an staid a mhéadú;*** |

**Leasú 214**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 27 – mír 1 – pointe c c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(cc) cur leis an eolas faoi bhruscar muirí plaisteach agus faoina thiúchan.*** |

**Leasú 215**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 28 – mír 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2a. I gcomhréir leis an gcuspóir chun farraigí agus aigéin atá sábháilte, slán, glan agus a ndéantar bainistiú inbhuanaithe orthu a bhaint amach,*** |

| | |
|---|---|
| | ***rannchuideoidh CEMI le Sprioc Forbartha Inbhuanaithe 14 de Chlár Oibre 2030 na Náisiún Aontaithe don Fhorbairt Inbhuanaithe a bhaint amach.*** |

**Leasú 216**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 29 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Is féidir go mbeidh na gníomhaíochtaí dá dtagraítear i mír 1 a bheith ina rannchuidiú le forbairt agus cur chun feidhme chóras rialaithe iascaigh de chuid an Aontais faoi na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 19. | 2. Is féidir go mbeidh na gníomhaíochtaí dá dtagraítear i mír 1 ina rannchuidiú le forbairt agus cur chun feidhme chóras rialaithe ***agus cigireachta*** iascaigh de chuid an Aontais faoi na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 19. |

**Leasuithe 217 agus 301**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 29 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Airteagal 29a*** |

| | |
|---|---|
| | ***An dúlra agus speicis a chosaint*** |
| | ***Le CEMI, tacófar le gníomhaíochtaí maidir le cosaint an dúlra a chur chun feidhme, ar gníomhaíochtaí iad a dhéantar faoi chuimsiú Chairt Dhomhanda na Náisiún Aontaithe ar son an Dúlra, go háirithe Airteagail 21, 22, 23 agus 24 di.*** |
| | ***Le CEMI, tacófar freisin le gníomhaíochtaí lena ndírítear ar chomhar deonach le fóraim, eagraíochtaí, comhlachtaí agus institiúidí idirnáisiúnta agus ar chomhordú deonach eatarthu chun modhanna a chomhthiomsú ar mhaithe leis an gcomhrac i gcoinne iascaireacht NNN, phóitseáil speiceas muirí agus an sléachta ar speicis a meastar gur 'creachadóirí' ar stoic iasc iad.*** |

**Leasú 218**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Teideal 2 – caibidil 5 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Caibidil Va Na réigiúin is forimeallaí*** |

**Leasú 321**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 29 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Airteagal 29b*** |
| | ***Acmhainní buiséadacha faoi bhainistíocht chomhpháirteach*** |
| | ***1. I gcás oibríochtaí sna réigiúin is forimeallaí, déanfaidh gach Ballstát lena mbaineann, mar chuid de thacaíocht sin an Aontais a leagtar amach in Iarscríbhinn V, agus a ndéanann na Ballstáit sin í a chur ar fáil, na suimeanna seo a leanas ar a laghad a leithdháileadh[1a]:*** |
| | ***(a) EUR 114 000 000 i bpraghsanna tairiseacha 2018 (i.e. EUR 128 566 000 i bpraghsanna reatha) i gcomhair na nAsór agus Mhaidéara;*** |
| | ***(b) EUR 91 700 000 i bpraghsanna tairiseacha 2018 (i.e. EUR 103 357 000 i bpraghsanna reatha) i gcomhair na nOileán Canárach;*** |
| | ***(c) EUR 146 500 000 i bpraghsanna tairiseacha 2018 (i.e. EUR 165 119 000 i bpraghsanna reatha) i gcomhair Guadalúip, Ghuáin na Fraince, Martinique, Réunion agus Saint-Martin.*** |
| | ***2. Cinnfidh gach Ballstát an chuid de na himchlúdaigh airgeadais arna bunú i mír 1, arna cur i leataobh don chúiteamh dá dtagraítear in Airteagal 29d, agus ní rachaidh sí thar 50 % de gach leitdháileadh dá dtagraítear i mír 1.*** |
| | ***3. De mhaolú ar Airteagal 9(8) den Rialachán seo agus ar Airteagal 19(2) de Rialachán (AE) Uimh. .../... [Rialachán lena leagtar síos na Forálacha*** |

***Comhchoiteanna], agus chun coinníollacha athraitheacha a áireamh, féadfaidh na Ballstáit liosta agus cainníochtaí na dtáirgí iascaigh incháilithe agus an leibhéal cúitimh dá dtagraítear in Airteagal 29d a choigeartú, ar an gcoinníoll go n-urramaítear na méideanna dá dtagraítear i mír 1 agus i mír 2 den Airteagal seo. Ní bheifear in ann na coigeartuithe sin a dhéanamh ach amháin a mhéid a dhéanfar méadú nó laghdú comhfhreagrach ar na pleananna cúitimh atá ag réigiún eile sa Bhallstát céanna. Cuirfidh an Ballstát an Coimisiún ar an eolas faoi na coigeartuithe roimh ré.***

______________

***[1a] Beidh gá leis na figiúirí sin a oiriúnú de réir na bhfigiúirí comhaontaithe in Airteagal 5 (1).***

**Leasú 220**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 29 c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Airteagal 29c*** |
| | ***Plean gníomhaíochta*** |
| | ***1. Mar chuid dá gclár, déanfaidh na Ballstáit lena mbaineann plean gníomhaíochta a ullmhú le haghaidh*** |

***gach ceann dá réigiúin is forimeallaí dá dtagraítear in Airteagal 6(2), lena leagfar síos na nithe seo a leanas:***

***(a) straitéis maidir leis an saothrú inbhuanaithe iascach agus forbairt an gheilleagair ghoirm inbhuanaithe***

***(b) tuairisc ar na príomhghníomhaíochtaí atá beartaithe agus na hacmhainní airgeadais comhfhreagracha, lena n-airítear:***

***i tacaíocht struchtúrtha don earnáil iascaigh agus dobharshaothraithe faoi Theideal II:***

***ii an cúiteamh ar chostais bhreise dá dtagraítear in Airteagal 29d, lena n-áirítear an liosta de tháirgí iascaigh agus dobharshaothraithe agus cainníocht na dtáirgí sin agus leibhéal an chúitimh;***

***iii infheistíochtaí eile sa gheilleagar gorm inbhuanaithe is gá chun forbairt inbhuanaithe cois cósta a bhaint amach.***

**Leasú 287**

**Togra le haghaidh rialacháin**
**Airteagal 29 d (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Airteagal 29d*** |
| | ***Cabhlaigh iascaireachta chósta ar mhionscála a athnuachan agus bearta gaolmhara*** |
| | ***Gan dochar do phointe (a) agus do phointe (b) d'Airteagal 13 agus d'Airteagal 16, féadfaidh CEMI tacú leis an méid seo a leanas sna réigiúin is forimeallaí:*** |
| | ***(a) cabhlaigh iascaireachta chósta ar mhionscála a athnuachan, lena n-áirítear soithí nua a thógáil agus a fháil, do na hiarratasóirí sin, cúig bliana roimh thráth a n-iarratais ar an gcúnamh, a mbeidh a bpríomhháit chlárúcháin sa réigiún is forimeallaí ina ndéanfar an soitheach nua a chlárú, agus a dhéanfaidh a gcuid gabhálacha éisc uile a thabhairt i dtír i gcalafoirt sna réigiúin is forimeallaí, chun feabhas a chur ar shábháilteacht an duine, chun rialacha an Aontais agus coinníollacha náisiúnta a chomhlíonadh maidir le sláinteachas, sláinte agus dálaí oibre ar bord, chun iascaireacht NNN a chomhrac agus chun éifeachtúlacht chomhshaoil níos fearr a bhaint amach. Fanfaidh an soitheach arna fháil le cúnamh de bheith cláraithe sa réigiún is forimeallaí go ceann 15 bliana ar a laghad ón dáta a dheonófar an chabhair. Mura gcomhlíontar an coinníoll sin, déanfar an cúnamh a aisíoc i méid atá comhréireach, ag féachaint do chineál, tromaíocht, ré agus athdhéanamh an neamhchomhlíonta. Maidir le hathnuachan an chabhlaigh iascaireachta sin, fanfaidh sé laistigh d'uasteorainneacha údaraithe le haghaidh acmhainne, agus comhlíonfaidh sé cuspóirí CBI;*** |
| | ***(b) príomhinneall nó inneall*** |

| | |
|---|---|
| | ***coimhdeach a ionadú nó a nuachóiriú. Féadfaidh cumhacht an innill nua nó an innill nuachóirithe dul thar chumhacht an innill reatha i gcás ina mbeidh údar cuí le cumhacht mhéadaithe ar chúiseanna sábháilteachta ar muir, gan méadú a dhéanamh ar chumas an tsoithigh iascaireachta lena mbaineann iasc a ghabháil;*** |
| | ***(c) cabhail adhmaid struchtúrach soithigh a athchóiriú i bpáirt, nuair atá gá leis sin ar mhaithe le sábháilteacht mhuirí a fheabhsú, de réir chritéir theicniúla oibiachtúla na hailtireachta cabhlaigh;*** |
| | ***(d) calafoirt, bonneagair chalafoirt, láithreáin nua ag a gcuirtear iasc i dtír, hallaí ceantála, longchlóis agus ceardlanna athchóirithe a thógáil agus a nuachóiriú sa chás amháin go rannchuideodh sé sin le hiascaireacht inbhuanaithe;*** |

**Leasú 222**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 29 e (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Airteagal 29e*** |
| | ***Státchabhair*** |
| | ***1. Do na táirgí iascaigh agus dobharshaothraithe a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le CFAE, a bhfuil feidhm ag Airteagal 107, Airteagal 108 agus Airteagal 109 de ina leith,*** |

***féadfaidh an Coimisiún, i gcomhréir le hAirteagal 108 CFAE, cabhair oibriúcháin a údarú sna réigiúin is forimeallaí dá dtagraítear in Airteagal 349 CFAE laistigh de na hearnálacha ina dtáirgtear, ina bpróiseáiltear agus ina margaítear táirgí iascaigh agus dobharshaothraithe, d'fhonn na srianta sonracha sna réigiúin sin mar thoradh ar a leithlisiú, a n-oileánachas agus a bhfíoriargúltacht a mhaolú.***

***2. Féadfaidh na Ballstáit maoiniú breise a dheonú chun na pleananna cúitimh dá dtagraítear in Airteagal 29d a chur chun feidhme. I gcásanna mar sin, cuirfidh na Ballstáit an Coimisiún ar an eolas faoin Státchabhair a fhéadfaidh an Coimisiún a fhormheas i gcomhréir leis an Rialachán seo mar chuid de na pleananna sin. Measfar go mbeidh fógra curtha i leith Státchabhrach a chuirtear in iúl ar an mbealach sin, de réir bhrí na chéad abairte d'Airteagal 108(3) CFAE.***

**Leasú 223**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 29 f (nua)**

| Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún | Leasú |
|---|---|
| | ***Airteagal 29f*** |
| | ***Athbhreithniú - POSEI*** |
| | ***Déanfaidh an Coimisiún tuarascáil ar chur chun feidhme fhorálacha na Caibidle seo faoin 31 Nollaig 2023 a thíolacadh agus, más gá, tograí iomchuí a ghlacadh. Déanfaidh an Coimisiún measúnú i dtaobh an bhféadfaí Clár na Roghanna a Bhaineann go Sonrach leis an Iargúltacht agus an Oileánachas (POSEI) a chruthú le haghaidh saincheisteanna muirí agus iascaigh.*** |

**Leasú 224**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 32 a (nua)**

| Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún | Leasú |
|---|---|
| | ***Airteagal 32a*** |
| | ***Beartas muirí agus geilleagar gorm inbhuanaithe a fhorbairt*** |
| | ***Tacóidh CEMI le cur chun feidhme an bheartais mhuirí chomhtháite agus le fás*** |

***an gheilleagair ghoirm inbhuanaithe trí ardáin réigiúnacha a fhorbairt chun tionscadail nuálacha a chistiú.***

**Leasú 225**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 33 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. I gcomhréir le hAirteagal 90(4)(a) de [Rialachán (AE) Uimh. [Rialachán lena leagtar síos Forálacha Coiteanna], féadfar go mbrisfidh an Coimisiún an spriocdháta d'íocaíocht maidir le hiomlán an iarratais ar íocaíocht nó le cuid den iarratas sin i gcás ina bhfuil fianaise ann a thugann le fios ***nár*** chomhlíon Ballstát na rialacha a bhfuil feidhm leo faoi CBI más féidir go ndéanfaidh sé difear don chaiteachas atá in iarratas íocaíochta a bhfuil an íocaíocht eatramhach á hiarraidh ina leith. | 1. I gcomhréir le hAirteagal 90(4) de Rialachán (AE) Uimh. [Rialachán lena leagtar síos Forálacha Coiteanna], féadfaidh an Coimisiún an spriocdháta íocaíochta d'iarratas íocaíochta ina iomláine, nó do chuid de, a bhriseadh i gcás ina bhfuil fianaise ann ***lena gcruthaítear*** nár chomhlíon Ballstát na rialacha is infheidhme faoi CBI ***nó dlí ábhartha comhshaoil an Aontais***, más rud é go bhféadfadh sé difear a dhéanamh don chaiteachas atá in iarratas íocaíochta a bhfuil an íocaíocht eatramhach á hiarraidh ina leith. |

**Leasú 226**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 34 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. I gcomhréir le hAirteagal 91(3) de Rialachán (AE) Uimh. [Rialachán lena leagtar síos Forálacha Coiteanna], féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena gcuirfear ar fionraí iomlán na n-íocaíochtaí eatramhacha faoin gclár nó cuid de na híocaíochtaí sin i gcás neamhchomhlíonadh tromchúiseach na rialacha faoi CBI nuair is dócha go mbeadh tionchar ag an neamhchomhlíonadh tromchúiseach sin ar an gcaiteachas atá in iarratas ar íocaíocht a bhfuil an íocaíocht eatramhach á hiarraidh ina leith. | 1. I gcomhréir le hAirteagal 91(3) de Rialachán (AE) Uimh. [Rialachán lena leagtar síos Forálacha Coiteanna], féadfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme a ghlacadh lena gcuirfear ar fionraí iomlán na n-íocaíochtaí eatramhacha faoin gclár nó cuid de na híocaíochtaí sin i gcás neamhchomhlíonadh tromchúiseach na rialacha faoi CBI ***nó dlí ábhartha comhshaoil an Aontais*** nuair is dócha go mbeadh tionchar ag an neamhchomhlíonadh tromchúiseach sin ar an gcaiteachas atá in iarratas ar íocaíocht a bhfuil an íocaíocht eatramhach á hiarraidh ina leith. |

**Leasú 227**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 36 – mír 1 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) (eee) go n-imrítear tionchar ar chaiteachas a áirítear in iarratas ar íocaíocht i gcás neamhchomhlíonadh tromchúiseach rialacha CBI ag Ballstát agus inar cuireadh an íocaíocht ar fionraí | (b) go n-imrítear tionchar ar chaiteachas atá in iarratas íocaíochta de dheasca nár chomhlíon Ballstát, ar bhealach tromchúiseach, rialacha CBI ***nó dlí ábhartha comhshaoil an Aontais*** a bhfuil |

| | |
|---|---|
| faoi Airteagal 34 dá dheasca agus inar theip ar an mBallstát sin a thaispeáint go raibh na gníomhaíochtaí riachtanacha leasúcháin déanta aige lena áirithiú go gcomhlíonfaí agus go bhforfheidhmeofaí na rialacha is infheidhme sa todhchaí. | de thoradh air gur cuireadh an íocaíocht ar fionraí faoi Airteagal 34 dá dheasca agus nach féidir leis an mBallstát sin a thaispeáint go fóill go bhfuil na gníomhaíochtaí riachtanacha feabhais déanta aige chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh sé na rialacha is infheidhme amach anseo agus go gcuirfidh sé chun feidhme iad. |

**Leasú 228**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 36 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Cinnfidh an Coimisiún méid ceartúcháin agus cineál, tromchúis, fad agus athdhéanamh an neamhchomhlíonadh thromchúisigh sin ag an mBallstát nó an tairbhí maidir le rialacha CBI, agus a thábhachtaí atá an ranníocaíocht ó CEMI do ghníomhaíocht eacnamaíoch an tairbhí lena mbaineann. | 2. Cinnfidh an Coimisiún méid an cheartúcháin, agus aird á tabhairt aige ar chineál, tromchúis, fad agus athdhéanamh an neamhchomhlíonta thromchúisigh sin ag an mBallstát nó an tairbhí i leith rialacha CBI ***nó dhlí ábhartha comhshaoil an Aontais,*** agus a thábhachtaí atá an ranníocaíocht ó CEMI do ghníomhaíocht eacnamaíoch an tairbhí lena mbaineann. |

**Leasú 229**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 36 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. I gcás nach féidir méid an chaiteachais a bhaineann le neamhchomhlíonadh rialacha CBI ag an mBallstát a chainníochtú go cruinn, cuirfidh an Coimisiún ceartúchán ráta comhréidh nó ceartúchán eachtarshuite airgeadais i bhfeidhm i gcomhréir le mír 4. | 3. I gcás nach féidir méid an chaiteachais a bhaineann le neamhchomhlíonadh rialacha CBI ***nó dhlí ábhartha comhshaoil an Aontais*** ag an mBallstát a chainníochtú go cruinn, cuirfidh an Coimisiún ráta comhréidh nó ceartúchán eachtarshuite airgeadais i bhfeidhm i gcomhréir le mír 4. |

**Leasú 230**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 38 – mír 3 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***3 a. Foilseoidh gach Ballstát an tuarascáil dá dtagraítear i mír 1 sa bhunteanga agus i gceann amháin de theangacha oibre an Choimisiúin Eorpaigh.*** |

**Leasú 231**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 38 – mír 3 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***3b. Déanfar an tuarascáil dá dtagraítear i mír 1 a fhoilsiú go rialta ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin Eorpaigh.*** |

**Leasú 232**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 38 – mír 3 c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***3c. Foilseoidh gach Ballstát agus an Coimisiún tuarascálacha ar dhea-chleachtais ar a suíomh gréasáin faoi seach.*** |

**Leasú 233**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 38 – mír 4 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***4a. Foilseoidh an Coimisiún na doiciméid ábhartha uile a bhaineann le glacadh na ngníomhartha cur chun*** |

***feidhme dá dtagraítear i mír 7.***

**Leasú 234**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 40 – mír 1 – pointe a a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(aa) rannpháirtíocht chistí chlár taighde agus forbartha Fhís na hEorpa a mhéid is féidir chun tacaíocht agus spreagadh a thabhairt do ghníomhaíochtaí taighde agus forbartha agus nuálaíochta san earnáil iascaigh agus dobharshaothraithe;*** |

**Leasú 235**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Teideal 3 – caibidil 2 – teideal**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Tosaíocht 2 Rannchuidiú le slándáil bia san Aontas tríd an dobharshaothrú agus trí mhargaí iomaíocha agus inbhuanaithe | Tosaíocht 2: Rannchuidiú le slándáil bia san Aontas trí ***iascach,*** tríd an dobharshaothrú agus trí mhargaí atá iomaíocha agus inbhuanaithe |

**Leasú 236**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 42 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Tacóidh CEMI le forbairt agus le scaipeadh na faisnéise maidir leis an margadh le haghaidh táirgí iascaigh agus dobharshaothraithe a dhéanfaidh an Coimisiún i gcomhréir le hAirteagal 42 de Rialachán (AE) Uimh. 1379/2013. | Tacóidh CEMI le forbairt agus le scaipeadh na faisnéise maidir leis an margadh le haghaidh táirgí iascaigh agus dobharshaothraithe a dhéanfaidh an Coimisiún i gcomhréir le hAirteagal 42 de Rialachán (AE) Uimh. 1379/2013***, is é sin, go príomha trí Líonra Faisnéise Staidrimh um Dhobharshaothrú (ASIN-RISA) a chruthú***. |

**Leasú 237**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Teideal 3 – Caibidil 3 – teideal**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Tosaíocht 3: An ***fás sa*** gheilleagar gorm inbhuanaithe a éascú agus pobail rathúla a chothú cois cósta | Tosaíocht 3: ***Na dálaí cuí le haghaidh*** geilleagar gorm inbhuanaithe a éascú agus ***muirthimpeallacht shláintiúil do*** phobail rathúla cois cósta a chothú |

**Leasú 238**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 43 – teideal**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Beartas muirí agus geilleagar gorm inbhuanaithe a fhorbairt | Beartas muirí agus geilleagar gorm inbhuanaithe a fhorbairt ***a fhorbróidh laistigh de theorainneacha éiceolaíocha ar muir agus i bhfionnuisce*** |

**Leasú 239**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 43 – mír 1 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Tacóidh ***CEMI*** le cur chun feidhme an bheartais mhuirí trí na nithe seo a leanas: | Tacóidh ***CEMI*** le cur chun feidhme an bheartais mhuirí ***agus le forbairt geilleagair ghoirm inbhuanaithe*** trí na nithe seo a leanas: |

**Leasú 240**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 43 – mír 1 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) Geilleagar gorm inbhuanaithe ísealcharbóin aeráidseasmhach a chur chun cinn; | (a) Geilleagar gorm inbhuanaithe ísealcharbóin aeráidseasmhach a chur chun cinn ***lena n-áiritheofar folláine an duine agus an chomhshaoil agus a fhorbróidh laistigh de theorainneacha éiceolaíocha ar muir agus i bhfionnuisce***; |

**Leasú 241**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 43 – mír 1 – pointe a a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(aa) athbhunú, cosaint agus cothabháil éagsúlacht, tháirgiúlacht, athléimneacht agus luach intreach na gcóras muirí;*** |

**Leasú 242**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 43 – mír 1 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) rialachas agus bainistiú comhtháite | (b) rialachas agus bainistiú comhtháite |

| | |
|---|---|
| an bheartais mhuirí a chur chun cinn, lena n-airítear trí phleanáil spásúil mhuirí, straitéisí imchuach farraige ***agus*** comhar réigiúnach muirí; | an bheartais mhuirí a chur chun cinn, lena n-airítear trí phleanáil spásúil mhuirí, straitéisí imchuach farraige***,*** comhar réigiúnach muirí***, straitéisí macrairéigiúnacha de chuid an Aontais agus comhar trasteorann***; |

**Leasú 243**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 43 – mír 1 – pointe b a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ba) an táirgeadh agus tomhaltas freagrach, teicneolaíochtaí glana, fuinneamh in-athnuaite agus sreafaí ciorclacha ábhar a chur chun cinn;*** |

**Leasú 244**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 43 – mír 1 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) feabhas a chur ar aistriú taighde agus ar an leas a bhaintear as, agus ar nuálaíocht agus teicneolaíocht sa gheilleagar gorm inbhuanaithe, lena n-airítear an líonra | (c) feabhas a chur ar aistriú taighde agus ar an leas a bhaintear as, agus ar nuálaíocht agus teicneolaíocht sa gheilleagar gorm inbhuanaithe, lena n-airítear an líonra |

| | |
|---|---|
| Eorpach um breathnóireacht agus sonraí muirí (EMODnet); | Eorpach um breathnóireacht agus sonraí muirí (EMODnet) ***agus chomh maith leis sin i líonraí sonraí eile ina gcumhdaítear fionnuisce, chun a áirithiú nach mó an fás ná na gnóthachain teicneolaíochta agus éifeachtúlachta, go ndíreofar ar ghníomhaíochtaí eacnamaíocha inbhuanaithe a chomhlíonann riachtanais na nglúnta reatha agus na todhchaí, agus go ndéanfar na huirlisí agus na cumais is gá don aistriú chuig geilleagar ciorclach a fhorbairt i gcomhréir le straitéis an Aontais maidir le plaistigh i ngeilleagar ciorclach***; |

**Leasú 245**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 43 – mír 1 – pointe d**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (d) feabhas a chur ar scileanna muirí, litearthacht maidir le cúrsaí na n-aigéan agus sonraí socheacnamaíocha faoin ngeilleagar gorm eacnamaíoch a chomhroinnt; | (d) feabhas a chur ar scileanna muirí, litearthacht maidir le cúrsaí na n-aigéan ***agus an fhionnuisce*** agus sonraí socheacnamaíocha faoin ngeilleagar gorm eacnamaíoch a chomhroinnt; |

**Leasú 246**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 43 – mír 1 – pointe e a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ea) tacú le bearta maidir le cosaint agus athbhunú na bithéagsúlachta agus éiceachóras na mara agus an chósta ag tabhairt cúiteamh d'iascairí chun trealamh iascaireachta caillte agus bruscar muirí a bhailiú ón muir.*** |

**Leasú 247**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 43 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Airteagal 43a*** |
| | ***Cinntí infheistíochta sa gheilleagar gorm*** |
| | ***Beidh an chomhairle eolaíoch is fearr atá ar fáil mar an bunús do chinntí infheistíochta faoin ngeilleagar gorm inbhuanaithe ionas go seachnófar éifeachtaí díobhálacha ar an timpeallacht a d'fhéadfadh an inbhuanaitheacht fhadtéarmach a chur i mbaol. I gcás nach bhfuil eolas ná faisnéis leordhóthanach*** |

| | |
|---|---|
| | ***ann, cuirfear cur chuige an réamhchúraim i bhfeidhm san earnáil phoiblí agus san earnáil phríobháideach araon, de bharr go bhféadfadh bearta arna nglacadh a bheith díobhálach.*** |

**Leasú 248**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 45 – mír 1 – pointe e**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (e) comhaontuithe, bearta agus uirlisí idirnáisiúnta ábhartha a chur chun feidhme chun an iascaireacht ***neamhdhleathach, neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte*** a chosc, a dhíspreagadh agus a dhíothú; | (e) comhaontuithe, bearta agus uirlisí idirnáisiúnta ábhartha a chur chun feidhme chun iascaireacht ***NNN*** a chosc, a dhíspreagadh agus a dhíothú ***agus bearta agus uirlisí chun an tionchar ar an gcomhshaol a íoslaghdú, go háirithe i gcás éin mhara, mamaigh farraige agus turtair mhara a ghabháil de thaisme***; |

**Leasuithe 249 agus 300**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 45 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Airteagal 45a*** |
| | ***Na haigéin a ghlanadh*** |
| | ***Le CEMI, tacófar le cur chun feidhme gníomhaíochtaí lenar féidir gach cineál dramhaíola agus, mar ábhar tosaíochta, plaistigh, 'ilchríocha plaisteach' agus dramhaíl ghuaiseach nó radaighníomhach a ghlanadh as na farraigí agus as na haigéin*** |

**Leasú 250**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 46 – mír 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***2a. Cuirfear dlús le nósanna imeachta íocaíochta a bhaineann leis an Rialachán seo chun an t-ualach eacnamaíoch ar iascairí a laghdú. Déanfaidh an Coimisiún meastóireacht ar an bhfeidhmíocht reatha chun dlús a chur leis an bpróiseas íocaíochta agus feabhas a chur air.*** |

**Leasú 251**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 47 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Déanfar oibríochtaí measctha faoi CEMI a chur chun feidhme i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. [Rialachán maidir le InvestEU] agus Teideal X de Rialachán (AE) Uimh. [Rialachán maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme i ndáil le buiséad ginearálta an Aontais]. | Déanfar oibríochtaí measctha faoi CEMI a chur chun feidhme i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. [Rialachán maidir le InvestEU] agus Teideal X de Rialachán (AE) Uimh. [Rialachán maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme i ndáil le buiséad ginearálta an Aontais]. ***Sna ceithre mhí tar éis an Rialachán seo a fhoilsiú san Iris Oifigiúil, tíolacfaidh an Coimisiún sraith treoirlínte mionsonraithe do na Ballstáit chun oibríochtaí cumaisc a chur chun feidhme i gcláir oibríochtúla náisiúnta i gcomhréir le CEMI, agus aird ar leith á tabhairt ar oibríochtaí arna ndéanamh ag gníomhaithe áitiúla i bhforbairt áitiúil.*** |

**Leasú 252**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 48 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Déanfar an mheastóireacht eatramhach ar an tacaíocht faoi Theideal III ach a mbeidh faisnéis leordhóthanach ar fáil faoina cur chun feidhme, ach tráth nach faide ná ceithre bliana ó thosach chur chun feidhme na tacaíochta. | 2. Déanfar an mheastóireacht eatramhach ar an tacaíocht faoi Theideal III ach a mbeidh faisnéis leordhóthanach ar fáil faoina cur chun feidhme, ach tráth nach faide ná ceithre bliana ó thosach chur chun feidhme na tacaíochta. ***Tabharfar an measúnú sin i bhfoirm tuairisce ón gCoimisiún agus soláthrófar ann measúnú mionsonraithe ar gach gné sonrach den chur chun feidhme.*** |

**Leasú 253**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 48 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. Cuirfidh an Coimisiún ***torthaí na*** meastóireachtaí ***chomh maith lena bharúlacha féin,*** in iúl do Pharlaimint na hEorpa, don Chomhairle, do Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus do Choiste na Réigiún. | 4. Cuirfidh an Coimisiún in iúl do Pharlaimint na hEorpa, don Chomhairle, do Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus do Choiste na Réigiún ***torthaí na meastóireachtaí dá dtagraítear i mír 2 agus mír 3***. |

**Leasú 254**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 48 – mír 4 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***4a. De réir mar is iomchuí, féadfaidh an Coimisiún leasuithe ar an Rialachán seo a mholadh ar bhonn na tuarascála dá dtagraítear i mír 2.*** |

**Leasú 255**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 51 – mír 2 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) eintitis dhlíthiúla arna mbunú i mBallstát nó i dtríú tír a liostaítear sa chlár oibre faoi na coinníollacha a shonraítear i míreanna 3 agus 4; | (a) eintitis dhlíthiúla arna mbunú i mBallstát, ***i dtír nó críoch thar lear*** nó i dtríú tír, a liostaítear sa chlár oibre faoi na coinníollacha a shonraítear i míreanna 3 agus 4; |

**Leasú 256**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 51 – mír 2 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|

| | |
|---|---|
| (b) aon eintiteas dlíthiúil a bunaíodh faoi dhlí an Aontais nó faoi aon eagraíocht idirnáisiúnta. | (b) aon eintiteas dlíthiúil a bunaíodh faoi dhlí an Aontais***, lena n-áirítear eagraíochtaí gairmiúla*** nó faoi aon eagraíocht idirnáisiúnta. |

**Leasú 257**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 53 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. I gcás ina ndéanfar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal ***4*** de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011. | 2. I gcás ina ndéanfar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal ***5*** de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011. |

**Leasú 258**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Iarscríbhinn I – colún 1 - ró 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Rannchuidiú le slándáil bia san Aontas tríd an dobharshaothrú agus trí mhargaí iomaíocha agus inbhuanaithe | Rannchuidiú le slándáil bia san Aontas trí ***iascach,*** tríd an dobharshaothrú agus trí mhargaí atá iomaíocha agus inbhuanaithe |

**Leasú 259**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Iarscríbhinn I – colún 1 - ró 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| An fás sa gheilleagar gorm inbhuanaithe a éascú agus pobail rathúla a chothú cois cósta | An fás sa gheilleagar gorm inbhuanaithe a éascú agus pobail rathúla a chothú cois cósta ***agus ar oileáin*** |

**Leasú 260**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Iarscríbhinn I – colún 2 - ró 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| An méadú ar bhrabúsacht chabhlach iascaireachta an Aontais | An méadú ar bhrabúsacht chabhlach iascaireachta an Aontais ***agus ar fhostaíocht*** |

**Leasú 261**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Iarscríbhinn I – colún 2 - ró 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***An dromchla atá i*** suíomhanna Natura 2000 agus i gceantair mhara faoi chumhdach nach iad faoin Treoir Réime um Straitéis Mhuirí (TRSM) a bhfuil cumhdach, athchóiriú agus bearta athshlánaithe á gclúdach ann | ***An leibhéal comhlíonta leis na cuspóirí comhshaoil arna mbunú leis an bPlean Gníomhaíochta maidir le Caomhnú na Muirthimpeallachta i gcomhréir leis an Treoir Réime um Straitéis Mhuirí (TRSM) nó, mura bhfuil sé sin ann, torthaí dearfacha suntasacha*** i láithreáin Natura 2000, agus i limistéir mhuirí faoi chosaint faoi TRSM, a bhfuil cosaint, athchóiriú agus bearta athshlánaithe á gcumhdach ann |

**Leasú 262**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Iarscríbhinn I – roinn 2 – ró 6 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***An méadú ar bhrabúsacht chabhlach iascaireachta an Aontais agus an fhostaíocht*** |

**Leasú 263**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Iarscríbhinn II – roinn 3 – colún 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***75%*** | ***85%*** |

**Leasú 264**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Iarscríbhinn II – ró 11**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

| | | | |
|---|---|---|---|
| 2 | Airteagal 23<br>An dobharshaothrú | 2.1 | ***75%*** |

*Leasú*

| | | | |
|---|---|---|---|
| 2 | Airteagal 23<br>An dobharshaothrú | 2.1 | ***85***% |
| | ***Iascach*** | ***2.1*** | ***75%*** |

**Leasú 265**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Iarscríbhinn II – ró 11 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

| | | | |
|---|---|---|---|
| ***2*** | ***Airteagal 23 a*** <br> ***Líonra Faisnéise Staidrimh um Dhobharshaothrú*** | ***X*** | ***75%*** |

**Leasú 266**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Iarscríbhinn II – ró 12**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

| | | | |
|---|---|---|---|
| ***2*** | Airteagal 24 <br> Margaíocht na dtáirgí iascaireachta agus na dtáirgí dobharshaothraithe | ***2.1*** | 75% |

*Leasú*

| | | | |
|---|---|---|---|
| ***3*** | Airteagal 24<br><br>Margaíocht na dtáirgí iascaireachta agus na dtáirgí dobharshaothraithe | ***3.1*** | 75% |

**Leasú 267**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Iarscríbhinn II – ró 13**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

| | | | |
|---|---|---|---|
| ***2*** | Airteagal 25<br><br>Próiseáil na dtáirgí iascaireachta agus na dtáirgí dobharshaothraithe | ***2.1*** | 75% |

*Leasú*

| | | | |
|---|---|---|---|
| ***3*** | Airteagal 25<br><br>Próiseáil na dtáirgí iascaireachta agus na dtáirgí dobharshaothraithe | ***3.1*** | 75% |

**Leasú 268**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Iarscríbhinn III – ró 2 – colún 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***30%*** | ***55%*** |

**Leasú 269**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Iarscríbhinn III – ró 6 – colún 2**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

Oibríochtaí atá lonnaithe ar Oileáin iargúlta na Gréige agus ar oileán Dugi Otok, Vis, Mljet agus Lastovo sa Chróit

*Leasú*

Oibríochtaí atá lonnaithe ar Oileáin iargúlta ***na hÉireann,*** na Gréige agus ar oileán Dugi Otok, Vis, Mljet agus Lastovo sa Chróit

**Leasú 270**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Iarscríbhinn III – ró 17 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | | |
|---|---|---|
| | *Leasú* | |
| ***16a*** | ***Oibríochtaí a dhéanann tairbhithe tionscadal comhchoiteann*** | ***60%*** |

**Leasú 271**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Iarscríbhinn III – ró 17 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | | |
|---|---|---|
| | *Leasú* | |
| ***16b*** | ***Oibríochtaí a dhéanann eagraíocht idirchraoibhe, eagraíocht táirgeoirí nó comhlachas eagraíochta táirgeoirí*** | ***75%*** |

**Leasú 272**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Iarscríbhinn IV – roinn 9 – colún 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***40%*** | ***50%*** |

**Leasú 273**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Iarscríbhinn IV – ró 11 a (nua)**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

| | | | |
|---|---|---|---|
| ***Airteagal 22a Taighde eolaíoch agus bailiú sonraí ar an tionchar a bhíonn ag éin imirceacha ar an dobharshaothrú*** | ***2.1*** | ***0%*** | ***100%*** |

**Leasú 274**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Iarscríbhinn IV – ró 13 – colún 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***40%*** | ***75%*** |

**Leasú 275**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Iarscríbhinn IV – ró 14 – colún 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***0%*** | ***20%*** |